Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10178/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0351 (COD)**

**COSI 152**
**FRONT 175**
**ASIM 78**
**DAPIX 195**
**ENFOPOL 324**
**ENFOCUSTOM 126**
**SIRIS 65**
**SCHENGEN 26**
**DATAPROTECT 132**
**VISA 153**
**FAUXDOC 49**
**COPEN 215**
**JAI 655**
**CT 113**
**CSCI 88**
**SAP 13**
**COMIX 326**
**CODEC 1078**
**IA 211**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 478 final |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh (teorainneacha agus víosaí) agus lena leasaítear Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán ETIAS], Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann] agus Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán eu-LISA] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 478 final.

Faoi iamh: COM(2018) 478 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2018
COM(2018) 478 final

2017/0351 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh (teorainneacha agus víosaí) agus lena leasaítear Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán ETIAS], Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann] agus Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán eu-LISA]**

{SWD(2017) 473 final} - {SWD(2017) 474 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

**Is é an cuspóir atá leis an togra seo leasú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún Nollaig 2017[1] le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh (teorainneacha agus víosaí) agus lena leasaítear Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, Rialachán (AE) 2016/399 agus Rialachán (AE) 2017/2226. Leis an togra seo, faoi Chaibidil IX, ní fhéachtar leis an togra bunaidh a leasú ach a mhéid agus a thíolacann sé na leasuithe is gá i dtaca le hionstraimí dlí eile is gá faoin togra maidir le hidir-inoibritheacht. Sainaithníodh na leasuithe sin mar leasuithe riachtanacha ar an togra bunaidh ach, de bharr caibidlíocht leanúnach idir comhreachtóirí faoi chuid de na córais a bhaineann le hábhar, ní rabhthas in ann na leasuithe riachtanacha a chur san áireamh sa togra bunaidh. Ceanglaíodh leis na hionstraimí a bhí beartaithe go dtabharfaí an Ráiteas Airgeadais Reachtach cothrom le dáta dá thoradh sin.**

### • Cúlra an togra

Le trí bliana anuas, tháinig méadú ar líon na dtrasnuithe neamhrialta san Aontas Eorpach agus tá bagairt mhéadaithe leanúnach ann don tslándáil inmheánach faoi mar is léir ó na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh ceann i ndiaidh a chéile i gcaitheamh na tréimhse sin. Bíonn coinne ag saoránaigh den Aontas go mbeidh na rialuithe a dhéantar ar dhaoine ag na teorainneacha seachtracha, agus na seiceálacha a dhéantar i limistéar Schengen, éifeachtach, agus go mbeifear in ann bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar imirce agus cur leis an tslándáil inmheánach mar gheall orthu sin. De dheasca na ndúshlán sin, is ríléir gur gá uirlisí faisnéise an Aontais i gcomhair bainistiú teorainneacha, imirce agus slándála a cheangal le chéile agus a neartú go cuimsitheach.

Is féidir, agus ní mór, faisnéis a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla san Aontas, le lánurraim do chearta bunúsacha lena n-áirítear go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, d'fhonn cosaint níos fearr a thabhairt do theorainneacha seachtracha an Aontais, bainistiú imirce a fheabhsú agus cur leis an tslándáil inmheánach chun leas na saoránach uile. Tá roinnt mhaith córais faisnéise i bhfeidhm cheana ar leibhéal an Aontais, agus tá tuilleadh córas á bhforbairt chun faisnéis ábhartha faoi dhaoine a sholáthar do ghardaí teorann, d'oifigigh inimirce agus d'oifigigh forfheidhmithe dlí. Ionas go mbeidh an tacaíocht sin éifeachtach, ní mór an fhaisnéis a thugtar i gcórais faisnéise an Aontais a bheith iomlán, cruinn agus iontaofa. Mar sin féin, tá easnaimh struchtúracha in ailtireacht bainistithe faisnéise an Aontais. Bíonn ar údaráis náisiúnta dul i ngleic le teaglaim chasta córas faisnéise a rialaítear ar bhealaí éagsúla. Thairis sin, tá an ailtireacht bainistithe sonraí le haghaidh teorainneacha agus slándála ilroinnte, ós rud é go ndéantar faisnéis a stóráil go leithleach i gcórais nach bhfuil aon nasc eatarthu. Caochspotaí a bhíonn mar thoradh air sin. Dá thoradh sin, **níl na córais faisnéise éagsúla ar leibhéal an Aontais idir-inoibritheach i láthair na huaire** — is é sin, ní féidir sonraí a mhalartú ná faisnéis a chomhroinnt eatarthu ionas go mbeadh an fhaisnéis atá de dhíth ar údaráis agus ar oifigigh inniúla ina seilbh acu tráth a dteastaíonn sí uathu agus mar a dteastaíonn sí uathu. Is féidir le hidir-inoibritheacht córas faisnéise ar leibhéal an Aontais a bheith ina cuidiú mór chun fáil réidh leis na caochspotaí atá ann faoi láthair, inar féidir daoine, iad siúd a bhféadfadh baint a bheith acu le

[1] **COM(2017) 793 final.**

gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta san áireamh, a thaifeadadh faoi ailiasanna éagsúla i mbunachair sonraí éagsúla nach bhfuil aon nasc eatarthu.

I mí Aibreáin 2016, thíolaic an Coimisiún **Teachtaireacht *Stronger and Smarter Information Systems for Borders and Security*[2] [Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil]** chun aghaidh a thabhairt ar líon easnamh struchtúrtha a bhaineann le córais faisnéise[3]. Bhí sé mar aidhm ag an Teachtaireacht ó mhí Aibreáin 2016 tús a chur le plé faoin gcaoi a bhféadfadh córais faisnéise san Aontas Eorpach bainistiú teorainneacha agus imirce agus an tslándáil inmheánach a fheabhsú. Ar an dóigh chéanna, d'aithin **an Chomhairle** óna taobh féin de, gur ghá beart a dhéanamh go práinneach sa réimse seo. I mí an Mheithimh 2016, d'fhormhuinigh sí **treochlár chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an mbainistiú faisnéise** lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile[4]. Is é a bhí mar chuspóir ag an treochlár tacú le himscrúduithe oibríochtúla agus faisnéis chuimsitheach, théamach agus ardcháilíochta a sholáthar do chleachtóirí túslíne — amhail póilíní, gardaí teorann, ionchúisitheoirí poiblí, oifigigh inimirce agus daoine eile — ionas go bhféadfaidís oibriú i gcomhar le chéile go héifeachtach. Mhol **Parlaimint na hEorpa** beart práinneach a dhéanamh sa réimse seo freisin. Sa Rún uaithi[5] ó mhí Iúil 2016 maidir le clár oibre an Choimisiún do 2017, d'iarr Parlaimint na hEorpa moltaí chun na córais faisnéise atá ag an Aontas Eorpach cheana a fheabhsú agus a fhorbairt, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san fhaisnéis agus chun idir-inoibritheacht na gcóras sin a bhaint amach, chomh maith le moltaí i dtaca le comhroinnt éigeantach faisnéise ar leibhéal an Aontais, a mbeadh na coimircí cosanta sonraí riachtanacha ag gabháil léi. San aitheasc a thug an tUachtarán Juncker faoi Staid an Aontais i mí Mheán Fómhair 2016[6] agus i gconclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí na Nollag 2016[7], leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis na heasnaimh atá anois ann i mbainistiú faisnéise a shárú agus le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise atá ann cheana.

I mí an Mheithimh 2016, ag eascairt as an Teachtaireacht ó mhí Aibreáin 2016, chuir an Coimisiún **sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht**[8] ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhlíthúla, theicniúla agus oibríochtúla a bhaineann le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht idir larchórais an Aontais le haghaidh teorainneacha agus slándála, lena n-áirítear riachtanas, féidearthacht theicniúil agus comhréireacht na gcóras sin agus na himpleachtaí a bheadh ag gabháil leo ó thaobh cosaint sonraí de. Foilsíodh **tuarascáil chríochnaitheach** an tsainghrúpa ardleibhéil i mí na Bealtaine 2017[9]. Leagadh amach sa tuarascáil sin réimse moltaí chun córais faisnéise an Aontais agus idir-inoibritheacht na gcóras sin a neartú agus a fhorbairt. Ghlac Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta

---

2 COM(2016) 205 an 6 Aibreán 2016.

3 (1) Feidhmiúlachtaí fo-optamacha i roinnt de na córais faisnéise atá ann cheana; (2) bearnaí eolais in ailtireacht bainistithe sonraí an Aontais; (3) teaglaim chasta córas faisnéise a rialaítear ar bhealaí éagsúla; agus (4) ailtireacht ilroinnte bainistithe sonraí le haghaidh teorainneacha agus slándála ina ndéantar faisnéis a stóráil go leithleach i gcórais nach bhfuil aon nasc eatarthu as a dtagann caochspotaí.

4 Treochlár an 6 Meitheamh 2016 chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an mbainistiú faisnéise lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile — 9368/1/16 REV 1.

5 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2016 maidir leis na tosaíochtaí straitéise do Chlár Oibre an Choimisiúin 2017 (2016/2773(RSP).

6 Staid an Aontais 2016 (14.9.2016), https://ec.europa.eu/commission/state-union-2016_ga.

7 Conclúidí ón gComhairle Eorpach (15.12.2016), http://www.consilium.europa.eu/en/meetings/european-council/2016/12/20161215-euco-conclusions-final_pdf/.

8 Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2016 lena gcuirtear sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht ar bun — 2016/C 257/03.

9 http://ec.europa.eu/transparency/regexpert/index.cfm?do=groupDetail.groupDetailDoc&id=32600&no=1.

Bunúsacha, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh páirt in obair an tsainghrúpa. Chuir siad ar fad ráitis tacaíochta isteach, cé gur admhaigh siad gur ghá aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna eile i dtaca le cearta bunúsacha agus cosaint sonraí agus dul chun cinn á dhéanamh. Bhí ionadaithe Rúnaíocht Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus Ardrúnaíocht na Comhairle i láthair mar bhreathnóirí. Ba é conclúid an tsainghrúpa ardleibhéil gur **ghá agus gurbh indéanta go teicniúil féachaint le réitigh phraiticiúla a fháil maidir le hidir-inoibritheacht** agus go bhféadfadh na réitigh sin, i bprionsabal, gnóthachain oibríochtúla a sholáthar, agus san am céanna go bhféadfaí iad a shuí i gcomhréir le ceanglais cosanta sonraí.

Ar bhonn thuarascáil agus mholtaí an tsainghrúpa, leag an Coimisiún cur chuige nua i leith bainistiú sonraí amach sa *Seachtú tuarascáil ar dhul chun cinn i dtreo aontas slándála éifeachtach dílis,*[10] **cur chuige nua i leith bainistiú sonraí** i dtaca le teorainneacha, slándáil agus bainistiú imirce, ina mbeadh córais faisnéise láraithe uile an Aontais um shlándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce idir-inoibritheach agus ina mbeidís á bhfeidhmiú le lánurraim do na cearta bunúsacha. D'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige obair a dhéanamh chun tairseach cuardaigh Eorpach a chruthú ionas go bhféadfaí na córais ábhartha uile de chuid an Aontais a chuardach san am céanna sa réimse slándála, teorainneacha agus bainistithe imirce, agus rialacha níos cuíchóirithe a leagan síos maidir le rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha a fhorbairt (a bhféadfadh feidhmiúlacht na brataí amais a bheith aici[11]) mar aon le stóras coiteann sonraí céannachta le haghaidh na gcóras sin. D'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige togra reachtach maidir le hidir-inoibritheacht a thíolacadh a luaithe is féidir.

Athdhearbhaíodh i gconclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí an Mheithimh 2017[12] gur gá beart a dhéanamh. Ar bhonn na gconclúidí[13] a ghlac an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí an Mheithimh 2017, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún dréachtreachtaíocht a ullmhú, a luaithe ab fhéidir, chun na moltaí a rinne an sainghrúpa ardleibhéil a achtú. Is freagairt é an tionscnamh seo ar ghlao na Comhairle ar chreat cuimsitheach le haghaidh rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar na bunachair sonraí éagsúla i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile, d'fhonn cur le simpliú, le comhsheasmhacht agus le héifeachtacht riachtanas oibríochtúil agus chun cur leis an aird a thugtar orthu[14]. Chun na hiarrachtaí atá á ndéanamh lena áirithiú go mbeidh sochaí an Aontais níos sláine, le lánurraim do na cearta bunúsacha san am céanna, d'fhógair an Coimisiún, i gcomhthéacs an Chláir Oibre le haghaidh 2018[15], togra maidir le hidir-inoibritheacht córas faisnéise a bheidh le tíolacadh faoi dheireadh 2017.

---

10 COM(2017) 261 final.

11 Coincheap nua i dtaobh príobháideacht trí dhearadh a chuireann srian le rochtain ar na sonraí uile trína teorannú d'fhógra 'amas/gan amas' a léiríonn gurb ann (nó nach ann) do shonraí agus sin amháin.

12 Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 22-23 Meitheamh 2017.

13 Torthaí an 3546ú cruinniú de chuid na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 8 agus an 9 Meitheamh 2017, 10136/17.

14 Tráth a thug Coiste Buanionadaithe na Comhairle (Coreper) an sainordú d'Uachtaránacht na Comhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach faoi chóras dul isteach/imeachta an Aontais an 2 Márta 2017, tháinig sé ar chomhaontú maidir le dréachtráiteas ón gComhairle inar iarradh ar an gCoimisiún creat cuimsitheach a mholadh le haghaidh rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar na bunachair sonraí éagsúla i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile, d'fhonn cur le simpliú, le comhsheasmhacht agus le héifeachtacht riachtanas oibríochtúil agus chun cur leis an aird a thugtar orthu (Taifead Achomair 7177/17, 21.3.2017).

15 COM(2017) 650 final.

- **Cuspóirí an togra**

Eascraíonn cuspóirí ginearálta an tionscnaimh seo as na spriocanna conradhbhunaithe a bhaineann le bainistiú theorainneacha seachtracha limistéar Schengen a fheabhsú agus le cur le slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh. Eascraíonn siad freisin as cinntí beartais a rinne an Coimisiún agus as conclúidí ábhartha de chuid na Comhairle (Eorpaí). Déantar na cuspóirí sin a mhionléiriú sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce agus i dteachtaireachtaí dá éis sin, mar shampla an Teachtaireacht chun Schengen a chaomhnú agus a neartú,[16] an Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil[17] agus obair an Choimisiúin agus na tuarascálacha ar dhul chun cinn dá chuid i dtreo aontas slándála éifeachtach dílis[18].

Cé go bhfuil cuspóirí an togra seo bunaithe go háirithe ar an Teachtaireacht ó mhí Aibreáin 2016 agus ar thorthaí an tsainghrúpa ardleibhéil, tá siad nasctha go dlúth lena bhfuil thuas.

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an togra seo:

(1) a áirithiú go mbeidh **rochtain thapa, rianúil, chórasach agus rialaithe** ag úsáideoirí deiridh, go háirithe gardaí teorann, oifigigh forfheidhmithe dlí, oifigigh inimirce agus údaráis bhreithiúnacha, ar an bhfaisnéis atá de dhíth orthu chun a gcuid cúraimí a dhéanamh;

(2) réiteach a sholáthar chun **an iliomad céannachtaí a bhrath** atá nasctha leis an tacar céanna sonraí bithmhéadracha agus dhá chuspóir ag baint leis sin, is iad sin ceart-sainaithint daoine *bona fide* a áirithiú agus **calaois chéannachta a chomhrac**;

(3) **seiceálacha céannachta ar náisiúnaigh tríú tír** a éascú d'údaráis phóilíneachta ar chríoch Ballstáit; agus

(4) **rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar chórais faisnéise nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a éascú** agus a chuíchóiriú ar leibhéal an Aontais, i gcás inar gá chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh.

I dteannta na bpríomhchuspóirí oibríochtúla sin, beidh an togra seo ina chúnamh freisin maidir leis an méid seo a leanas:

- **cur chun feidhme** teicniúil agus oibríochtúil córas faisnéise atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a éascú do na Ballstáit;
- **na coinníollacha slándála sonraí agus cosanta sonraí** lena rialaítear na córais ábhartha a neartú agus a chuíchóiriú; agus
- **ceanglais cáilíochta sonraí** na gcóras ábhartha a fheabhsú agus a chomhchuibhiú.

Ar deireadh, cuirtear forálacha san áireamh sa togra seo maidir leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta a bhunú agus a rialáil mar chaighdeán de chuid an Aontais chun córais faisnéise a fhorbairt i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile agus chun lárstóras um thuairisciú agus staidrimh a bhunú.

[16] COM(2017)570 final.
[17] COM(2015)185 final.
[18] COM(2016)230 final.

- **Raon feidhme an togra**

Mar aon leis an gcomhthogra a tíolacadh an lá céanna, dírítear sa togra seo maidir le hidir-inoibritheacht ar chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh um shlándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce a oibrítear ar leibhéal lárnach, a bhfuil trí cinn díobh i bhfeidhm cheana, a bhfuil ceann amháin acu ar tí a fhorbartha, agus a bhfuil dhá cheann eile ag céim na dtograí atá faoi chaibidil ag na comhreachtóirí faoi láthair. Tá a chuid cuspóirí, críoch, bunús dlí, rialacha, grúpaí úsáideoirí agus comhthéacs institiúide féin ag gach córas.

Seo a leanas na trí chóras faisnéise láraithe atá i bhfeidhm go n-uige seo:

- **Córas Faisnéise Schengen (SIS)** ina bhfuil raon leathan foláireamh i dtaca le daoine (a bhaineann le diúltú dul isteach nó fanachta, barántas gabhála de chuid an Aontais, daoine atá ar iarraidh, cúnamh i gcás nós imeachta breithiúnach, seiceálacha discréideacha agus sonracha) agus i dtaca le hábhair (doiciméid taistil nó céannachta a cailleadh, a goideadh nó atá neamhbhailí)[19];
- **Eurodac**, córas ina bhfuil sonraí méarlorg iarrthóirí tearmainn agus náisiúnach tríú tír a thrasnaigh na teorainneacha seachtracha go neamhrialta nó atá ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát; agus
- **an Córas Faisnéise Víosaí (VIS)** ina bhfuil sonraí faoi víosaí gearrfhanachta.

I dteannta na gcóras sin atá ann cheana, mhol an Coimisiún in 2016-2017 trí chóras faisnéise láraithe nua don Aontas:

- **an córas dul isteach/imeachta (EES)**: táthar tar éis teacht ar chomhaontú maidir le bunús dlí an chórais seo. Cuirfear in ionad an chórais atá ann maidir le pasanna a stampáil de láimh é agus déanfar na nithe seo a leanas a chlárú go leictreonach i dtaca le náisiúnaigh tríú tír a thabharfaidh cuairt ar limistéar Schengen ar feadh tréimhse gearrfhanachta: an t-ainm, an cineál doiciméid taistil, sonraí bithmhéadracha agus an dáta agus an t-am a mbeidh siad ag dul isteach agus ag imeacht;
- **Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)**: córas atá beartaithe a bheadh ina chóras uathoibrithe den chuid is mó, a luaithe a ghlacfaí é, trína bhféadfaí faisnéis a bhailiú agus a fhíorú, faisnéis a thíolacfadh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa sula dtaistealóidís chuig limistéar Schengen; agus
- **an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla do náisiúnaigh tríú tír (an córas ECRIS-TCN)**: córas atá beartaithe a bheadh ina chóras leictreonach chun faisnéis a mhalartú faoi chiontuithe a bheadh tugtha roimhe sin ag cúirteanna coiriúla san Aontas i gcoinne náisiúnaigh tríú tír.

Tá na sé chóras sin ag teacht le chéile agus — cé is moite de Chóras Faisnéise Schengen (SIS) — tá siad dírithe go heisiach ar náisiúnaigh tríú tír. Tugtar tacaíocht do na húdaráis náisiúnta trí mheán na gcóras sin chun teorainneacha, cúrsaí imirce, próiseáil víosaí agus cúrsaí tearmainn a bhainistiú, agus chun coireacht agus sceimhlitheoireacht a chomhrac. Baineann

[19] I ndréacht-Rialacháin an Choimisiúin ó mhí na Nollag 2016 maidir le SIS, moltar an raon sin a leathnú le cinntí um fhilleadh agus seiceálacha fiosrúcháin a chur san áireamh.

an comhrac i gcoinne coireachta agus sceimhlitheoireachta le SIS go háirithe, atá ar an uirlis is mó úsáid i láthair na huaire chun faisnéis i dtaca le forfheidhmiú an dlí a chomhroinnt.

I dteannta na gcóras faisnéise sin, a bhainistítear go lárnach ar leibhéal an Aontais, áirítear i raon feidhme an togra seo bunachar sonraí **Interpol** ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh, bunachar a dhéantar a chuardach go córasach, de bhun fhorálacha Chód Teorainneacha Schengen, ag teorainneacha seachtracha an Aontais, agus bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí. Cumhdaítear sonraí **Europol** faoina raon feidhme freisin, a mhéid is ábhartha chun an córas ETIAS atá beartaithe a fheidhmiú agus chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus sonraí faoi choireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht á gcuardach.

Ní thagann córais faisnéise náisiúnta agus córais faisnéise dhíláraithe an Aontais faoi raon feidhme an tionscnaimh seo. Ar choinníoll go léireofar gur gá sin, féadfar córais dhíláraithe amhail na córais a oibrítear faoi chreat Prüm,[20] faoin Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí[21] agus faoin Treoir maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí[22] a cheangal tráth is faide anonn le ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna atá beartaithe faoin tionscnamh seo[23].

Chun idirdhealú a dhéanamh idir na hábhair ar forbairt ar acquis Schengen iad maidir le teorainneacha agus víosaí, ar lámh amháin, agus córais eile a bhaineann le acquis Schengen maidir le comhar póilíneachta nó nach bhfuil baint acu le acquis Schengen ar an lámh eile, pléitear sa togra seo le rochtain ar an gCóras Faisnéise Víosaí, ar Chóras Faisnéise Schengen arna rialáil faoi láthair ag Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, ar an gcóras dul isteach agus imeachta agus ar Chóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil.

- **Na comhpháirteanna teicniúla is gá chun idir-inoibritheacht a bhaint amach**

Chun cuspóirí an togra seo a bhaint amach, ní mór ceithre chomhpháirt idir-inoibritheachta a leagan síos:

- Tairseach cuardaigh Eorpach
- Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha
- Stóras coiteann sonraí céannachta
- Brathadóir ilchéannachtaí

Cuirtear síos go mion ar gach ceann de na comhpháirteanna sin sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo.

Is é seo an réiteach idir-inoibritheachta a thagann as na ceithre chomhpháirt sin:

[20] http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1508936184412&uri=CELEX:32008D0615.
[21] http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1508936384641&uri=CELEX:32016L0681.
[22] Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl.
[23] Ar an dóigh chéanna, maidir leis na córais chustaim, d’iarr an Chomhairle ina conclúidí ó mhí an Mheithimh 2017 ar an gCoimisiún staidéar féidearthachta a dhéanamh chun na gnéithe teicniúla, oibríochtúla agus dlíthiúla a bhaineann le hidir-inoibritheacht na gcóras bainistithe slándála agus teorainneacha leis na córais chustaim a fhiosrú a thuilleadh, agus a chuid torthaí a chur faoi bhráid na Comhairle le go bpléifear iad faoi dheireadh 2018.




Is féidir achoimre a dhéanamh ar chuspóirí agus feidhmiú na gceithre chomhpháirt sin mar seo a leanas:

(1) Is í **an tairseach cuardaigh Eorpach** an chomhpháirt trína bhféadfaí iliomad córas a chuardach san am céanna (SIS Láir, Eurodac, VIS, an córas EES a bheidh ann amach anseo, an córas ETIAS atá beartaithe maille leis an gcóras ECRIS-TCN atá beartaithe, mar aon leis na córais ábhartha de chuid Interpol agus Europol) agus úsáid á baint as sonraí céannachta (idir shonraí beathaisnéiseacha agus sonraí bithmhéadracha). Dhéanfaí deimhin de leis an tairseach sin go mbeadh rochtain thapa, rianúil, éifeachtúil, chórasach agus rialaithe ag úsáideoirí chórais faisnéise an Aontais ar an bhfaisnéis uile atá de dhíth uathu chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh.

Ach cuardach a dhéanamh sa tairseach cuardaigh Eorpach, gheobhadh an t-úsáideoir faisnéis faoi cheann cúpla soicind ó na córais éagsúla a bhfuil rochtain dlí aige orthu. Ag brath ar chuspóir an chuardaigh, agus na cearta rochtana comhfhreagracha, thabharfaí cumraíochtaí sonracha don tairseach cuardaigh Eorpach.

Ní dhéanann an tairseach cuardaigh Eorpach aon sonraí nua a phróiseáil ná aon sonraí a stóráil; ghníomhódh sí mar fhuinneog aonair nó "bróicéir teachtaireachtaí" chun lárchórais éagsúla a chuardach agus an fhaisnéis atá riachtanach a aisghabháil go rianúil, agus ghníomhódh sí amhlaidh le lánurraim do na ceanglais maidir le rialú rochtana agus cosaint sonraí a bhaineann leis na córais fholuiteacha. Is fearr a d'fhéadfaí úsáid cheart údaraithe a bhaint as gach ceann de na córais faisnéise de chuid an Aontais atá ann cheana a bhuí leis an tairseach cuardaigh Eorpach agus d'fhágfadh sin go mbeadh na Ballstáit in ann na córais a cheadú agus a úsáid go héasca ar bheagán costas, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais sin.

(2) Tríd **an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha**, bheifí in ann sonraí bithmhéadracha a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile (méarloirg agus íomhánna den aghaidh) ó lárchórais éagsúla (go háirithe, SIS, Eurodac, VIS, an córas EES a bheidh ann amach anseo agus an córas ECRIS-TCN atá beartaithe). Ós rud é nach mbeidh sonraí bithmhéadracha sa chóras ETIAS atá beartaithe, ní bheadh sé nasctha leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.

Ós rud é go bhfuil inneall cuardaigh tiomnaithe dílsithe le haghaidh sonraí bithmhéadracha ag gach lárchóras atá ann cheana (SIS, Eurodac, VIS), sholáthródh seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha[24] ardán coiteann ina ndéanfaí na sonraí a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile san am céanna. Ba shuntasach na tairbhí a bhainfeadh leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ó thaobh slándála, costais, caomhnú agus oibriú de trí dhul ar iontaoibh comhpháirt theicneolaíoch uathúil amháin seachas cúig chomhpháirt éagsúla. Ba sna córais fholuiteacha, agus sna córais sin amháin, a choinneofaí na sonraí bithmhéadracha (méarloirg agus íomhánna den aghaidh). Chruthódh an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha léiriú matamaiticiúil ar na samplaí bithmhéadracha (teimpléad), agus choinneofaí sa tseirbhís é, ach gheofaí réidh leis na sonraí féin; leanfaí de bheith á stóráil, dá bhrí sin, aon uair amháin i suíomh amháin.

Bheadh ról lárnach ag an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chun naisc a bhrath idir tacair sonraí agus céannachtaí éagsúla a mbeadh seilbh glactha ag an duine céanna orthu i lárchórais éagsúla. Murarbh ann do sheirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, ní bheadh aon cheann de na trí chomhpháirt eile in ann feidhmiú.

Bheadh **an stóras coiteann sonraí céannachta** ina chomhpháirt chomhroinnte chun sonraí beathaisnéiseacha agus sonraí bithmhéadracha[25] céannachta a stóráil a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír a dhéanfaí a thaifeadadh in Eurodac, VIS, sa chóras EES a bheidh ann amach anseo, sa chóras ETIAS atá beartaithe agus sa chóras ECRIS-TCN atá beartaithe. Dhéanfaí sonraí bithmhéadracha maidir le daoine sonracha a thaifeadadh i ngach ceann de na cúig lárchóras sin ar chúiseanna sonracha. Ní thiocfadh aon athrú air sin. Dhéanfaí na sonraí céannachta ábhartha a stóráil sa stóras coiteann sonraí céannachta ach bheadh baint acu go fóill féin leis na córais fholuiteacha ábhartha ina mbeadh na sonraí sin taifeadta.

Ní bheadh sonraí SIS sa stóras coiteann sonraí céannachta. D'fhágfadh ailtireacht theicniúil chasta SIS ina mbeadh cóipeanna náisiúnta, cóipeanna náisiúnta páirteacha agus ina bhféadfadh córais meaitseála sonraí bithmhéadracha náisiúnta a bheith, go mbeadh an stóras coiteann sonraí céannachta chomh casta sin go mb'fhéidir nach mbeadh sé inmharthana ó thaobh cúrsaí teicniúla agus airgeadais de a thuilleadh.

Is é príomhchuspóir an stórais choitinn sonraí céannachta sainaithint bheathaisnéiseach náisiúnaigh tríú tír a éascú. Chuirfeadh sé dlús leis na hoibríochtaí agus feabhas ar éifeachtúlacht agus ar bharainneacht scála. Is gá an stóras coiteann sonraí céannachta a bhunú chun seiceálacha céannachta éifeachtacha a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear ar chríoch Ballstáit. Ina theannta sin, trí "fheidhmiúlacht na brataí amais" a chur leis an stóras coiteann sonraí céannachta, d'fhéadfaí a sheiceáil an ann (nó nach ann) do shonraí in aon cheann de na córais atá cumhdaithe ag an stóras coiteann sonraí céannachta trí fhógra simplí amais/gan amas. Ar an dóigh sin, bheadh an stóras coiteann sonraí céannachta ina chuidiú chun rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar chórais nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a chuíchóiriú, agus coimirce cosanta sonraí á

[24] Tagraítear do na hinnill chuardaigh bhithmhéadracha sin go teicniúil mar chóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg nó mar chóras uathoibrithe um shainaithint bithmhéadrach.
[25] Is iad na sna sonraí beathaisnéiseacha a bhíonn ar an doiciméad taistil: sloinne, céadainm, inscne, dáta breithe, uimhir an doiciméid taistil. Ní áirítear seoltaí, iar-ainmneacha, sonraí bithmhéadracha, etc.

cothabháil ar ardleibhéal (féach an roinn thíos faoin gcur chuige dhá chéim maidir le rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí).

I measc na gcúig chóras a bheadh á gcumhdach ag an stóras coiteann sonraí céannachta, ag an gcóras EES a bheidh ann, ag an gcóras ETIAS atá beartaithe agus ag an gcóras ECRIS-TCN atá beartaithe, tá córais nua is gá a fhorbairt go fóill. Níl sonraí beathaisnéiseacha sa chóras Eurodac atá i bhfeidhm faoi láthair; áireofar na sonraí sin a luaithe a ghlacfar an bunús dlí nua do Eurodac. Níl sonraí beathaisnéiseacha sa chóras VIS atá i bhfeidhm faoi láthair, ach is gá an córas sin a uasghrádú chun go mbeifear in ann na hidirghníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh idir VIS agus an córas EES a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, ba mhaith an tráth an stóras coiteann sonraí céannachta a chruthú. Ní dhéanfaí dúbláil ar bith ar na sonraí atá ann cheana. Ar bhonn teicniúil, dhéanfaí an stóras coiteann sonraí céannachta a fhorbairt bunaithe ar thairseach EES/ETIAS.

(4) Sheiceálfadh **an brathadóir ilchéannachtaí** cibé acu an ann nó nach ann do na sonraí céannachta arna gcuardach i mbreis is ceann amháin de na córais atá nasctha leis. Cumhdaíonn an brathadóir ilchéannachtaí na córais a stórálann sonraí céannachta sa stóras coiteann sonraí céannachta (Eurodac, VIS, an córas EES a bheidh ann amach anseo, an córas ETIAS atá beartaithe agus an córas ECRIS-TCN atá beartaithe) agus in SIS. Bheadh an brathadóir ilchéannachtaí in ann an iliomad céannachtaí atá nasctha leis an tacar céanna sonraí bithmhéadracha a bhrath, agus dhá chuspóir aige sin, is iad sin ceart-sainaithint daoine *bona fide* a áirithiú agus calaois chéannachta a chomhrac;

Bheifí in ann a shuí leis an mbrathadóir ilchéannachtaí go mbaineann ainmneacha éagsúla leis an gcéannacht chéanna. Is forbairt riachtanach é chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar úsáid chalaoiseach céannachtaí, ar sárú tromchúiseach ar an tslándáil é sin. Ní léireodh an brathadóir ilchéannachtaí ach na taifid bheathaisnéiseacha chéannachta sin a bhfuil nasc acu i lárchórais éagsúla. Dhéanfaí na naisc sin a bhrath tríd an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha a úsáid ar bhonn sonraí bithmhéadracha agus ba ghá don údarás a mbeadh na sonraí taifeadta aige sa chóras faisnéise ba chúis le cruthú an naisc iad a dheimhniú nó a dhiúltú. Chun cúnamh a thabhairt d'úsáideoirí údaraithe an bhrathadóra ilchéannachtaí leis an gcúram seo, ba ghá don chóras na naisc shainaitheanta a aicmiú i gceithre chatagóir:

- Nasc buí – céannachtaí beathaisnéiseacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an duine céanna
- Nasc bán – deimhniú go mbaineann na céannachtaí beathaisnéiseacha éagsúla leis an duine *bona fide* céanna
- Nasc uaine – deimhniú go ráiníonn an chéannacht bheathaisnéiseach chéanna a bheith ag daoine *bona fide* éagsúla
- Nasc dearg – amhras go bhfuil céannachtaí beathaisnéiseacha éagsúla á n-úsáid go neamhdhleathach ag an duine céanna.

Cuirtear síos sa togra seo ar na nósanna imeachta a chuirfí i bhfeidhm le déileáil leis na catagóirí éagsúla sin. Ba cheart céannacht daoine *bona fide* lena mbaineann a shoiléiriú a luaithe is féidir tríd an nasc buí a thiontú ina nasc uaine nó ina nasc bán deimhnithe lena áirithiú nach gcuirfí as d'aon duine gan chúis. Ar an lámh eile, i gcás ina ndeimhneofaí

nasc dearg nó athrú ó nasc buí go nasc dearg mar thoradh ar an measúnú, ba ghá beart iomchuí a dhéanamh.

• **An cur chuige dhá chéim maidir le rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí mar a fhoráiltear leis an stóras coiteann sonraí céannachta**

Is é an sainmhíniú atá ar fhorfheidhmiú an dlí cuspóir tánaisteach nó coimhdeach atá ag Eurodac, ag VIS, ag an gcóras EES a bheidh ann amach anseo agus ag an gcóras ETIAS atá beartaithe. Dá bharr sin, cuirtear srian leis an bhféidearthacht a bhaineann le rochtain a fháil ar shonraí atá stóráilte sna córais sin chun críche fhorfheidhmiú an dlí. Is féidir le húdaráis forfheidhmithe dlí na córais sin nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a cheadú go díreach chun na gcríoch seo a leanas agus chun na gcríoch seo amháin: sceimhlitheoireacht agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh. Thairis sin, déantar na córais ábhartha a rialáil le coinníollacha rochtana agus coimircí éagsúla agus d'fhéadfadh sé _go gcuirfí bac ar a thapúla_ a bhainfeadh na húdaráis sin úsáid dhlisteanach as na córais de dheasca roinnt de na rialacha sin atá ann faoi láthair. Tríd is tríd, mar gheall ar an bprionsabal a bhaineann le réamhchuardach, cuirtear teorainn le féidearthacht údarás na mBallstát na córais a cheadú chun críocha fhorfheidhmiú an dlí a bhfuil údar maith leo agus d'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, nach mbeadh faisnéis riachtanach á nochtadh dá bharr sin.

Ina Theachtaireacht ó mhí Aibreáin 2016, d'admhaigh an Coimisiún gur gá barr feabhais a chur ar na huirlisí atá ann chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus ceanglais cosanta sonraí á n-urramú san am céanna. Dheimhnigh agus d'athdhearbhaigh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha, faoi chuimsiú an tsainghrúpa ardleibhéil, gur gá sin.

I bhfianaise an méid atá thuas, tríd an stóras coiteann sonraí céannachta a chruthú ina mbeadh "feidhmiúlacht na brataí amais" mar a thugtar air, tugtar féidearthacht isteach sa togra chun rochtain a fháil ar EES, VIS, ETIAS agus Eurodac trí úsáid a bhaint as **cur chuige dhá chéim i leith sonraí a cheadú**. D'ainneoin an chur chuige sin, is cuspóir coimhdeach, agus cuspóir coimhdeach amháin, de chuid na gcóras seo forfheidhmiú an dlí agus, mar sin, is gá d'údaráis forfheidhmithe dlí déanamh de réir rialacha dochta rochtana.

Ar an gcéad dul síos, dhéanfadh oifigeach forfheidhmithe dlí cuardach ar shonraí duine ar leith ag baint úsáid as sonraí céannachta, doiciméad taistil nó sonraí bithmhéadracha an duine le seiceáil an bhfuil faisnéis faoin duine sin stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta. Dá mba ann do shonraí den sórt sin, gheobhadh an t-oifigeach **freagra ina léireofaí an córas nó na córais faisnéise de chuid an Aontais ina bhfuil sonraí** faoin duine sin (**an bhratach amais**). Ní bheadh rochtain iarbhír ag an oifigeach ar aon sonraí in aon cheann de na córais fholuiteacha.

Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh an t-oifigeach féin rochtain a iarraidh ar gach córas a léiríodh gur córas é ina bhfuil sonraí chun an comhad iomlán faoin duine ar a ndearnadh cuardach a fháil, **i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta atá ann cheana arna mbunú ag gach córas lena mbaineann**. Bheadh an rochtain sin faoi réir údarú a fháil roimh ré ó údarás ainmnithe agus bheadh aitheantas úsáideora ar leith agus logálaí de dhíth go fóill féin.

Bheadh breisluach ag baint leis an gcur chuige nua sin d'údaráis forfheidhmithe dlí freisin mar gheall ar **na naisc a d'fhéadfadh a bheith** sa bhrathadóir ilchéannachtaí. Bheadh an brathadóir ilchéannachtaí ina chuidiú ag an stóras coiteann sonraí céannachta freisin chun

naisc atá ann cheana a shainaithint, rud a d'fhágfadh gur chuardach ní ba chruinne fós é. Bheadh an brathadóir ilchéannachtaí in ann a léiriú an **aithnítear an duine faoi chéannachtaí éagsúla** i gcórais faisnéise éagsúla.

Is fiú an cur chuige dhá chéim i leith sonraí a cheadú go háirithe i gcásanna **nach fios** cé hé amhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile. Sna cásanna sin, go deimhin, bheifí in ann a bhuí leis an stóras coiteann sonraí céannachta an córas faisnéise ina n-aithnítear an duine a shainaithint ach cuardach amháin a dhéanamh. Ar an gcaoi sin, ní bheadh feidhm a thuilleadh leis na coinníollacha atá ann cheana maidir le réamhchuardach a dhéanamh sna bunachair sonraí náisiúnta ná le réamhchuardach a sheoladh i gcóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg de chuid na mBallstát eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB ("seiceáil Prüm").

Ní thiocfadh an cur chuige dhá chéim nua i leith ceadú **i bhfeidhm go dtí go mbeadh** na comhpháirteanna idir-inoibritheachta is gá **oibríochtúil ina n-iomláine**.

- **Gnéithe breise den togra seo le tacú leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta**

(1) I dteannta na gcomhpháirteanna thuas, cuirtear san áireamh sa dréacht-Rialachán seo freisin an moladh chun lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a bhunú. Tá gá leis an stóras sin le go bhféadfaí tuarascálacha ina bhfuil sonraí staidrimh (anaithnide) a chur le chéile agus a chomhroinnt chun críocha beartais, cáilíocht sonraí agus chun críocha oibríochtúla. An cleachtas atá anois ann i leith sonraí staidrimh a bhailiú nach mbaineann ach leis na córais faisnéise aonair, is díobhálach an cleachtas é do shlándáil agus feidhmiú sonraí agus ní féidir sonraí ó chórais éagsúla a chur i gcomhchoibhneas le chéile dá bharr sin.

Bheadh an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh ina stóras tiomnaithe ar leith le haghaidh staidreamh anaithnid arna bhaint astu seo a leanas: SIS, VIS, Eurodac, an córas EES a bheidh ann amach anseo, an córas ETIAS atá beartaithe, an córas ECRIS-TCN atá beartaithe, an stóras coiteann sonraí céannachta, an brathadóir ilchéannachtaí agus an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Bheadh na Ballstáit, an Coimisiún (Eurostat san áireamh) agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais in ann tuarascálacha a chomhroinnt go slán a bhuí leis an stóras (arna rialáil ag na hionstraimí dlí ábhartha).

Dá ndéanfaí lárstóras amháin seachas stórais ar leith a fhorbairt le haghaidh gach córais, bheadh costas ní ba lú ann, dá bhrí sin, agus ní bheadh an dua céanna ag baint lena bhunú, lena oibriú agus lena choimeád ar bun. Chuirfí le leibhéal slándála na sonraí freisin mar dhéanfaí na sonraí a stóráil agus rialú rochtana a bhainistiú i stóras amháin.

(2) Ina theannta sin, moltar sa dréacht-Rialachán seo **formáid uilíoch teachtaireachta** a bhunú mar an caighdeán a d'úsáidfí ar leibhéal an Aontais chun idirghníomhaíochtaí a chur bun idir an iliomad córas go hidir-inoibritheach, lena n-áirítear na córais a fhorbraíonn agus a bhainistíonn eu-LISA. Mholfaí do Europol agus Interpol an caighdeán a úsáid freisin.

Tugann an fhormáid uilíoch teachtaireachta teanga theicniúil aontaithe choiteann isteach le cur síos a dhéanamh ar eilimintí sonraí agus lena nascadh, go háirithe na heilimintí sin

a bhaineann le daoine agus doiciméid (taistil). Trí úsáid a bhaint as an bhformáid uilíoch teachtaireachta agus córais faisnéise nua á bhforbairt, cinntítear comhtháthú agus idir-inoibritheacht na gcóras le córais eile, go háirithe do na Ballstáit ar gá dóibh comhéadain a thiomsú chun cumarsáid a dhéanamh leis na córais nua sin. Ina leith sin, is féidir a mheas gur réamhchoinníoll riachtanach é úsáid éigeantach na formáide uilíche teachtaireachta agus córais nua á bhforbairt, chun na comhpháirteanna idir-inoibritheachta arna mbeartú leis an Rialachán seo a thabhairt isteach.

Tá struchtúr rialachais iomchuí beartaithe chun a áirithiú go ndéanfar caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta a rolladh amach ina iomláine ar fud an Aontais. Is é an Coimisiún a bheadh freagrach as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta a bhunú agus a fhorbairt, faoi chuimsiú nós imeachta scrúdúcháin arna leagan síos leis na Ballstáit. Bheadh baint freisin ag gníomhaireachtaí de chuid an Aontais sna stáit chomhlachaithe i limistéar Schengen agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá rannpháirteach i dtionscadail i dtaca leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta (amhail eu-LISA, Europol agus Interpol). Tá ról ríthábhachtach ag an struchtúr rialachais atá beartaithe don fhormáid uilíoch teachtaireachta chun an caighdeán a fhorbairt agus a leathnú amach agus chun deimhin a dhéanamh de go mbainfear an úsáid agus an fheidhm is mó as.

(3) Thairis sin, sa dréacht-Rialachán seo tugtar isteach coincheapa a bhaineann le **sásraí uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí** agus le táscairí cáilíochta coiteanna, agus léirítear gur gá do na Ballstáit an leibhéal is airde cáilíochta sonraí a áirithiú agus sonraí á gcur isteach sna córais agus iad á n-úsáid. Mura mbeadh na sonraí ar an gcáilíocht is airde, d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin ní hamháin toisc nach mbeifí in ann daoine a mbeifí sa tóir orthu a shainaithint ach toisc go mbeadh difear á dhéanamh do chearta bunúsacha daoine neamhurchóideacha freisin. D'fhéadfadh rialacha maidir le bailíochtú uathoibríoch a bheith ina gcuidiú chun fadhbanna a d'fhéadfadh teacht as sonraí a bheith á n-ionchur go mícheart ag oibreoirí daonna a shárú. Bheadh sé mar sprioc ag na rialacha sin sonraí a chuirtear isteach agus a bhfuil an chuma orthu gur sonraí míchearta nó neamhréireacha iad a shainaithint go huathoibríoch ionas go bhféadfadh an Ballstát as a dtagann siad na sonraí a fhíorú agus na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh. Ina theannta sin, chuirfeadh eu-LISA tuarascálacha rialta cáilíochta sonraí ar fáil.

- **Iarmhairtí d'ionstraimí dlí eile**

Mar aon lena chomhthogra, tugtar isteach athruithe nua leis an dréacht-Rialachán seo a mbeidh leasuithe le déanamh ar ionstraimí dlí eile dá mbarr:

- Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)
- Rialachán (AE) 2017/2226 (Rialachán EES)
- Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 (Rialachán VIS)
- Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle (Cinneadh VIS)
- Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (Cinneadh VIS/an Cinneadh maidir le rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí)
- [Rialachán ETIAS]
- [Rialachán Eurodac]
- [Rialacháin SIS]

- [Rialachán ECRIS-TCN, lena n-áirítear forálacha comhfhreagracha Rialachán (AE) 2016/1624 (an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach)]
- [Rialachán eu-LISA]

Cuirtear san áireamh sa togra seo agus ina chomhthogra forálacha mionsonraithe maidir leis na hathruithe is gá a dhéanamh ar na hionstraimí dlí ~~ar téacsanna cobhsaí iad faoi láthair, san fhoirm arna glacadh ag na comhreachtóirí: Cód Teorainneacha Schengen, Rialachán EES, Rialachán VIS, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle agus Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle~~.

~~Tá na hionstraimí liostaithe eile (Rialacháin ETIAS, Eurodac, SIS, ECRIS-TCN, eu-LISA) faoi chaibidil i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle i láthair na huaire. Dá bhrí sin, ní féidir na leasuithe riachtanacha a leagan amach le haghaidh na n-ionstraimí sin faoi láthair. Tíolacfaidh an Coimisiún na leasuithe sin le haghaidh gach ceann de na hionstraimí sin faoi cheann coicís tar éis teacht ar chomhaontú polaitiúil faoi na dréacht-Rialacháin ábhartha.~~

**Sna cásanna sin nár ghlac na comhreachtóirí ionstraimí go foirmiúil, beartaítear na hathruithe is gá a dhéanamh ar na téacsanna ar ina leith sin a d'fhormhuinigh COREPER agus an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile comhaontú polaitiúil (is amhlaidh an cás do ETIAS), nó ar an téacs a dtángthas ar chomhaontú polaitiúil ina leith sna cruinnithe tríthaobhacha (i gcás SIS agus eu-LISA).**

**I dtaca leis an dá chás a bhfuil an chaibidlíocht ar siúl ina leith go fóill, beartaítear na hathruithe is gá a dhéanamh ar an téacs mar atá sé an 31 Bealtaine 2018 maidir le ECRIS-TCN.**

**Ní áirítear ar an dá thogra leasaitheacha maidir le hidir-inoibritheacht, áfach, leasuithe a bhaineann le Eurodac, bunachar sonraí na n-iarrthóirí tearmainn agus imirce neamhrialta san Aontas , ó tharla nár tugadh plé i gcrích ar thogra reachtach Bhealtaine 2016[26] chun Eurodac a neartú. Níl ailitireacht an chórais Eurodac atá ann faoi láthair oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de chun a bheith ina cuid d'idir-inoibritheacht córas faisnéise ó tharla nach stóráiltear inti ach sonraí bithmhéadracha agus uimhir thagartha, ach ní stóráiltear aon sonraí pearsanta eile inti (e.g. ainm(neacha), aois, dáta breithe) lena mbeifí in ann iliomad céannachtaí atá nasctha leis an tacar céanna de shonraí bithmhéadracha a bhrath. Féachtar le togra reachtach Bhealtaine 2016 cuspóir Eurodac a leathnú chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát agus iad siúd a tháinig isteach san Aontas Eorpach go neamhrialta a shainaithint. Go háirithe, foráiltear leis sonraí pearsanta a stóráil amhail ainm(neacha), aois, dáta breithe, náisiúntacht agus doiciméid chéannachta. Tá na sonraí céannachta sin ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir le Eurodac cuidiú le cuspóirí na hidir-inoibritheachta a ghnóthú agus le feidhmiú lena chreat teicniúil.**

**De bharr an riachtanais sin, tá géarghá ag comhreachtóirí le comhaontú maidir leis an togra reachtach. Ar feitheamh ar chomhaontú maidir leis an togra reachtach chun Eurodac a neartú, ní fhéadfadh sonraí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát nó náisiúnach tríú tír a tháinig isteach san Aontas Eorpach go neamhrialta a bheith mar chuid d'idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh. A luaithe agus a thiocfaidh na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an togra reachtach chun Eurodac a neartú, nó a luaithe agus a bheidh dul chun cinn leordhóthanach déanta acu, tíolacfaidh an Coimisiún na leasuithe ábhartha ar na tograí maidir le hidir-inoibritheacht faoi cheann dhá sheachtain.**

---

26 **COM(2016) 272 final, 4.5.2016.**

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo faoi chuimsiú an phróisis níos leithne a seoladh leis an Teachtaireacht ó mhí Aibreáin 2016 *Stronger and Smarter Information Systems for Borders and Security* [Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil] agus faoi chuimsiú na hoibre a rinne an sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht dá éis sin. Tá sé mar aidhm aige na trí chuspóir seo a bhaint amach:

(a) na buntáistí a bhaineann leis **na córais faisnéise atá ann cheana** a neartú agus a uasmhéadú;

(b) aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san fhaisnéis trí chórais faisnéise nua a bhunú;

(c) idir-inoibritheacht idir na córais sin a fheabhsú.

Maidir leis an gcéad chuspóir, ghlac an Coimisiún tograí i mí na Nollag 2016 chun Córas Faisnéise Schengen (SIS) atá ann cheana a neartú[27]. Maidir le Eurodac, de dhroim an togra ón gCoimisiún i mí na Bealtaine 2016[28], cuireadh dlús leis an gcaibidlíocht faoin mbunús dlí athbhreithnithe. Tá togra le haghaidh bunús dlí nua á chur le chéile freisin le haghaidh an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) agus tíolacfar é sa dara ráithe de 2018.

Maidir leis an dara cuspóir, tugadh an chaibidlíocht faoin togra ón gCoimisiún i mí Aibreáin 2016 chun córas dul isteach/imeachta (EES)[29] a bhunú i gcrích i mí Iúil 2017, nuair a tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil ar dheimhnigh Parlaimint na hEorpa é i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus ar ghlac an Chomhairle é go foirmiúil i mí na Samhna 2017. Tiocfaidh an bunús dlí i bhfeidhm i mí na Nollag 2017. Tá tús curtha leis an gcaibidlíocht faoin togra ó mhí na Samhna 2016 chun Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)[30] a bhunú agus meastar go gcuirfear i gcrích sna míonna atá romhainn é. I mí an Mheithimh 2017, mhol an Coimisiún bunús dlí chun aghaidh a thabhairt ar bhearna eile san fhaisnéis eile: an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (an córas ECRIS-TCN)[31]. Arís eile, chuir na comhreachtóirí in iúl go bhfuil sé mar aidhm acu an bunús dlí sin a ghlacadh go luath.

Tugtar aghaidh sa togra seo ar an tríú cuspóir a shainaithnítear sa Teachtaireacht ó mhí Aibreáin 2016.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile**

Tugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas sa togra seo, agus sa chomhthogra, agus tá sé i gcomhréir leo: an Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce agus teachtaireachtaí dá éis sin, lena n-áirítear an Teachtaireacht chun Schengen[32] a chaomhnú agus a neartú, an Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil[33] agus obair an Choimisiúin agus na tuarascálacha ar dhul

[27] COM(2016) 883 final.
[28] COM(2016) 272 final.
[29] COM(2016) 194 final.
[30] COM(2016) 731 final.
[31] COM(2017) 344 final.
[32] COM(2017) 570 final.
[33] COM(2015) 185 final.

chun cinn dá chuid i dtreo aontas slándála éifeachtach dílis[34]. Tá sé ag teacht le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe i dtaobh na nithe seo a leanas:

- Slándáil inmheánach: luaitear sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil go bhfuil ardchaighdeáin choiteanna i leith bainistiú teorainneacha ríthábhachtach chun coireacht trasteorann agus sceimhlitheoireacht a chosc. Thairis sin, cuidíonn an togra seo le hardleibhéal slándála inmheánaí a bhaint amach trí na hacmhainní is gá a chur ar fáil do na húdaráis chun go mbeidh rochtain thapa, rianúil, chórasach agus rialaithe acu ar an bhfaisnéis atá ag teastáil uathu.
- Tearmann: cuirtear Eurodac san áireamh sa togra mar cheann de na lárchórais de chuid an Aontais is gá a chumhdach leis an idir-inoibritheacht.
- Bainistiú teorainneacha seachtracha agus slándáil: neartaítear SIS agus VIS sa togra seo, a chuidíonn le rialú éifeachtúil theorainneacha seachtracha an Aontais, mar aon leis an gcóras EES a bheidh ann amach anseo agus leis an gcóras ETIAS atá beartaithe maille leis an gcóras ECRIS-TCN atá beartaithe.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad na hAirteagail seo a leanas sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh príomhbhunús dlí an togra seo: Airteagal 16(2), Airteagal 74, Airteagal 77(2)(a) (b) (d) agus (e).

Faoi Airteagal 16(2), tá an chumhacht ag an Aontas bearta a ghlacadh a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, ag comhlachtaí, ag oifigí agus ag gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag na Ballstáit nuair a bheidh gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme dhlí an Aontais, agus na rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht na sonraí sin. Faoi Airteagal 74, is féidir leis an gComhairle bearta a ghlacadh chun comhar riaracháin a áirithiú idir ranna na mBallstát i réimse an cheartais, na saoirse agus na slándála. Faoi Airteagal 77(2), (a), (b), (d) agus (e) faoi seach, is féidir le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle bearta a ghlacadh a bhaineann leis na nithe seo a leanas: an comhbheartas maidir le víosaí agus maidir le ceadanna cónaithe gearrfhanachta eile, na seiceálacha a mbeidh daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha, aon bheart is gá chun córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile agus nach mbeidh aon rialú ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha.

- **Coimhdeacht**

Chun saoirse gluaiseachta a áirithiú san Aontas, ní mór teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú go héifeachtach chun slándáil a áirithiú. Dá bhrí sin, d’aontaigh na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin i dteannta a chéile, trí fhaisnéis a chomhroinnt go háirithe trí chórais láraithe de chuid an Aontais i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile. Déantar an méid sin a dheimhniú leis na conclúidí éagsúla a ghlac an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle araon, ó 2015 i leith go háirithe.

In éagmais rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, is gá bainistiú fónta a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha limistéar Schengen, agus is gá do gach Ballstát nó tír atá

[34] COM(2016) 230 final.

comhlachaithe le Schengen an teorainn sheachtrach a rialú thar ceann na stát eile i limistéar Schengen. Ar an ábhar sin, ní féidir le haon Bhallstát amháin dul i ngleic leis an inimirce neamhrialta ná le coireacht trasteorann as féin. Tá náisiúnaigh tríú tír a thagann isteach sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha in ann taisteal faoi shaoirse laistigh den limistéar sin. I limistéar gan teorainneacha inmheánacha, ba cheart tabhairt faoi chomhghníomhaíocht i gcoinne inimirce neamhrialta agus coireacht idirnáisiúnta agus sceimlitheoireachta, lena n-áirítear trí chalaois chéannachta a bhrath, agus ní féidir aghaidh mar is ceart a thabhairt air sin ach ar leibhéal an Aontais.

Tá príomhchórais faisnéise ar leibhéal an Aontais i bhfeidhm nó á gcur i bhfeidhm. Chun idir-inoibritheacht fheabhsaithe a áirithiú idir na córais faisnéise sin, is gá beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. I gcroílár an togra, tá éifeachtúlacht fheabhsaithe agus úsáid córas láraithe agus arna mbainistiú ag eu-LISA. I bhfianaise scála, éifeachtaí agus thionchar na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, ní féidir na cuspóirí bunúsacha a bhaint amach go héifeachtúil córasach ach amháin ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Faoi mar atá mínithe go mion sa mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an Rialachán beartaithe seo, meastar go bhfuil na roghanna beartais a dhéantar sa togra seo comhréireach. Ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach.

Is uirlis riachtanach í an **tairseach cuardaigh Eorpach** chun úsáid údaraithe na gcóras faisnéise de chuid an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a neartú. Is beag tionchar a bheidh ag an tairseach cuardaigh Eorpach ar phróiseáil sonraí. Ní stórálfar aon sonraí ann seachas faisnéis maidir leis na próifílí úsáideoirí éagsúla atá ag an tairseach cuardaigh Eorpach agus na córais sonraí agus faisnéise a bhfuil rochtain ag na húsáideoirí orthu agus rianófar an úsáid a bhaintear astu trí mheán logálaithe. Tá ról na tairsí cuardaigh Eorpaí mar bhróicéir teachtaireachtaí, mar chumasóir agus mar éascaitheoir comhréireach, riachtanach agus teoranta ó thaobh cearta cuardaigh agus rochtana faoi shainorduithe na mbunús dlí a bhaineann le córais faisnéise agus faoin Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht atá beartaithe.

Tá gá leis an **tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** d'fheidhmiú na tairsí cuardaigh Eorpaí, an stórais choitinn sonraí céannachta agus an bhrathadóra ilchéannachtaí agus éascaíonn sí úsáid agus cothabháil na gcóras faisnéise ábhartha de chuid an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Is féidir cuardaigh a dhéanamh ar shonraí bithmhéadracha ó fhoinsí éagsúla go héifeachtúil rianúil córasach a bhuí le feidhmiúlacht na seirbhíse céanna. Déantar na sonraí bithmhéadracha a stóráil agus a choinneáil sna córais fholuiteacha. Cruthóidh an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha teimpléid ach gheofar réidh leis na fíor-íomhánna. Mar sin, déanfar na sonraí a stóráil aon uair amháin i suíomh amháin.

Tá gá leis an **stóras coiteann sonraí céannachta** chun an cuspóir a bhaineann le ceart-sainaithint náisiúnach tríú tír a bhaint amach, e.g. le linn seiceáil céannachta i limistéar Schengen. Ina theannta sin, tá an stóras coiteann sonraí céannachta ina thaca le feidhmiú an bhrathadóra ilchéannachtaí agus, ar an ábhar sin, is comhpháirt riachtanach é chun dhá chuspóir a bhaint amach, is iad sin, seiceálacha céannachta a éascú do thaistealaithe *bona fide* agus calaois chéannachta a chomhrac. Tá rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun na críche sin teoranta do na húsáideoirí sin a bhfuil an fhaisnéis seo de dhíth orthu chun a gcuid cúraimí a dhéanamh (rud a fhágann nach mór na seiceálacha sin a bheith mar chuspóir coimhdeach nua ag Eurodac, ag VIS, ag an gcóras EES a bheidh ann amach anseo, ag an

gcóras ETIAS atá beartaithe agus ag an gcóras ECRIS-TCN atá beartaithe). Tá na próisis sonraí teoranta go docht dá bhfuil ag teastáil chun an sprioc seo a bhaint amach, agus leagfar coimircí leordhóthanacha síos lena áirithiú go mbeidh cearta rochtana á n-urramú agus go ndéanfar an líon is lú sonraí is gá a stóráil sa stóras coiteann sonraí céannachta. Chun a áirithiú go ndéanfar an líon is lú sonraí a stóráil, agus dúbláil gan údar maith a sheachaint, déantar na sonraí beathaisnéiseacha riachtanacha atá ag gach ceann dá chórais fholuiteacha a choinneáil sa stóras coiteann sonraí céannachta agus déantar na sonraí sin a stóráil, a chur isteach, a mhodhnú agus a scriosadh i gcomhréir lena mbunús ábhartha dlí gan iad a chóipeáil. Tá na téarmaí maidir le coinneáil sonraí ag teacht go hiomlán leis na forálacha maidir le coinneáil sonraí a bhaineann leis na córais faisnéise fholuiteachta a sholáthraíonn na sonraí céannachta.

Tá gá le **brathadóir ilchéannachtaí** le réiteach a thabhairt ar ilchéannachtaí a bhrath agus dhá chuspóir aige sin, is iad sin, seiceálacha céannachta a éascú do thaistealaithe *bona fide* agus calaois chéannachta a chomhrac. Is sa bhrathadóir ilchéannachtaí a bheidh na naisc idir na daoine a bhfuil a sonraí i mbreis agus lárchóras faisnéise amháin agus ní bheidh ann ach na sonraí is gá chun a fhíorú go bhfuil duine taifeadta go dleathach nó go neamhdhleathach faoi chéannachtaí beathaisnéiseacha éagsúla i gcórais éagsúla ach chun a shoiléiriú freisin go bhféadfadh sé nach é an duine céanna atá ann i gcás beirt a bhfuil sonraí beathaisnéiseacha cosúla acu. Maidir le sonraí a phróiseáil tríd an mbrathadóir ilchéannachtaí agus tríd an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ar mhaithe le sainchomhaid a nascadh i gcórais aonair, déantar sin a laghad is féidir. Beidh mar chuid den bhrathadóir ilchéannachtaí coimircí i gcoinne idirdhealú a d'fhéadfadh tarlú nó cinntí neamhfhabhracha i gcás daoine a bhfuil iliomad céannachtaí dleathacha acu.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ionstraim atá beartaithe. Tugtar aghaidh go díreach sa reachtaíocht atá beartaithe ar oibriú lárchóras faisnéise an Aontais le haghaidh teorainneacha agus slándála, ar córais iad uile a bunaíodh le Rialachán, nó a bhfuil sé beartaithe iad a bhunú le Rialachán. Ar an dóigh chéanna, bunaíodh eu-LISA le Rialachán freisin agus is é a bheidh freagrach as dearadh agus forbairt na gcomhpháirteanna agus, in am trátha, as an mbainistiú teicniúil. Dá bhrí sin, Rialachán is ea an ionstraim dlí is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúchán poiblí**

Sheol an Coimisiún i mí Iúil 2017 comhairliúchán poiblí le hullmhú don togra seo chun tuairimí páirtithe leasmhara faoin idir-inoibritheacht a bhailiú. Fuarthas 18 bhfreagra ó pháirtithe leasmhara éagsúla le linn an chomhairliúcháin, lena n-áirítear rialtas Ballstát, eagraíochtaí san earnáil phríobháideach, eagraíochtaí eile amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha agus meithleacha machnaimh, maille leis an ngnáthshaoránach[35]. Tríd is tríd, tugadh freagraí a bhí i bhfabhar phrionsabail fholuiteacha an togra seo maidir le hidir-inoibritheacht. D'aontaigh tromlach mór na bhfreagróirí gur saincheisteanna cearta iad na saincheisteanna a sainaithníodh le linn an chomhairliúcháin agus gur cuspóirí cearta iad na cuspóirí atáthar ag iarraidh a bhaint amach leis an bpacáiste idir-inoibritheachta freisin. Go háirithe, maidir leis na roghanna a bhfuil cuntas orthu sa pháipéar comhairliúcháin, mheas na freagróirí an méid seo a leanas:

[35] Tá sonraí breise le fáil sa tuarascáil achoimre atá ag gabháil leis an measúnú tionchair.

- go gcuideofaí leis an bhfoireann ar an láthair rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a bheadh de dhíth orthu;
- go ndéanfaí dúbláil sonraí a sheachaint, forluí a laghdú agus béim a leagan ar neamhréitigh sonraí;
- go ndéanfaí daoine a shainaithint ar bhealach níos iontaofa — daoine a bhfuil ilchéannachtaí acu san áireamh — agus calaois chéannachta a laghdú.

Thacaigh tromlach glan na bhfreagróirí le gach ceann de na roghanna beartaithe agus mheas siad go raibh gá leo le cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach, agus thug siad tábhacht ina bhfreagraí don ghá a bhí le bearta láidre soiléire cosanta sonraí, go háirithe i ndáil le rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá stóráilte sna córais agus i ndáil le coinneáil sonraí. Ina theannta sin, thug siad tábhacht don ghá atá le sonraí cothrom chun dáta, ar ardcháilíocht a bheith sna córais agus le bearta a dhéanamh chun an méid sin a áirithiú.

Cuireadh na pointí uile a ardaíodh san áireamh agus an togra seo á ullmhú.

- **Suirbhé Eorabharaiméadair**

I mí an Mheithimh 2017, rinneadh suirbhé speisialta Eorabharaiméadair[36] ina léiríodh go bhfuil tacaíocht leathan ón bpobal ag an straitéis atá ag an Aontas maidir le faisnéis a chomhroinnt ar leibhéal an Aontais chun coireacht agus sceimhlitheoireacht a chomhrac: aontaíonn nach mór gach freagróir (92 % díobh) gur cheart d'údaráis náisiúnta faisnéis a chomhroinnt le húdarás Ballstát eile ionas gur fearr is féidir dul i ngleic le coireacht agus sceimhlitheoireacht.

Chuir tromlach glan na bhfreagróirí (69 % díobh) in iúl gur cheart do na póilíní agus d'údaráis náisiúnta eile forfheidhmithe dlí faisnéis a chomhroinnt le tíortha eile san Aontas ar bhonn córasach. Sna Ballstáit uile, measann formhór na bhfreagróirí gur cheart faisnéis a chomhroinnt i ngach cás.

- **Sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht**

Mar a léiríodh cheana sa réamhrá, cuireann an togra seo le moltaí an t**sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht**[37]. Bunaíodh an grúpa sin i mí an Mheithimh 2016 agus bhí sé mar chuspóir aige aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhlíthiúla, theicniúla agus oibríochtúla a bhaineann leis na roghanna atá ar fáil le hidir-inoibritheacht a chinntiú idir lárchórais an Aontais le haghaidh teorainneacha agus slándála. Rinne an grúpa an ailtireacht bainistithe sonraí le haghaidh bainistiú teorainneacha agus fhorfheidhmiú an dlí a mheas ar shlí leathan chuimsitheach, agus róil, freagrachtaí agus córais ábhartha na n-údarás custaim á gcur san áireamh san am céanna.

Sa ghrúpa, bhí saineolaithe ó na Ballstáit agus ó na tíortha comhlachtaithe le limistéar Schengen, agus ó na gníomhaireachtaí seo de chuid an Aontais: eu-LISA, Europol, an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda

[36] Déantar anailís i dtuarascáil dar teideal *The Report on Europeans' attitudes towards security* [An Tuarascáil ar an dearcadh atá ag muintir na hEorpa i leith slándála] ar thorthaí an tsuirbhé speisialta Eorabharaiméadair ar thuairim an phobail (464b) faoina eolaí atá saoránaigh ar shlándáil, faoin taithí atá acu uirthi agus faoin tuiscint atá acu uirthi trí chéile. Is é TNS Political & Social network a rinne an suirbhé sin sna 28 mBallstát idir an 13 Meitheamh agus an 26 Meitheamh 2017. Cuireadh tuairim is 28 093 saoránach de chuid an Aontais ó chatagóirí sóisialta agus déimeagrafacha éagsúla faoi agallamh.

[37] Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2016 lena gcuirtear sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht ar bun — 2016/C 257/03.

Teorann agus Cósta agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Ghlac Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí páirt sa sainghrúpa mar chomhaltaí iomlána freisin. Ina theannta sin, bhí ionadaithe rúnaíocht Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus Ardrúnaíocht na Comhairle i láthair mar bhreathnóirí.

Foilsíodh **tuarascáil chríochnaitheach an tsainghrúpa** ardleibhéil i mí na Bealtaine 2017[38]. Cuireadh béim sa tuarascáil ar an ngá atá le gníomh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh struchtúrtha a shainaithnítear sa Teachtaireacht ó mhí Aibreáin 2016. Leagadh réimse moltaí amach sa tuarascáil chun córais faisnéise an Aontais agus idir-inoibritheacht a neartú agus a fhorbairt. Tháinig an grúpa ar an gconclúid **gur ghá agus gurbh indéanta go teicniúil féachaint le réitigh a fháil maidir le hidir-inoibritheacht tríd an tairseach cuardaigh Eorpach, an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus an stóras coiteann sonraí céannachta** agus go bhféadfadh na réitigh sin, i bprionsabal, gnóthachain oibríochtúla a sholáthar, agus san am céanna go bhféadfaí iad a shuí i gcomhréir le ceanglais cosanta sonraí. Mhol an grúpa go gcuirfí an rogha bhreise a bhaineann le cur chuige dhá chéim i dtreo rochtain údarás forfheidhmithe dlí san áireamh freisin, bunaithe ar fheidhmiúlacht na brataí amais.

Is freagairt é an dréacht-Rialachán seo freisin ar mholtaí an tsainghrúpa ardleibhéil i dtaobh cáilíocht sonraí, na formáide uilíche teachtaireachta agus i dtaobh stóras sonraí a bhunú (arb ionann é agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a luaitear anseo).

Níor shainaithin an sainghrúpa ardleibhéil an ceathrú comhpháirt idir-inoibritheachta a bheartaítear leis an dréacht-Rialachán seo (an brathadóir ilchéannachtaí), ach is linn anailís theicniúil bhreise a bheith á déanamh agus an measúnú comhréireachta a bheith á dhéanamh ag an gCoimisiún a tháinig sé chun cinn.

- **Staidéar teicniúil**

Rinneadh trí cinn de staidéir le tacú leis an togra a ullmhú. Sholáthair Unisys, a bhí faoi chonradh ag an gCoimisiún, tuarascáil maidir le staidéar féidearthachta i leith na tairsí cuardaigh Eorpaí. D’iarr eu-LISA ar Gartner (i gcomhar le Unisys) tuarascáil theicniúil a chur ar fáil le tacú le forbairt na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Chuir PWC tuarascáil theicniúil faoi bhráid an Choimisiúin faoi stóras coiteann sonraí céannachta.

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair ina thaca ag an togra seo mar a léirítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre, (2017) 473, atá ag gabháil leis.

Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála athbhreithniú ar an dréachtmheasúnú tionchair ag an gcruinniú dá chuid an 6 Nollaig 2017 agus thug sé a thuairim uaidh (tuairim dhearfach a raibh cuntair áirithe ag dul léi) an 8 Nollaig ina léiríodh gur cheart an measúnú tionchair a choigeartú chun moltaí an Bhoird a chomhtháthú i dtaca le gnéithe ar leith. Bhain na gnéithe sin, ar an gcéad dul síos, le bearta breise faoin rogha thosaíochta maidir le cuíchóiriú na gceart rochtana sonraí atá ag úsáideoirí deiridh faoi láthair ar shonraí i gcórais faisnéise de chuid an Aontais, agus le coimircí gaolmhara a léiriú le haghaidh cosaint sonraí agus cearta bunúsacha. Ar an dara dul síos, féachadh le comhtháthú Córas Faisnéise Schengen a shoiléiriú faoi rogha 2, lena n-áirítear éifeachtacht agus na costais a bhainfeadh le comparáid le rogha thosaíochta 3

[38] http://ec.europa.eu/transparency/regexpert/index.cfm?do=groupDetail.groupDetailDoc&id=32600&no=1.

a éascú. Rinne an Coimisiún a mheasúnú tionchair a nuashonrú le dul i ngleic leis na príomhcheisteanna sin agus chun haghaidh a thabhairt ar roinnt ráitis eile a rinne an Bord.

Rinneadh meastóireacht sa mheasúnú tionchair féachaint an bhféadfaí gach ceann de na cuspóirí a sainaithníodh a bhaint amach, agus an chaoi a bhféadfaí sin a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as comhpháirt theicniúil amháin nó níos mó arna shainaithint nó arna sainaithint ag sainghrúpa ardleibhéil agus trí anailís a dhéanamh dá éis sin. I gcás inar ghá sin, scrúdaigh an grúpa na foroghanna is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ag déanamh de réir an chreata le haghaidh cosaint sonraí. Thángthas ar an gconclúid seo a leanas sa mheasúnú tionchair:

- Ba cheart tairseach cuardaigh Eorpach a chruthú chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le rochtain thapa, rianúil, chórasach agus rialaithe a thabhairt d'úsáideoirí údaraithe ar na córais faisnéise ábhartha, bunaithe ar sheirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chun aghaidh a thabhairt ar gach bunachar sonraí.
- Ba cheart stóras coiteann sonraí céannachta, ina mbeadh tacar íosta sonraí céannachta, a chruthú, bunaithe ar an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chéanna, chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir lena éascú d'oifigigh údaraithe seiceáil céannachta a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír ar chríoch Ballstáit.
- Ba cheart brathadóir ilchéannachtaí, ina mbeadh naisc idir ilchéannachtaí ar fud na gcóras, a chruthú chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le hilchéannachtaí atá nasctha leis an tacar céanna sonraí bithmhéadracha a bhrath, agus dhá chuspóir aige, is iad sin, seiceálacha céannachta a éascú do thaistealaithe *bona fide* agus calaois chéannachta a chomhrac.
- Ba cheart "feidhmiúlacht na brataí amais" a áireamh sa stóras coiteann sonraí céannachta chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar chórais faisnéise nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a éascú agus a chuíchóiriú chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh.

Ós rud é nach mór gach cuspóir a chomhlíonadh, is é **an réiteach iomlán a bheidh ann an tairseach cuardaigh Eorpach, an stóras coiteann sonraí céannachta (agus feidhmiúlacht na brataí amais san áireamh) agus an brathadóir ilchéannachtaí a thabhairt le chéile agus gach ceann acu ag brath ar an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha**.

Is é an tionchar dearfach is mó a bheidh ann go gcuirfear feabhas ar bhainistiú teorainneacha agus go dtiocfaidh méadú ar shlándáil inmheánach san Aontas. A bhuí leis na comhpháirteanna nua, déanfar rochtain na n-údarás náisiúnta ar an bhfaisnéis riachtanach agus sainaithint náisiúnach tríú tír a chuíchóiriú agus a bhrostú. Cuirfear ar chumas na n-údarás trasnaisc a dhéanamh, le linn seiceálacha teorann, le faisnéis riachtanach atá ann cheana faoi dhaoine aonair, le haghaidh iarratais ar víosaí nó ar thearmann agus i gcomhair obair na bpóilíní. Beifear in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis a fhéadfaidh a bheith ina taca chun cinntí iontaofa a dhéanamh, cibé acu a bhaineann siad le coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a imscrúdú nó cinntí i réimse na himirce agus an tearmainn. Cé nach ndéanfaí difear do náisiúnaigh an Aontais go díreach (tá na bearta molta dírithe go príomha ar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil a gcuid sonraí taifeadta i gcóras faisnéise láraithe de chuid an Aontais), meastar go méadófar ar mhuinín an phobail a bhuí leis na tograí trína áirithiú go gcuirfidh dearadh agus úsáid na dtograí le slándáil shaoránaigh an Aontais.

An tionchar díreach airgeadais agus eacnamaíoch a bheidh ag an togra, beidh sé teoranta do dhearadh, d'fhorbairt agus d'oibriú na saoráidí nua. Is ar bhuiséad an Aontais agus ar údaráis de chuid na mBallstát a mbeidh na córais á n-oibriú acu a thitfidh na costais. Tionchar dearfach a bheidh aige sin ar thurasóireacht mar tiocfaidh feabhas ar shlándáil an Aontais Eorpaigh mar gheall ar na bearta atá beartaithe agus ba cheart go gcuirfí dlús le rialú ag teorainneacha freisin. Ar an gcaoi chéanna, meastar go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar aerfoirt, ar chalafoirt agus ar iompróirí mar gheall ar dhlús a bheith á chur le seiceálacha rialaithe ag teorainneacha.

- **Cearta bunúsacha**

Mar chuid den mheasúnú tionchair, scrúdaíodh go háirithe tionchair na mbeart atá beartaithe ar chearta bunúsacha agus ar an gceart maidir le cosaint sonraí go háirithe.

I gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a bhfuil institiúidí an Aontais agus na Ballstáit faoina ceangal agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, (Airteagal 51(1) den Chairt), maidir leis na deiseanna a thagann chun cinn mar gheall ar idir-inoibritheacht mar bheart chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar chosaint na dteorainneacha seachtracha, ní mór oibleagáid a chur san áireamh, is é sin, gur gá a áirithiú, i gcás ina gcuirfear isteach ar chearta bunúsacha de dheasca na timpeallachta nua idir-inoibritheachta, go mbeidh an cur isteach sin teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach le cuspóirí leasa ghinearálta a chomhlíonadh iarbhír, faoi réir phrionsabal na comhréireachta (Airteagal 52(1) den Chairt).

Tá na réitigh idir-inoibritheachta atá beartaithe ag teacht leis na córais atá ann cheana. Mar sin, ní thiocfadh athrú ar an gcothromaíocht a áirithítear cheana le gach ceann de na lárchórais maidir leis an tionchar dearfach atá acu ar chearta bunúsacha.

Ar a shon sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar breise, indíreach ag idir-inoibritheacht ar roinnt cearta bunúsacha. Go deimhin, tá tionchar dearfach ag ceart-sainaithint a dhéanamh ar dhuine ar an gceart chun meas a bheith ag duine ar an saol príobháideach, agus go háirithe an ceart chun céannachta (Airteagal 7 den Chairt), mar d'fhéadfadh an méid sin cabhrú le hiomraill chéannachta a sheachaint. Ar an taobh eile, trí sheiceálacha a dhéanamh bunaithe ar shonraí bithmhéadracha, b'fhéidir go mbeifí den tuairim go mbeifí ag cur isteach ar cheart an duine chun dínite (go háirithe i gcás ina meastar go mbeadh náire ar dhuine dá dheasca) (Airteagal 1). Mar sin féin, i suirbhé[39] a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, fiafraíodh go sonrach d'fhreagróirí ar chreid siad go mbeadh náire ar dhuine dá mb'éigean dó a chuid sonraí bithmhéadracha a thabhairt i gcomhthéacs rialú ag teorainneacha. Chreid formhór na bhfreagróirí nach mbeadh.

A bhuí leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta atá beartaithe, d'fhéadfaí bearta coisctheacha spriocdhírithe a ghlacadh le feabhas a chur ar shlándáil. Ar an gcaoi sin, féadfaidh siad cuidiú chun ceart daoine chun beatha a chosaint (Airteagal 2 den Chairt), agus tá sé le tuiscint uaidh sin go bhfuil oibleagáid dhearfach ar na húdaráis bearta oibríochtúla coisctheacha a dhéanamh chun duine a bhfuil a shaol i mbaol a chosaint, más eol dóibh nó

39 *FRA survey in the framework of the eu-LISA pilot on smart borders — travellers' views on and experiences of smart borders* [Suirbhé de chuid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha faoi chuimsiú chlár píolótach eu-LISA faoi theorainneacha cliste — tuairimí taistealaithe faoi theorainneacha cliste agus an taithí atá acu orthu], Tuarascáil de chuid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha: http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-we-do/policies/borders-and-visas/smart-borders/docs/smart_borders_pilot_-_technical_report_annexes_en.pdf.

más ceart gurb eol dóibh go bhfuil baol láithreach ann[40], agus an toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe a choinneáil (Airteagal 5). Trí theacht ar bhealach atá níos iontaofa, níos inrochtana agus níos fusa ná mar a bhí á úsáid roimhe le sainaithint a dhéanamh, féadfaidh an idir-inoibritheacht cuidiú chun leanaí atá ar iarraidh nó leanaí atá faoi réir gáinneáil ar dhaoine a bhrath agus chun freagairtí gasta dírithe a éascú.

Ina theannta sin, trí theacht ar bhealach atá níos iontaofa, níos inrochtana agus níos fusa ná mar bhí á úsáid roimhe le sainaithint a dhéanamh, d'fhéadfadh sé go gcabhródh sin leis an gceart chun tearmainn (Airteagal 18 den Chairt) a áirithiú agus refoulement a thoirmeasc (Airteagal 19 den Chairt) go héifeachtach. Go deimhin, d'fhéadfadh an idir-inoibritheacht cosc a chur le cásanna ina ndéanfaí iarrthóirí tearmainn a ghabháil nó a choinneáil go neamhdhleathach nó a dhíbirt go míchuí. Thairis sin, is fearr a bheifear in ann calaois chéannachta a shainaithint mar gheall ar an idir-inoibritheacht. Ina theannta sin, laghdófaí an gá le sonraí agus faisnéis faoi iarratasóirí ar thearmann a chomhroinnt le tríú tíortha (go háirithe an tír thionscnaimh) chun céannacht an duine a shuí agus doiciméid taistil a fháil, rud a d'fhéadfadh an duine lena mbaineann a chur i mbaol.

- **Sonraí pearsanta a chosaint**

I bhfianaise na sonraí pearsanta lena mbaineann, beidh tionchar ag an idir-inoibritheacht go háirithe ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta duine a chosaint. Leagtar an ceart sin síos in Airteagal 8 den Chairt, in Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus in Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Mar a léirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais[41], ní ceart iomlán an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ach ní mór é a mheas i ndáil lena fheidhm sa tsochaí[42]. Tá dlúthbhaint idir cosaint sonraí agus meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh a chosnaítear in Airteagal 7 den Chairt.

De réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí[43], ní ceart srian a chur le saorghluaiseacht sonraí san Aontas ar mhaithe le sonraí a chosaint. Mar sin féin, ní mór sraith prionsabal a chomhlíonadh. Go deimhin, ionas go mbeadh sí dleathach, ní mór aon teorannú ar fheidhmiú na gceart bunúsach a chosnaítear sa Chairt a bheith i gcomhréir leis na critéir seo a leanas a leagtar síos in Airteagal 52(1):

- ní mór foráil le dlí d'aon teorannú;
- ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart a urramú;
- ní mór dó freagairt iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint;

---

[40] An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, Osman in aghaidh na Ríochta Aontaithe, Uimh. 87/1997/871/1083, 28 Deireadh Fómhair 1998, mír 116.

[41] Cúirt Bhreithiúnais an Aontais, breithiúnas an 9.11.2010. Cásanna Uamtha C-92/09 agus C-93/09 Volker und Markus Schecke agus Eifert [2010] ECR I-0000.

[42] I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, is féidir teorainneacha a chur ar fheidhmiú an chirt maidir le cosaint sonraí a fhad is a dhéanfar foráil maidir leis na teorainneacha le dlí, go mbeidh inneachar an chirt agus na saoirsí á n-urramú agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, go mbeidh gá leo agus go bhfreagróidh siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas Eorpach nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

[43] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

- ní mór gá a bheith leis; agus
- ní mór dó a bheith comhréireach.

Daingnítear na rialacha cosanta sonraí sin uile sa togra seo, mar a leagtar amach go hiomlán iad sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Rialachán beartaithe seo. Tá an togra bunaithe ar na prionsabail maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Cuirtear na forálacha iomchuí uile san áireamh ann agus déantar an phróiseáil sonraí a theorannú dá bhfuil riachtanach don chríoch shonrach agus ní thugtar rochtain ar shonraí ach do na heintitis sin is gá 'ar bhonn riachtanais eolais' agus dóibh sin amháin. Is tréimhsí iomchuí agus teoranta iad na tréimhsí coinneála sonraí (i gcás inarb ábhartha). Is ag foireann chuí-údaraithe údarás de chuid na mBallstát nó comhlachtaí de chuid an Aontais atá inniúil chun críoch sonrach gach córais faisnéise, agus aici sin amháin, a bheidh rochtain ar shonraí agus beidh teorainn léi a mhéid atá na sonraí riachtanach chun cúraimí a dhéanamh i gcomhréir leis na críocha sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirtear na himpleachtaí buiséadacha san áireamh sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis seo agus **gabhann an ráiteas airgeadais sin ionad an ráitis airgeadais a ghabhann leis an togra roimhe seo**. Cumhdaítear an tréimhse atá fágtha ag an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá anois ann (go dtí 2020) agus seacht mbliana na tréimhse dá éis sin (2021-2027). **Tá an buiséad atá beartaithe do na blianta 2021 go dtí 2027** ~~cumhdaítear~~ **i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún** ~~leis~~ **don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile an 2 Bealtaine 2018**. ~~Cuirtear an buiséad atá beartaithe do na blianta ó 2021 ar aghaidh san áireamh chun críoch léiritheach agus ní dhéantar aon réamhbhreith ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil.~~

Chun an togra seo a chur chun feidhme, ní mór leithdháiltí buiséadacha a dhéanamh:

(1) Chun go ndéanfaidh eu-LISA na ceithre chomhpháirt idir-inoibritheachta, agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh, **a fhorbairt** agus a chomhtháthú, agus chun críocha **a gcothabhála agus a n-oibríochtaí** dá éis sin.

(2) Chun **na sonraí a aistriú** chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus chuig an stóras coiteann sonraí céannachta. I gcás na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, ní mór teimpléid bhithmhéadracha na sonraí comhfhreagracha ó na trí chóras a úsáideann sonraí bithmhéadracha faoi láthair (SIS, VIS agus Eurodac) a athchruthú sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. I gcás an stórais choitinn sonraí céannachta, ní mór na sonraí pearsanta ó VIS a aistriú chuig an stóras coiteann sonraí céannachta agus ní mór na naisc a d'fhéadfadh a bheith ann idir céannachtaí in SIS, VIS agus Eurodac a bhailíochtú. Is próiseas dian ó thaobh acmhainní de an próiseas deiridh sin go háirithe.

(3) Chun go mbeidh an nuashonrú a dhéanfaidh eu-LISA **ar an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta** a chuirtear san áireamh cheana i Rialachán maidir le teachtaireachtaí a mhalartú idir na Ballstáit agus an lárchóras nó na lárchórais.

(4) Chun go ndéanfar **córais náisiúnta na mBallstát a chomhtháthú** leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta lena léireofar na teachtaireachtaí a mhalartaítear leis an stóras coiteann sonraí céannachta/leis an mbrathadóir ilchéannachtaí tríd an tairseach cuardaigh Eorpach.

(5) Chun go gcuirfear **oiliúint** ar úsáideoirí deiridh faoi úsáid na gcomhpháirteanna idir-oibritheachta, lena n-áirítear trí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL).

Déantar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chruthú agus a chothabháil mar chlár. Cé gur comhpháirteanna iomlán nua iad an tairseach cuardaigh Eorpach agus an brathadóir ilchéannachtaí, i dteannta an lárstórais um thuairisciú agus staidreamh, is comhpháirteanna comhroinnte iad an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus an stóras coiteann sonraí céannachta a chomhcheanglaíonn na sonraí atá á gcoinneáil (nó a bheidh á gcoinneáil) i gcórais atá ann cheana nó i gcórais nua, leis na meastacháin bhuiséadacha atá acu faoi láthair.

Déanfaidh **an tairseach cuardaigh Eorpach** comhéadain atá ann cheana agus a bhfuil eolas orthu a chur chun feidhme i dtaca le SIS, VIS agus Eurodac agus déanfar í a leathnú chuig córais nua in am trátha.

Is iad na Ballstáit agus na gníomhaireachtaí a bhaineann leas as comhéadan bunaithe ar fhormáid uilíoch teachtaireachta a úsáidfidh an tairseach cuardaigh Eorpach. Beidh forbairtí, oiriúnuithe, comhtháthuithe agus tástáil le déanamh acu seo a leanas chun an comhéadan nua seo a úsáid: na Ballstáit, eu-LISA, Europol agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta. Bhainfeadh an tairseach cuardaigh Eorpach úsáid as coincheapa a bhaineann leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a tugadh isteach le haghaidh EES, rud a d'fhágfadh nach mbeadh na hiarrachtaí ar chomhtháthú chomh suntasach sin.

Cuirfidh an tairseach cuardaigh Eorpach costais bhreise ar Europol ionas go mbeidh comhéadan QUEST ar fáil lena úsáid le sonraí a bhfuil leibhéal bunúsach cosanta acu.

Leagfar síos bunús **na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** *de facto* le cruthú an chórais EES nua ós rud é go bhfuil i bhfad níos mó sonraí bithmhéadracha nua sa chóras sin ná mar atá sna córais eile. Ba faoin ionstraim dlí EES a cuireadh an buiséad is gá i leataobh. Tá costas breise ag baint le sonraí bithmhéadracha eile ó VIS, SIS agus Eurodac a chur leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus baineann an costas sin go príomha le haistriú na sonraí atá ann cheana. Meastar go mbeidh costais EUR 10 milliún i gceist le haghaidh na dtrí chóras. Beidh costas breise teoranta ag baint le sonraí bithmhéadracha nua ón gcóras ECRIS-TCN beartaithe a chur isteach, costas a fhéadfar a chumhdach leis na cúlchistí arna gcur i leataobh faoin ionstraim dlí a bhaineann leis an gcóras ECRIS-TCN atá beartaithe chun córas uathoibrithe um shainaithint méarlorg a chruthú don chóras ECRIS-TCN.

Bunófar **an stóras coiteann sonraí céannachta** nuair a bhunófar an córas EES amach anseo agus leathnófar a thuilleadh é agus an córas ETIAS atá beartaithe á fhorbairt. Cuireadh na hinnill stórála agus chuardaigh le haghaidh na sonraí sin san áireamh sa bhuiséad arna chur i leataobh faoi na hionstraimí dlí a bhaineann leis an gcóras EES a bheidh ann amach anseo agus leis an gcóras ETIAS atá beartaithe. Beidh mionchostas breise ag baint le sonraí beathaisnéiseacha nua ó Eurodac agus ón gcóras ECRIS-TCN beartaithe a chur isteach, costas a cuireadh i leataobh cheana faoi Eurodac agus faoi na hionstraimí dlí a bhaineann leis an gcóras ECRIS-TCN beartaithe.

Is ionann an buiséad iomlán is gá thar thréimhse naoi mbliana (2019-2027) agus EUR ~~424.7~~ **461.0** milliún, agus cumhdófar an méid seo a leanas leis:

(1) Buiséad EUR ~~225~~**261.3** milliún le haghaidh eu-LISA lena gcumhdófar an costas

iomlán chun an clár a fhorbairt ina gcuirfear na cúig chomhpháirt idir-inoibritheachta i bhfeidhm (EUR 68.3 milliún), an costas cothabhála ón am a chuirfear na comhpháirteanna ar bun suas go dtí 2027 (EUR 56.1 milliún), buiséad sonrach EUR 25.0 milliún chun sonraí a aistriú ó na córais atá ann cheana chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus na costais bhreise a bhaineann leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a nuashonrú, an líonra, oiliúint agus cruinnithe. Cumhdaíonn buiséad sonrach EUR 18.7 milliún an costas maidir le ECRIS-TCN a nuashonrú agus a oibriú chun go mbeidh sé ag feidhmiú ina chóras ard-infhaighteachta ó 2022. **Le buiséad sonrach EUR 36.3 milliún cumhdaítear an costas chun an líonra agus SIS Láir (Córas Faisnéise Schengen) a nuashonrú i dtaca leis an méadú a mheastar a thiocfaidh ar na cuardaigh a dhéanfar, is dócha, de thoradh na hidir-inoibritheachta.**

(2) Buiséad EUR 136.3 milliún do na Ballstáit lena gcumhdófar na hathruithe a dhéanfar ar a gcórais náisiúnta chun go mbeidh siad in ann na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a úsáid, an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta arna chur ar fáil ag eu-LISA agus buiséad chun oiliúint a chur ar an bpobal mór d'úsáideoirí deiridh.

(3) Buiséad EUR 48.9 milliún le haghaidh Europol lena gcumhdófar nuashonrú chórais TF Europol i bhfianaise an lín teachtaireachtaí a bheidh le láimhseáil agus na leibhéal feidhmíochta méadaithe. Bainfidh ETIAS úsáid as na comhpháirteanna idir-inoibritheachta chun sonraí Europol a cheadú.

(4) Buiséad EUR 4.8 milliún don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta chun foireann speisialtóirí a óstáil a dhéanfaidh na naisc a bhailíochtú idir céannachtaí le linn bliain amháin a luaithe agus a bheidh an brathadóir ilchéannachtaí beo.

(5) Buiséad EUR 2.0 milliún le haghaidh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) lena gcumhdófar ullmhúchán agus soláthar oiliúna don fhoireann oibriúcháin.

(6) Suim EUR 7.7 milliún le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht HOME lena gcumhdófar méadú teoranta ar fhoireann agus costais ghaolmhara le linn thréimhse forbartha na gcomhpháirteanna éagsúla mar go mbeidh ar an gCoimisiún cúraimí breise a chomhlíonadh freisin le linn na tréimhse sin agus go mbeidh sé freagrach as an gcoiste a bheidh ag déileáil leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta.

Is é an Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha an ionstraim airgeadais **faoin chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020** inar cuireadh san áireamh an buiséad i ndáil le cur chun feidhme an tionscnaimh idir-inoibritheachta. Déantar foráil in Airteagal 5(5)(b) go bhfuil EUR 791 milliún le cur chun feidhme trí chlár chun córais TF a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chórais TF atá ann cheana agus/nó córais TF nua a thacaíonn le bainistiú sreabh imirce thar theorainneacha seachtracha faoi réir na gníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais a ghlacadh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15. As an EUR 791 milliún sin, cuirtear EUR 480.2 milliún i leataobh chun EES a fhorbairt, EUR 210 milliún le haghaidh ETIAS agus EUR 67.9 milliún chun athbhreithniú a dhéanamh ar SIS. Bainfear úsáid as sásraí ISF-B chun an fuílleach (EUR 32.9 milliún) a ath-leithdháileadh. Tá EUR 32.1 milliún de dhíth ar an togra seo le haghaidh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha (2019/20) atá ag teacht, dá bhrí sin, leis an mbuiséad a bheidh fágtha.

## 5. FAISNÉIS BHREISE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is é eu-LISA atá freagrach as bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Dá réir sin, tá sé de chúram cheana ar eu-LISA na córais atá ann cheana a oibriú agus feabhas teicniúil agus oibríochtúil a chur orthu, agus na córais a bheidh ann amach anseo agus atá beartaithe a fhorbairt. Faoin Rialachán seo atá beartaithe, saineofar dearadh ailtireacht fhisiciúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, déanfar iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus iad a óstáil i ndeireadh na dála. Cuirfear na comhpháirteanna ábhartha chun feidhme diaidh ar ndiaidh, i gcomhar le forbairt na gcóras foluiteach.

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh córais i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus feidhmiú na gceithre chomhpháirt (an tairseach cuardaigh Eorpach, an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí) agus ar an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh, agus déanfaidh sé meastóireacht orthu i gcomhthéacs na bpríomhchuspóirí beartais. Ceithre bliana tar éis chur i bhfeidhm agus oibriú na bhfeidhmiúlachtaí, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ba cheart do eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin. Ina theannta sin, cúig bliana tar éis chur i bhfeidhm agus oibriú na bhfeidhmiúlachtaí, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiúin meastóireacht fhoriomlán a chur ar fáil ar na comhpháirteanna, agus ar thionchar díreach nó indíreach na gcomhpháirteanna san áireamh, agus ar chur chun feidhme praiticiúil na gcomhpháirteanna i dtaca le cearta bunúsacha. Ba cheart na torthaí a baineadh amach a scrúdú i bhfianaise na gcuspóirí agus measúnú a dhéanamh ar a bhailí agus atá an bhunréasúnacht agus ar aon impleachtaí a bheidh ann do roghanna amach anseo. Ba cheart don Choimisiún na tuarascálacha meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach i gCaibidil I na forálacha ginearálta le haghaidh an Rialacháin seo. Mínítear inti: na prionsabail is bonn leis an Rialachán; na comhpháirteanna arna mbunú sa Rialachán; na cuspóirí is mian leis an idir-inoibritheacht díriú orthu; raon feidhme an Rialacháin seo; sainmhínithe ar na téarmaí a úsáidtear sa Rialachán seo; agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir le próiseáil sonraí faoin Rialachán seo.

Leagtar amach i gCaibidil II na forálacha maidir leis an tairseach cuardaigh Eorpach. Déantar foráil sa chaibidil seo maidir le bunú na tairsí cuardaigh Eorpaí agus a hailtireachta teicniúla, a bheidh le forbairt ag eu-LISA. Sonraítear inti aidhm na tairsí cuardaigh Eorpaí agus sainaithnítear inti cé a fhéadfaidh an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid agus an chaoi ar chóir dóibh í a úsáid i gcomhréir leis na cearta rochtana atá ann cheana do gach ceann de na lárchórais. Tá foráil ann maidir le eu-LISA próifíl úsáideora a chruthú do gach catagóir úsáideora. Leagtar amach sa Chaibidil seo an chaoi a gcuardóidh an tairseach cuardaigh Eorpach na lárchórais agus déantar foráil inti maidir le hinneachar agus formáid na bhfreagraí a thabharfar ar úsáideoirí. Déantar foráil i gCaibidil II freisin maidir le eu-LISA logaí a choinneáil ar na hoibríochtaí próiseála uile, agus maidir le nósanna imeachta cúltaca i gcás nach mbeadh an tairseach cuardaigh Eorpach in ann ceann amháin nó níos mó de na lárchórais a rochtain.

Leagtar amach i gCaibidil III na forálacha maidir leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Déantar foráil sa chaibidil seo maidir le bunú na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus a hailtireachta teicniúla, a bheidh le forbairt ag eu-LISA. Sonraítear inti aidhm na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus leagtar amach inti cé na sonraí a stóráiltear sa tseirbhís sin. Mínítear inti an caidreamh idir an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus na comhpháirteanna eile. Déantar foráil i gCaibidil III freisin maidir leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, nach leanfaidh sí de na sonraí a stóráil nuair nach mbeidh na sonraí á gcoinneáil sa lárchóras ábhartha a thuilleadh agus déantar foráil maidir le eu-LISA logaí a choinneáil de na hoibríochtaí próiseála uile.

Leagtar amach i gCaibidil IV na forálacha maidir leis an stóras coiteann sonraí céannachta. Déantar foráil sa chaibidil seo maidir le bunú an stórais choitinn sonraí céannachta agus a ailtireachta teicniúla, a bheidh le forbairt ag eu-LISA. Leagtar amach inti aidhm an stórais choitinn sonraí céannachta agus soiléirítear inti cé na sonraí a stórálfar, agus cén chaoi a stórálfar iad, agus áirítear inti forálacha maidir le cáilíocht na sonraí a stórálfar a áirithiú. Déanfar foráil sa chaibidil seo maidir leis an stóras coiteann sonraí céannachta sainchomhaid a chruthú ar bhonn sonraí atá sna lárchórais, agus maidir leis na sainchomhaid a nuashonrú i gcomhréir leis na hathruithe ar na lárchórais aonair. Sonraítear i gCaibidil IV freisin an chaoi a n-oibreoidh an stóras coiteann sonraí céannachta i dtaca leis an mbrathadóir ilchéannachtaí. Sainaithnítear sa chaibidil seo cé a bhféadfaidh rochtain a bheith acu ar an stóras coiteann sonraí céannachta agus cén chaoi a bhféadfaidh siad na sonraí a rochtain i gcomhréir leis na cearta rochtana, agus leagtar síos forálacha níos sonraí ag brath ar cibé acu an chun críocha sainaithint a dhéanamh atá an rochtain nó an í an chéad chéim de chur chuige dhá chéim í chun EES, VIS, ETIAS agus Eurodac a rochtain leis an stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Déantar foráil i gCaibidil IV freisin maidir le eu-LISA logaí a choinneáil de na hoibríochtaí próiseála uile a bhaineann leis an stóras coiteann sonraí céannachta.

Leagtar amach i gCaibidil V na forálacha maidir leis an mbrathadóir ilchéannachtaí. Déantar foráil sa chaibidil seo maidir le bunú an bhrathadóra ilchéannachtaí agus a ailtireachta teicniúla, a bheidh le forbairt ag eu-LISA. Mínítear inti aidhm an bhrathadóra ilchéannachtaí agus rialaítear léi úsáid an bhrathadóra ilchéannachtaí i gcomhréir leis na cearta rochtana a bhaineann le gach ceann de na lárchórais. Leagtar amach i gCaibidil V cathain agus conas a sheolfaidh an brathadóir ilchéannachtaí cuardaigh chun iliomad céannachtaí a bhrath, agus an chaoi a seachadfar torthaí agus a ndéanfar faireachán orthu dá éis sin, lena n-áirítear trí fhíorú de láimh nuair is gá sin. Leagtar amach i gCaibidil V aicmiú na gcineálacha nasc a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcuardach, ag brath ar cibé acu an sonraí i dtaca le céannacht aonair, iliomad céannachtaí nó céannacht chomhroinnte atá sa toradh. Déantar foráil sa chaibidil seo maidir leis an mbrathadóir ilchéannachtaí sonraí nasctha atá sna lárchórais a stóráil fad is atá na sonraí in dhá cheann nó níos mó de na lárchórais leithleacha. Déantar foráil i gCaibidil V freisin maidir le eu-LISA logaí a choinneáil de na hoibríochtaí próiseála uile a bhaineann leis an mbrathadóir ilchéannachtaí.

Déantar foráil i gCaibidil VI maidir le bearta chun tacú leis an idir-inoibritheacht. Déantar foráil inti maidir le cáilíocht sonraí a fheabhsú, formáid uilíoch teachtaireachta a leagan síos mar chaighdeán coiteann le haghaidh malartú faisnéise a thacaíonn leis an idir-inoibritheacht, agus lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a chruthú.

Baineann Caibidil VII le cosaint sonraí. Déantar foráil sa chaibidil seo lena áirithiú go ndéanfar sonraí arna bpróiseáil faoin Rialachán seo a phróiseáil go dleathach agus go hiomchuí i gcomhréir le forálacha Rialachán Uimh. 45/2001. Mínítear cé an próiseálaí sonraí do gach ceann de na bearta idir-inoibritheachta arna mbeartú leis an Rialachán seo agus

leagtar amach na bearta is gá do eu-LISA agus d'údaráis na mBallstát a dhéanamh chun an méid seo a leanas a áirithiú: slándáil na próiseála sonraí, rúndacht na sonraí, láimhseáil iomchuí teagmhas slándála agus faireachán iomchuí ar chomhlíonadh bhearta an Rialacháin seo. Cuimsítear sa chaibidil seo forálacha maidir le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear an ceart a bheith ar an eolas go ndearnadh na sonraí a bhaineann leo a stóráil agus a phróiseáil faoin Rialachán seo, agus an ceart sonraí pearsanta arna stóráil agus arna bpróiseáil faoin Rialachán seo a rochtain, a cheartú agus a scriosadh. Sa bhreis air sin, leagtar amach sa chaibidil seo an prionsabal nár cheart sonraí arna bpróiseáil faoin Rialachán seo a aistriú chuig aon tríú tír, eagraíocht idirnáisiúnta ná páirtí príobháideach, nó a chur ar fáil d'aon cheann acu, cé is moite de Interpol chun críocha ar leith, agus de shonraí arna bhfáil ó Europol tríd an tairseach cuardaigh Eorpach a bhfuil feidhm ag rialacha Rialachán 2016/794 i ndáil le próiseáil sonraí dá éis sin maidir leo. Mar phointe scoir, leagtar amach sa chaibidil seo na forálacha a bhaineann le maoirseacht agus iniúchóireacht i ndáil le cosaint sonraí.

Leagtar amach i gCaibidil VIII freagrachtaí eu-LISA roimh theacht i bhfeidhm na mbeart sa togra seo, agus dá éis sin, agus freagrachtaí na mBallstát, Europol agus láraonad ETIAS chomh maith.

Baineann Caibidil IX le leasuithe ar ionstraimí eile de chuid an Aontais. Tugtar isteach leis an gcaibidil seo athruithe ar ionstraimí dlíthiúla eile is gá chun an togra seo maidir le hidir-inoibritheacht a chur chun feidhme ina iomláine. Áirítear sa togra seo forálacha mionsonraithe maidir leis na hathruithe is gá ar na hionstraimí dlíthiúla a bhfuil glactha ag na comhreachtóirí leo faoi láthair i bhfoirm téacsanna cobhsaí: Cód Teorainneacha Schengen, Rialachán EES, Rialachán VIS (CE), Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle (Cinneadh VIS) agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (Cinneadh VIS/an Cinneadh maidir le rochtain na n-údarás forfheidhmithe dlí). **Áirítear sa togra seo freisin forálacha mionsonraithe maidir leis na hathruithe is gá a dhéanamh ar na dréachtionstraimí dlí atá comhaontaithe go sealadach ag na comhreachtóirí faoi láthair mar théacsanna cobhsaí: na Rialacháin atá beartaithe maidir le ETIAS, SIS i réimse na seiceálacha teorann, agus maidir le eu-LISA.**

Leagtar amach mionsonraí i gCaibidil X maidir leis an méid seo a leanas: ceanglais maidir le staidreamh agus tuairisciú a bhaineann le sonraí arna bpróiseáil faoin Rialachán seo; bearta idirthréimhseacha a bheidh ag teastáil; socruithe a bhaineann le costais a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo; ceanglais a bhaineann le fógraí; an próiseas maidir le tús a chur le cur i bhfeidhm na mbeart arna mbeartú leis an Rialachán seo; socruithe maidir le rialachas, lena n-áirítear coiste agus grúpa comhairleach a chur ar bun, freagracht eu-LISA maidir le hoiliúint, agus an treoirleabhar praiticiúil chun tacú le cur chun feidhme agus bainistiú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta; nósanna imeachta a bhaineann le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta arna mbeartú leis an Rialachán seo; foráil maidir le teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2017/0351 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh (teorainneacha agus víosaí) agus lena leasaítear Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán ETIAS], Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann] agus Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán eu-LISA]**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2), Airteagal 74 agus Airteagal 77(2)(a),(b), (de) agus (e) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[44],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[45],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht uaidh an 6 Aibreán 2016 dar teideal *Stronger and Smarter Information Systems for Borders and Security*[46] [Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste um Theorainneacha agus Slándáil], leag an Coimisiún béim ar an ngá a bhí le feabhas a chur ar ailtireacht bainistithe sonraí an Aontais le haghaidh bainistiú teorainneacha agus slándála. Tionscnaíodh leis an Teachtaireacht próiseas chun idir-inoibritheacht a bhaint amach idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh um shlándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce, agus é mar aidhm aige dul i ngleic le heasnaimh struchtúrtha na gcóras sin a chuireann bac ar obair na n-údarás náisiúnta, agus a áirithiú go mbeidh fáil ag na gardaí teorann, na húdaráis custaim, na póilíní agus na húdaráis bhreithiúnacha ar an bhfaisnéis a bheidh de dhíth orthu.

(2) I dTreochlár na Comhairle dar teideal Roadmap to enhance information exchange and information management including interoperability solutions in the Justice and Home Affairs area [Treochlár chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an mbainistiú faisnéise lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse an cheartais

[44] IO C […], […], lch. […].

[45]

[46] COIM(2016) 205, 6.4.2016.

agus na ngnóthaí baile] an 6 Meitheamh 2016[47], d'aithin an Chomhairle dúshláin éagsúla dhlíthiúla, theicniúla agus oibríochtúla i dtaca le hidir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh agus d'iarr sí réitigh ar na dúshláin sin a lorg.

(3) Sa Rún uaithi an 6 Iúil 2016 maidir le tosaíochtaí straitéiseacha chlár oibre an Choimisiúin do 2017[48], d'iarr Parlaimint na hEorpa moltaí chun na córais faisnéise atá ag an Aontas Eorpach cheana a fheabhsú agus a fhorbairt, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san fhaisnéis agus chun idir-inoibritheacht na gcóras sin a bhaint amach, chomh maith le moltaí i dtaca le comhroinnt éigeantach faisnéise ar leibhéal an Aontais, a mbeadh na coimircí cosanta sonraí riachtanacha ag gabháil léi.

(4) D'iarr an Chomhairle Eorpach an 15 Nollaig 2016[49] go leanfaí de bheith ag cur chun cinn idir-inoibritheacht chórais faisnéise agus bhunachair sonraí an Aontais Eorpaigh.

(5) Sa tuarascáil dheiridh uaidh an 11 Bealtaine 2017[50], ba é conclúid an tsainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht gur ghá agus gurbh indéanta go teicniúil féachaint le réitigh phraiticiúla a fháil maidir leis an idir-inoibritheacht agus go bhféadfadh na réitigh sin, i bprionsabal, gnóthachain oibríochtúla a sholáthar, agus san am céanna go bhféadfaí iad a shuí i gcomhréir le ceanglais cosanta sonraí.

(6) Sa Teachtaireacht uaidh an 16 Aibreán 2017, dar teideal *Seventh progress report towards an effective and genuine Security Union*[51] [Seachtú tuarascáil ar dhul chun cinn i dtreo Aontas Slándála éifeachtach dílis], leag an Coimisiún amach, i gcomhréir leis an Teachtaireacht uaidh an 6 Aibreán 2016 agus mar a deimhníodh leis na torthaí agus na moltaí ón sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht, cur chuige nua i leith bainistiú sonraí i dtaca le teorainneacha, slándáil agus imirce ina mbeadh córais faisnéise uile an Aontais Eorpaigh um shlándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce idir-inoibritheach, agus ina mbeidís á bhfeidhmiú le lánurraim do na cearta bunúsacha.

(7) Sna Conclúidí uaithi an 9 Meitheamh 2017[52] maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le malartú faisnéise a fheabhsú agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh a áirithiú, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún na réitigh maidir le hidir-inoibritheacht, mar a bhí molta ag an sainghrúpa ardleibhéil, a chur i bhfeidhm.

(8) Leag Comhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2017[53] béim ar an ngá le hidir-inoibritheacht idir na bunachair sonraí a fheabhsú agus d'iarr sí ar an gCoimisiún dréachtreachtaíocht a ullmhú, a luaithe agus ab fhéidir, chun na moltaí a rinne an sainghrúpa ardleibhéil um chórais faisnéise agus idir-inoibritheacht a achtú.

(9) D'fhonn bainistiú na dteorainneacha seachtracha a fheabhsú, chun cuidiú a thabhairt imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac agus chun leibhéal ard slándála a áirithiú i limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais, lena n-áirítear slándáil phoiblí agus beartas poiblí a chothabháil agus an tslándáil a chosaint ar chríocha na mBallstát, ba cheart idir-inoibritheacht a bhunú idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh, eadhon [an Córas Dul Isteach agus Imeachta (EES), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), [Córas an

---

[47] Treochlár an 6 Meitheamh 2016 chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an mbainistiú faisnéise lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile — 9368/1/16 REV 1.

[48] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2016 maidir leis na tosaíochtaí straitéise do Chlár Oibre an Choimisiúin 2017 (2016/2773(RSP)).

[49] http://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2016/12/15/euco-conclusions-final/.

[50] http://ec.europa.eu/transparency/regexpert/index.cfm?do=groupDetail.groupDetailDoc&id=32600&no=1.

[51] COIM(2017) 261 final, 16.5.2017.

[52] http://www.consilium.europa.eu/media/22186/st10136en17-vf.pdf.

[53] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 22-23 Meitheamh 2017.

Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)], Eurodac, Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus [an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Chóiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN)] chun go mbeidh na córais faisnéise sin de chuid an Aontais Eorpaigh agus a gcuid sonraí ag forlíonadh a chéile. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart tairseach cuardaigh Eorpach, seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, stóras coiteann sonraí céannachta agus brathadóir ilchéannachtaí a bhunú mar chomhpháirteanna idir-inoibritheachta.

(10) A bhuí leis an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh, ba cheart forlíonadh idir na córais thuasluaite sin a bheith indéanta chun ceart-sainaithint daoine a éascú, chun cuidiú a thabhairt calaois chéannachta a chomhrac, chun ceanglais cáilíochta sonraí chórais faisnéise ábhartha an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus a chomhchuibhiú, chun cur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a éascú, chun na coimircí i dtaca le slándáil sonraí agus cosaint sonraí a rialaíonn córais faisnéise ábhartha an Aontais Eorpaigh a neartú agus a shimpliú, chun go bhfaighfear rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí ar EES, VIS, [ETIAS] agus Eurodac a chuíchóiriú, agus chun tacú le cuspóirí EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS agus [an chórais ECRIS-TCN].

(11) Ba cheart go gcuimseodh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS agus [an córas ECRIS-TCN]. Ba cheart dóibh sonraí Europol a chuimsiú freisin sa mhéid go gcumasóidís cuardach na sonraí sin san am céanna leis na córais faisnéise sin de chuid an Aontais Eorpaigh.

(12) Ba cheart go mbainfeadh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta leis na daoine a bhféadfar a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcórais faisnéise an Aontais Eorpaigh agus ag Europol, eadhon náisiúnaigh tríú tír a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta i gcórais faisnéise an Aontais Eorpaigh agus ag Europol, agus saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta in SIS agus ag Europol.

(13) Ba cheart an tairseach cuardaigh Eorpach a bhunú chun inniúlacht theicniúil údaráis na mBallstát agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh a éascú chun go mbeidh rochtain thapa, rianúil, éifeachtúil, chórasach agus rialaithe acu ar chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh, ar shonraí Europol agus ar na bunachair sonraí Interpol atá de dhíth orthu chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir lena gcearta rochtana agus chun tacú le cuspóirí EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS, [an chórais ECRIS-TCN] agus sonraí Europol. Trí chuardach na gcóras faisnéise ábhartha uile de chuid an Aontais Eorpaigh mar aon le sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a chumasú san am céanna, ba cheart don tairseach cuardaigh Eorpach gníomhú mar fhuinneog aonair nó "bróicéir teachtaireachtaí" chun lárchórais éagsúla a chuardach agus an fhaisnéis atá riachtanach a aisghabháil go rianúil, agus ghníomhódh sí amhlaidh agus lánurraim á tabhairt do na ceanglais maidir le rialú rochtana agus cosaint sonraí a bhaineann leis na córais fholuiteacha

(14) A bhuí le bunachar sonraí Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (Interpol) ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh, féadfaidh eintitis údaraithe forfheidhmithe dlí sna Ballstáit, lena n-áirítear oifigigh imirce agus oifigigh rialaithe teorainneacha, bailíocht doiciméad taistil a shuí. Cuardaíonn [ETIAS] an bunachar sonraí ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh agus an bunachar sonraí um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí chun measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht, mar shampla, go bhféadfadh an duine atá ag déanamh iarratas ar údarú taistil bheith ina imirceach neamhrialta nó ina bhaol don tslándáil. Ba

cheart don tairseach cuardaigh Eorpach an cuardach sa bhunachar sonraí ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh agus sa bhunachar sonraí um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí, an cuardach sin a éascú trí shonraí céannachta an duine a úsáid. I gcás ina n-aistreofar sonraí pearsanta ón Aontas chuig Interpol tríd an tairseach cuardaigh Eorpach, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta atá i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], nó ag na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Caibidil V de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. Ba cheart an méid sin a bheith gan dochar do na rialacha sonracha a leagtar síos i gComhsheasamh 2005/69/CGB[56] ón gComhairle agus i gCinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle[57].

(15) Ba cheart an tairseach cuardaigh Eorpach a fhorbairt agus a chumrú sa chaoi is nach gceadaítear úsáid réimsí sonraí don chuardach nach mbaineann le daoine ná le doiciméid taistil nach bhfuil i gcóras faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh, i sonraí Europol ná i mbunachar sonraí Interpol.

(16) Chun úsáid thapa agus chórasach chórais faisnéise uile an Aontais Eorpaigh a áirithiú, ba cheart an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid chun an stóras coiteann sonraí céannachta, EES, VIS, [ETIAS], Eurodac agus [an córas ECRIS-TCN] a chuardach. Mar sin féin, ba cheart an nasc náisiúnta leis na córais faisnéise éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh a choinneáil i gcás ina mbeadh gá le cúltaca teicniúil. Ba cheart do chomhlachtaí an Aontais an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid chun SIS Láir a chuardach i gcomhréir lena gcearta rochtana agus d'fhonn a gcúraimí a dhéanamh. Is éard is ceart a bheith sa tairseach cuardaigh Eorpaigh bealach breise chun SIS Láir, sonraí Europol agus córais Interpol a chuardach, mar chomhlánú ar na comhéadain atá ann cheana chuige sin.

(17) Sonraí uathúla iad sonraí bithmhéadracha, amhail méarloirg agus íomhánna den aghaidh agus, dá bhrí sin, is iontaofa go mór iad ná sonraí alfa-uimhriúla ó thaobh duine a shainaithint. Ba cheart gurbh uirlis theicniúil í an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chun obair na gcóras faisnéise ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta eile a éascú agus a neartú. Ba cheart a bheith mar phríomhchuspóir ag an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha sainaithint duine a d'fhéadfadh a bheith cláraithe i mbunachair sonraí éagsúla a éascú, trína shonraí bithmhéadracha a mheaitseáil sna córais éagsúla agus trí dhul ar iontaoibh comhpháirt theicneolaíoch uathúil amháin seachas cúig cinn éagsúla i ngach ceann de na córais fholuiteacha. Ba cheart don tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha cuidiú a thabhairt ó thaobh cúrsaí slándála de agus ba cheart buntáistí a bheith léi ó thaobh airgeadais, cothabhála agus oibríochta de trí

[54] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[55] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[56] Comhsheasamh 2005/69/CGB ón gComhairle an 24 Eanáir 2005 maidir le sonraí áirithe a mhalartú le Interpol (IO L 27, 29.1.2005 lch. 61).

[57] Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

dhul ar iontaoibh comhpháirt theicneolaíoch uathúil amháin seachas comhpháirteanna éagsúla i ngach ceann de na córais fholuiteacha. Sna córais uathoibrithe uile um shainaithint méarlorg, lena n-áirítear na córais sin arna n-úsáid le haghaidh Eurodac, VIS agus SIS, úsáidfear teimpléid bhithmhéadracha ina mbeidh sonraí arna ndíorthú trí shonraí céannachta a asbhaint ó fhíorshamplaí bithmhéadracha. Ba cheart don tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha na teimpléid bhithmhéadracha uile sin a athghrúpáil agus a stóráil in aon áit amháin, rud a d'éascódh comparáidí traschórais le sonraí bithmhéadracha agus a d'éascódh barainneachtaí scála maidir le lárchórais an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

(18) Meastar gur sonraí pearsanta íogaire iad sonraí bithmhéadracha. Ba cheart bonn a leagan síos sa Rialachán seo le haghaidh phróiseáil na sonraí sin agus na coimircí a leagan síos a bheidh ar phróiseáil na sonraí sin chun críche shainaithint uathúil na ndaoine lena mbaineann.

(19) Na córais a bhunaítear le Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], [Rialachán ETIAS] maidir le teorainneacha an Aontais a bhainistiú, an córas a bhunaítear le [Rialachán Eurodac] maidir leis na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a shainaithint agus imirce neamhrialta a chomhrac, agus an córas a bhunaítear leis an [Rialachán maidir leis an gcóras ECRIS-TCN], bíonn siad ag brath ar shainaithint chruinn na náisiúnach tríú tír a bhfuil a gcuid sonraí stóráilte iontu le bheith éifeachtúil.

(20) Ba cheart don stóras coiteann sonraí céannachta cuidiú le ceart-sainaithint na ndaoine atá cláraithe in EES, VIS, [ETIAS], Eurodac agus [sa chóras ECRIS-TCN] an tsainaithint sin a éascú.

(21) Féadfaidh sé go mbainfidh na sonraí pearsanta a stóráiltear sna córais faisnéise sin de chuid an Aontais Eorpaigh leis na daoine céanna a bhfuil céannachtaí éagsúla acu nó a bhfuil a sonraí céannachta neamhiomlán. Tá bealaí éifeachtúla in úsáid ag na Ballstáit chun a saoránaigh nó buanchónaitheoirí cláraithe a shainaithint ina gcríoch, ach ní hamhlaidh atá i gcás náisiúnaigh tríú tír. Ba cheart don idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh a bheith ina cuidiú i dtaca le ceart-sainaithint náisiúnach tríú tír. Ba cheart a bheith stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta na sonraí pearsanta a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír atá sna córais cheana agus atá de dhíth chun sainaithint níos cruinne na ndaoine sin a dhéanamh agus mar sin ba cheart a sonraí céannachta, sonraí i dtaca lena ndoiciméad taistil agus a sonraí bithmhéadracha a bheith san áireamh, gan beann ar an gcóras inar bailíodh na sonraí i dtús báire. Níor cheart ach na sonraí pearsanta is gá chun seiceáil chruinn céannachta a dhéanamh a stóráil sa stóras coiteann sonraí céannachta. Níor cheart na sonraí pearsanta a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta a choinneáil níos faide ná mar is gá

[58] Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (Rialachán EES) (IO L 327, 9.12.2017, lgh 20-82).

[59] Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

chun críocha na gcóras foluiteach, agus ba cheart iad a scriosadh go huathoibríoch nuair a scriostar na sonraí sna córais fholuiteacha i gcomhréir lena scaradh loighciúil.

(22) Tá gá leis an oibríocht phróiseála nua, is é sin stóráil na sonraí sin sa stóras coiteann sonraí céannachta seachas iad a bheith stóráilte i ngach ceann de na córais éagsúla, chun cruinneas na sainaitheanta a fheabhsú, agus beidh sé indéanta an feabhas sin a dhéanamh a bhuí le comparáid agus meaitseáil uathoibrithe na sonraí sin. In ainneoin go stóráiltear sonraí céannachta agus sonraí bithmhéadracha náisiúnach tríú tír sa stóras coiteann sonraí céannachta, níor cheart go gcuirfeadh an méid sin bac ar bhealach ar bith ar phróiseáil na sonraí chun críocha na Rialachán EES, VIS, ETIAS, Eurodac nó an Rialacháin maidir leis an gcóras ECRIS-TCN, ós rud é gur cheart don stóras coiteann sonraí céannachta a bheith ina chomhpháirt chomhroinnte nua de na córais fholuiteacha sin.

(23) Ar an gcaoi sin, is gá sainchomhad a chruthú sa stóras coiteann sonraí céannachta do gach duine a thaifeadtar in EES, VIS, ETIAS, Eurodac nó sa chóras ECRIS-TCN chun críche ceart-sainaithint náisiúnach tríú tír atá i limistéar Schengen, agus chun tacú leis an mbrathadóir ilchéannachtaí an dá chuspóir, eadhon seiceálacha céannachta a éascú do thaistealaithe *bona fide* agus calaois chéannachta a chomhrac, a bhaint amach. Ba cheart na céannachtaí féideartha uile a d'fhéadfadh a bheith nasctha leis an duine céanna a bheith stóráilte in aon áit amháin sa sainchomhad agus ba cheart rochtain a bheith ag na húsáideoirí deiridh cuí-údaraithe orthu.

(24) Ar an gcaoi sin, ba cheart don stóras coiteann sonraí céannachta tacú le feidhmiú an bhrathadóra ilchéannachtaí agus rochtain na n-údarás forfheidhmithe dlí ar chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh a éascú agus a chuíchóiriú, ar córais iad nár bunaíodh go heisiach chun críocha coireacht thromchúiseach a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh.

(25) Ba cheart don stóras coiteann sonraí céannachta foráil a dhéanamh maidir le stóras comhroinnte le haghaidh sonraí céannachta agus sonraí bithmhéadracha náisiúnach tríú tír atá cláraithe in EES, VIS, [ETIAS], Eurodac agus [sa chóras ECRIS-TCN], agus é ag feidhmiú mar an chomhpháirt chomhroinnte idir na córais sin chun na sonraí sin a stóráil agus a chuardach.

(26) Ba cheart na taifid uile atá sa stóras coiteann sonraí céannachta a scaradh go loighciúil trí gach taifead a chlibeáil go huathoibríoch le clib a léireoidh cén córas foluiteach ar leis an taifead sin. Ba cheart rochtain a bheith nó gan a bheith ar an taifead ag brath ar úsáid na gclibeanna sin i rialú rochtana an stórais choitinn sonraí céannachta.

(27) Chun ceart-sainaithint daoine a áirithiú, ba cheart cead a thabhairt d'údaráis na mBallstát is inniúil maidir le himirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac agus do na húdaráis is inniúil de bhrí Airteagal 3(7) de Threoir 2016/680 an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach le sonraí bithmhéadracha an duine arna nglacadh le linn seiceáil céannachta.

(28) I gcás nach féidir sonraí bithmhéadracha an duine a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach leis na sonraí sin, ba cheart an cuardach a dhéanamh le sonraí céannachta an duine i dteannta shonraí an doiciméid taistil. I gcás ina léireoidh an cuardach go bhfuil sonraí an duine sin stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta, ba cheart rochtain a bheith ag údaráis na mBallstát ar na sonraí céannachta atá stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta lena gceadú, gan aon eolas a thabhairt faoi cén córas faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh lena mbaineann na sonraí.

(29) Ba cheart do na Ballstáit bearta reachtacha náisiúnta a ghlacadh lena n-ainmnítear na húdaráis is inniúil maidir le seiceálacha céannachta a dhéanamh tríd an stóras coiteann sonraí céannachta a úsáid, agus lena leagtar síos nósanna imeachta, coinníollacha agus critéir na seiceálacha sin i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Ba cheart foráil a dhéanamh, go háirithe, i mbearta reachtacha náisiúnta maidir leis an gcumhacht chun sonraí bithmhéadracha a bhailiú le linn seiceáil céannachta ar dhuine a thagann os comhair oifigeach de chuid na n-údarás sin.

(30) Ba cheart a thabhairt isteach leis an Rialachán seo freisin féidearthacht nua maidir le rochtain chuíchóirithe ar shonraí sa bhreis ar na sonraí céannachta atá in EES, VIS, [ETIAS] nó Eurodac ag Europol nó ag údaráis forfheidhmithe dlí arna n-ainmniú ag Ballstát. Féadfaidh sé go mbeidh gá le sonraí, cé is moite de na sonraí céannachta atá sna córais sin, chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

(31) Rochtain iomlán ar na sonraí atá i gcórais faisnéise an Aontais Eorpaigh atá riachtanach chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, sa bhreis ar na sonraí céannachta ábhartha arna gcumhdach leis an stóras coiteann sonraí céannachta arna bhfáil trí shonraí bithmhéadracha an duine sin arna nglacadh le sinn seiceáil céannachta a úsáid, ba cheart leanúint den rochtain iomlán sin a rialú le forálacha na n-ionstraimí dlíthiúla ábhartha. Ní bhíonn a fhios ag na húdaráis forfheidhmithe dlí ainmnithe ná ag Europol roimh ré cé acu de chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh ina bhfuil sonraí na ndaoine atá á bhfiosrú acu. Cuirtear moill orthu a gcúraimí a dhéanamh agus bíonn siad neamhéifeachtúil á ndéanamh, dá bhrí sin. Ba cheart cead ag bheith ag an úsáideoir deiridh arna ainmniú ag an údarás ainmnithe, dá bhrí sin, breathnú cén ceann de chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh ina bhfuil na sonraí a bhaineann leis gcuardach. Chuirfí bratach leis an gcóras lena mbaineann ar an gcaoi sin, tar éis fíorú uathoibrithe a fháil go bhfuil amas sa chóras (feidhmiúlacht na brataí amais, mar a thugtar air).

(32) Ba cheart cuspóir an chuardaigh a léiriú i logaí cuardaigh an stórais choitinn sonraí céannachta . I gcás ina ndéanfar an cuardach agus úsáid á baint as an gcur chuige dhá chéim i leith sonraí a cheadú, ba cheart a áireamh sna logaí tagairt do chomhad náisiúnta an imscrúdaithe nó an cháis, rud a léireoidh gur seoladh an cuardach sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

(33) Ní mór sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil go huathoibrithe chun go bhféadfaidh Europol agus údaráis ainmnithe na mBallstát an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach chun freagra de chineál na brataí amais a fháil a léireoidh gur in EES, VIS, [ETIAS] nó Eurodac atá na sonraí taifeadta. Ní nochtfadh bratach amais sonraí pearsanta an duine lena mbaineann ach léireodh sí go raibh cuid dá shonraí stóráilte i gceann de na córais. Níor cheart don úsáideoir deiridh aon chinneadh diúltach a dhéanamh i dtaobh an duine lena mbaineann ar bhonn bratach amais a bheith ann agus ar an mbonn sin amháin. I gcás ina mbeadh rochtain ag an úsáideoir deiridh ar bhratach amais, dá bhrí sin, is beag an cur isteach a bheadh ann ar cheart an duine lena mbaineann a shonraí pearsanta a chosaint, agus ba ghá ligean don údaráis ainmnithe agus do Europol a n-iarraidh ar rochtain níos éifeachtúla ar shonraí pearsanta a chur chuig an gcóras ar léirigh an bratach gurb é sin an córas a raibh na sonraí sin ann.

(34) Is fiú an cur chuige dhá chéim i leith sonraí a cheadú go háirithe i gcásanna nach fios cé hé amhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile. Sna cásanna sin, ba cheart an stóras coiteann sonraí céannachta a

úsáid chun an córas faisnéise ina bhfuil sonraí an duine a aimsiú in aon chuardach amháin. Trí oibleagáid a chur i bhfeidhm maidir leis an gcur chuige nua seo i ndáil le rochtain na n-údarás forfheidhmithe dlí, ba cheart rochtain a bheith ar na sonraí pearsanta atá stóráilte in EES, VIS, [ETIAS] agus Eurodac gan é a bheith de cheangal réamhchuardach a bheith déanta sna bunachair náisiúnta ná cuardach a bheith seolta roimhe sin i gcóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg na mBallstát eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB. Cuireann prionsabal an réamhchuardaigh bac ar an bhféidearthacht a bheith ag údarás na mBallstát córais a cheadú chun críocha cuí-údaraithe fhorfheidhmiú an dlí agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí an deis a chailleadh faisnéis riachtanach a aimsiú. Níor cheart deireadh a chur leis na ceanglais i ndáil le réamhchuardach a dhéanamh i mbunachair náisiúnta nó le réamhchuardach a sheoladh i gcóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg na mBallstát eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB ach amháin nuair a bheidh an choimirce mhalartach i bhfeidhm, eadhon an cur chuige dhá chéim i leith sonraí a cheadú tríd an stóras coiteann sonraí céannachta.

(35) Ba cheart an brathadóir ilchéannachtaí a bhunú chun tacú le feidhmiú an stórais choitinn sonraí céannachta agus chun tacú le cuspóirí EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS agus [an chórais ECRIS-TCN]. Chun go mbeidh córais faisnéise an Aontais Eorpaigh éifeachtúil maidir lena gcuspóirí a chomhlíonadh, ní mór na daoine a stóráiltear a sonraí iontu a shainaithint go cruinn.

(36) Ós rud é nach bhfuil na húdaráis a úsáideann na córais sin in ann fíoruithe atá iontaofa a ndóthain a dhéanamh faoi láthair ar chéannachtaí na náisiúnach tríú tír a bhfuil a sonraí stóráilte i gcórais éagsúla, is deacair cuspóirí chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. Níltear in ann sin a dhéanamh toisc go bhféadfaidh sé go bhfuil na sonraí céannachta atá stóráilte i gcóras ar leith calaoiseach, mícheart nó neamhiomlán, agus níl aon fhéidearthacht ann faoi láthair na sonraí céannachta calaoiseacha, míchearta nó neamhiomlána sin a bhrath trína gcur i gcomparáid le sonraí atá stóráilte i gcóras eile. Chun an fhadhb sin a réiteach, tá gá le hionstraim theicniúil ar leibhéal an Aontais lenar féidir náisiúnaigh tríú tír a shainaithint go cruinn chun na gcríoch sin.

(37) Ba cheart go gcruthófaí agus go stórálfaí sa bhrathadóir ilchéannachtaí naisc idir na sonraí atá i gcórais faisnéise éagsúla an Aontais Eorpaigh chun iliomad céannachtaí a bhrath, agus an dá chuspóir aige seiceálacha céannachta a éascú le haghaidh taistealaithe *bona fide*, agus calaois chéannachta a chomhrac. Níor cheart a bheith sa bhrathadóir ilchéannachtaí ach na naisc idir daoine a bhfuil a sonraí i níos mó ná córas faisnéise amháin de chuid an Aontais Eorpaigh agus níor cheart a bheith ann ach na sonraí is gá chun a fhíorú go bhfuil duine taifeadta go dleathach nó go neamhdhleathach faoi chéannachtaí beathaisnéiseacha éagsúla i gcórais éagsúla, nó chun a shoiléiriú go bhféadfadh sé nach é an duine céanna atá ann i gcás beirt a bhfuil sonraí beathaisnéiseacha cosúla acu. Ba cheart a laghad próiseála sonraí agus is féidir a dhéanamh tríd an tairseach cuardaigh Eorpach agus an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chun sainchomhaid atá i gcórais éagsúla a nascadh, agus, dá bhrí sin, is ilchéannachtaí amháin a bhraitear nuair a chuirfear sonraí nua le ceann de na córais faisnéise atá mar chuid den stóras coiteann sonraí céannachta agus SIS. Ba cheart a bheith mar chuid den bhrathadóir ilchéannachtaí coimircí i gcoinne idirdhealú a d'fhéadfadh tarlú nó cinntí neamhfhabhracha i gcás daoine a bhfuil iliomad céannachtaí dleathacha acu.

(38) Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le hoibríochtaí nua próiseála sonraí atá ceaptha ceart-sainaithint na ndaoine lena mbaineann a áirithiú. Is cur isteach an fhoráil sin ar a

gcearta bunúsacha arna gcosaint le hAirteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Ós rud é go mbeidh cur chun feidhme éifeachtúil chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh ag brath ar ceart-sainaithint na ndaoine lena mbaineann, tá údar leis an gcur isteach sin ar bhonn na gcuspóirí céanna dar bunaíodh gach ceann de na córais sin: bainistiú éifeachtúil theorainneacha an Aontais, slándáil inmheánach an Aontais, cur chun feidhme éifeachtúil bheartais tearmainn agus víosaí an Aontais, agus an comhraic i gcoinne imirce neamhrialta.

(39) Ba cheart don tairseach cuardaigh Eorpach agus don tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha sonraí daoine atá sa stóras coiteann sonraí céannachta agus in SIS a chur i gcomparáid i gcás ina gcruthóidh údarás náisiúnta nó comhlacht de chuid an Aontais taifid nua. Ba cheart an chomparáid sin a dhéanamh ar bhonn uathoibrithe. Ba cheart don stóras coiteann sonraí céannachta agus do SIS an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha a úsáid chun naisc a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath, ar bhonn na sonraí bithmhéadracha. Chun naisc ar bhonn sonraí alfa-uimhriúla a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath, ba cheart don stóras coiteann sonraí céannachta agus do SIS an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid. Ba cheart don stóras coiteann sonraí céannachta agus do SIS a bheith in ann sonraí comhionanna nó sonraí cosúla a bhaineann leis an náisiúnach tríú tír agus atá stóráilte i roinnt córas éagsúil a shainaithint. Más amhlaidh atá, ba cheart nasc a bhunú lena léirítear gurb é an duine céanna é. Ba cheart an stóras coiteann sonraí céannachta agus SIS a chumrú sa chaoi agus nach gcuirfear aon bhac gan údar ar an náisiúnach tríú tír lena mbaineann má bhraitear botúin bheaga traslitrithe nó litrithe.

(40) Ba cheart don údarás náisiúnta nó don chomhlacht de chuid an Aontais a thaifead na sonraí sa chóras faisnéise ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh na naisc sin a dheimhniú nó a athrú. Ba cheart rochtain a bheith ag an údarás sin ar na sonraí a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS agus sa bhrathadóir ilchéannachtaí chun críche an fhíoraithe céannachta de láimh.

(41) Údaráis na mBallstát agus comhlachtaí de chuid an Aontais a bhfuil rochtain acu ar cheann amháin ar a laghad de chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh atá cuimsithe sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS, ba cheart an rochtain atá acu ar an mbrathadóir ilchéannachtaí a theorannú do naisc dhearga i gcás ina mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach sonraí céannachta éagsúla ag na sonraí nasctha agus inarb í conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú go mbaineann siad go neamhdhleathach leis an duine céanna, nó i gcás ina mbeidh sonraí céannachta cosúla ag na sonraí nasctha agus inarb í conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú go mbaineann siad go neamhdhleathach leis an duine céanna. I gcás nach bhfuil na sonraí céannachta nasctha cosúil, ba cheart nasc buí a bhunú agus fíorú de láimh a dhéanamh chun an nasc a dheimhniú nó an dath a athrú dá réir sin.

(42) Ba cheart don údarás a chruthaigh nó a nuashonraigh na sonraí a thionscain amas, lenar léiríodh nasc le sonraí atá stóráilte cheana i gcóras faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh, a áirithiú go ndéantar fíorú de láimh ar iliomad céannachtaí. Ba cheart don údarás atá freagrach as iliomad céannachtaí a fhíorú a mheas an ann d'iliomad céannachtaí dleathacha nó neamhdhleathacha. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh, nuair is féidir, i láthair an náisiúnaigh tríú tír agus, i gcás inar gá, trí bhreis soiléirithe nó faisnéise a iarraidh. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh gan mhoill, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla maidir le cruinneas faisnéise faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

(43) I gcás na nasc arna bhfáil i dtaca le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhaineann leis na foláirimh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun críoch tabhairt suas nó chun críoch eiseachadta, maidir le daoine atá ar iarraidh nó daoine leochaileacha, maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach agus maidir le daoine atá faoi réir seiceálacha discréideacha nó seiceálacha sonracha nó daoine anaithnide a bhfuiltear sa tóir orthu, ba cheart gurbh é biúró SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh an t-údarás a bheadh freagrach as a fhíorú go bhfuil ann d'iliomad céannachtaí. Is catagóirí íogaire iad na catagóirí sin d'fholáirimh SIS agus ní gá iad a chomhroinnt leis na húdaráis a chruthaíonn nó a nuashonraíonn na sonraí i gceann de na córais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Ba cheart nasc a chruthú le sonraí SIS gan dochar do na bearta atá le déanamh i gcomhréir le [Rialacháin SIS].

(44) Ba cheart do eu-LISA sásraí uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus táscairí coiteanna cáilíochta sonraí a bhunú. Ba cheart do eu-LISA a bheith freagrach as inniúlacht lárnach faireacháin a fhorbairt le haghaidh cáilíocht sonraí agus as tuarascálacha rialta ar anailísiú sonraí a chur ar fáil chun rialú chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh ag na Ballstáit a fheabhsú. Ba cheart a áireamh sna táscairí coiteanna cáilíochta na híoschaighdeáin cháilíochta i dtaca le sonraí a stóráil i gcórais faisnéise an Aontais Eorpaigh, nó na comhpháirteanna idir-inoibritheachta. Ba cheart a bheith mar aidhm ag caighdeáin cáilíochta sonraí den sórt sin go sainaithneodh córais faisnéise an Aontais Eorpaigh nó na comhpháirteanna idir-inoibritheachta go huathoibríoch sonraí arna gcur isteach ar dócha iad a bheith mícheart nó neamhréireach chun go bhféadfadh an Ballstát tionscnaimh na sonraí a fhíorú agus na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh.

(45) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha cáilíochta eu-LISA agus moltaí a eisiúint do na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as plean gníomhaíochta a ullmhú ina mbeadh cur síos ar bhearta maidir le haon easnaimh sa cháilíocht sonraí a leigheas agus ba cheart tuairisc rialta a thabhairt ar dhul chun cinn an phlean sin.

(46) Ba cheart a bhunú leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta caighdeán le haghaidh malartú struchtúrtha, trasteorann faisnéise idir córais faisnéise, údaráis agus/nó eagraíochtaí i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile. Sainítear leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta stór focal coiteann agus struchtúir loighciúla le haghaidh faisnéis arna malartú go comhpháirteach d'fhonn an idir-inoibritheacht a éascú trí chruthú agus léamh inneachar an mhalartaithe a chumasú ar bhealach comhsheasmhach atá coibhéiseach ó thaobh na séimeantaice de.

(47) Ba cheart lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a bhunú ar mhaithe le sonraí staidrimh traschórais a ghiniúint agus tuairisciú anailíseach a dhéanamh chun críocha beartas, cáilíocht sonraí agus chun críocha oibríochtúla. Ba cheart do eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla áit a bhfuil sonraí staidrimh anaithnide ó na córais thuasluaite, ón stóras coiteann sonraí céannachta, ón mbrathadóir ilchéannachtaí agus ón tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Níor cheart a bheith in ann daoine a shainaithint ó na sonraí atá sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh. Ba cheart do eu-LISA na sonraí anaithnide a dhéanamh de na sonraí sin agus na sonraí anaithnide sin a thaifeadadh sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh. Ba cheart an córas chun sonraí anaithnide dhéanamh de na sonraí sin a bheith uathoibrithe agus níor cheart aon rochtain dhíreach a thabhairt d'fhoireann eu-LISA ar aon sonraí pearsanta

atá stóráilte i gcórais faisnéise an Aontais Eorpaigh nó sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

(48) Ba cheart feidhm a bheith le Rialachán (AE) 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis náisiúnta faoin Rialachán seo, ach amháin más iad na húdaráis ainmnithe nó lárphointí rochtana na mBallstát a dhéanann an phróiseáil sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú agus sa chás sin ba cheart feidhm a bheith le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(49) (49)Ba cheart feidhm a bheith leis na forálacha sonracha maidir le cosaint sonraí atá i [Rialachán EES], Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, [Rialachán ETIAS] agus [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann] i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sna córais sin.

(50) Ba cheart feidhm a bheith le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60] maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag eu-LISA agus ag institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus a bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/794 ar cheart feidhm a bheith aige maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Europol.

(51) Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta neamhspleácha arna mbunú i gcomhréir le [Rialachán (AE) 2016/679] faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit, agus ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí mar a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus do na húdaráis mhaoirseachta comhoibriú le chéile chun faireachán a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta le comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

(52) “(...) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim uaidh maidir le…"

(53) A mhéid a bhaineann le rúndacht, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha de Rialacháin Foirne oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh maidir le hoifigigh nó le seirbhísigh eile atá fostaithe agus ag obair i dtaca le SIS.

(54) Ba cheart do na Ballstáit agus do eu-LISA araon pleananna slándála a chothabháil chun cur chun feidhme na n-oibleagáidí slándála a éascú agus ba cheart dóibh comhoibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála. Ba cheart do eu-LISA a áirithiú freisin go bhfuil na forbairtí teicneolaíochta is déanaí in úsáid i rith an ama chun sláine sonraí a áirithiú maidir le forbairt, dearadh agus bainistiú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta.

(55) Beidh tionchar ag cur chun feidhme na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar an mbealach a ndéantar seiceálacha ag na pointí trasnaithe teorann. Is iad cur i bhfeidhm comhpháirteach na rialacha a leagtar síos i

[60] Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61] agus na rialacha maidir le hidir-inoibritheacht dá bhforáiltear sa Rialachán seo is cúis leis na hathruithe sin.

(56) De thoradh na rialacha seo a bheith á gcur i bhfeidhm go comhpháirteach, ba cheart gurb é an tairseach cuardaigh Eorpach an príomhphointe rochtana le haghaidh ceadú éigeantach córasach náisiúnaigh tríú tír sna bunachair sonraí ag na pointí trasnaithe teorainn ar ceadú é dá bhforáiltear le Cód Teorainneacha Schengen. Ina theannta sin, ba cheart do na gardaí teorann na sonraí céannachta ba chúis le nasc a aicmiú mar nasc dearg sa bhrathadóir ilchéannachtaí a thabhairt san áireamh chun a mheas an gcomhlíonann an duine na coinníollacha dul isteach arna sainiú i gCód Teorainneacha Schengen. Mar sin féin, ní leor nasc dearg a bheith ann le dul isteach a dhiúltú, agus níor cheart leasú a dhéanamh, dá bhrí sin, ar an bhforas a luaitear i gCód Teorainneacha Schengen maidir le dul isteach a dhiúltú.

(57) B'iomchuí an Treoirleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann a nuashonrú chun na soiléirithe sin a dhéanamh níos follasaí.

(58) Mar sin féin, bheadh leasú ar Rialachán (AE) 2016/399 de dhíth, d'fhonn gan cur leis an am feithimh le linn na seiceálacha ar an gcéad líne, chun oibleagáid a chur ar an ngarda teorann náisiúnach tríú tír a chur chuig seiceáil ar an dara líne i gcás ina léireodh cuardach an bhrathadóra ilchéannachtaí tríd an tairseach cuardaigh Eorpach go raibh ann do nasc buí nó nasc dearg.

(59) I gcás ina mbeadh nasc buí nó ina mbraithfí nasc dearg de thoradh chuardach an bhrathadóra ilchéannachtaí tríd an tairseach cuardaigh Eorpach, ba cheart don gharda teorann ar an dara líne an stóras coiteann sonraí céannachta nó Córas Faisnéise Schengen, nó an dá cheann, a cheadú chun go bhféadfadh sé measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoin duine atá á sheiceáil, chun an chéannacht éagsúil atá luaite leis a fhíorú de láimh, agus chun dath an naisc a athrú más gá.

(60) Chun tacú le cuspóirí an staidrimh agus an tuairiscithe, is gá rochtain a thabhairt d'fhoireann údaraithe na n-údarás inniúil agus do na hinstitiúidí agus na comhlachtaí arna sainaithint sa Rialachán seo ar shonraí áirithe a cheadú a bhaineann le comhpháirteanna idir-inoibritheachta áirithe gan sainaithint daoine a chumasú.

(61) Chun go mbeidh na húdaráis inniúla agus comhlachtaí de chuid an Aontais in ann dul in oiriúint do na ceanglais nua maidir le húsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí, is gá foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse a bheith ann. Ar an gcaoi chéanna, chun foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú comhleanúnach optamach an bhrathadóra ilchéannachtaí, ba cheart bearta idirthréimhseacha a bhunú nuair a chuirtear tús le hoibríochtaí an bhrathadóra.

(62) Is lú na costais arna meas faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha maidir leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a fhorbairt ná an méid atá fágtha sa bhuiséad atá curtha i leataobh do Theorainneacha Cliste i Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]. Dá réir sin, faoin Rialachán seo, de bhun Airteagal 5(5)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 515/2014, ba cheart ath-leithdháileadh a

[61] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

[62] Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

dhéanamh ar an méid atá curtha i leataobh faoi láthair chun córais TF a fhorbairt d'fhonn tacú le bainistiú sreafaí imirce thar na teorainneacha seachtracha.

(63) Chun gnéithe teicniúla mionsonraithe áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le próifíl úsáideoirí na tairsí cuardaigh Eorpaí agus inneachar agus formáid na bhfreagraí a sholáthróidh tairseach cuardaigh Eorpach. Tá sé tábhachtach go háirithe go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn an ullmhúcháin a bheidh ar bun aige, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[63]. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil san am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(64) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas: sásraí, nósanna imeachta agus táscairí uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí; forbairt caighdeáin na formáide uilíche teachtaireachta; nósanna imeachta chun cásanna a bhaineann le céannachtaí cosúla a chinneadh; oibriú an lárstórais um thuairisciú agus staidreamh; agus an nós imeachta comhair i gcás teagmhais slándála. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64].

(65) Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/794 i dtaca le próiseáil sonraí Europol chun críocha an Rialacháin seo.

(66) Ní dochar an Rialachán seo do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE.

(67) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen.

(68) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta féin é.

(69) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón

---

63 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2016.123.01.0001.01.ENG.

64 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

gComhairle[65]; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(70) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[66]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(71) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen[67] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A, pointe B agus pointe G d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin[68].

(72) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[69] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A, pointe B agus pointe G d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[70].

(73) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[71] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A, pointe B agus pointe G d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[72].

(74) Maidir leis an gCipir, is é atá sna forálacha a bhaineanna le SIS agus VIS forálacha a chuireann le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(75) Maidir leis an mBulgáir agus an Rómáin, is é atá sna forálacha a bhaineanna le SIS agus VIS forálacha a chuireann le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 arna léamh i gcomhréir le

---

[65] Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

[66] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

[67] IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

[68] IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

[69] IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

[70] IO L 53, 27.2.2008, lch. 1.

[71] IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

[72] IO L 160, 18.6.2011, lch. 19.

Cinneadh 2010/365/AE[73] ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle[74].

(76) Maidir leis an gCróit, is é atá sna forálacha a bhaineann le SIS agus VIS forálacha a chuireann le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 arna léamh i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/733[75] ón gComhairle.

(77) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus cuirfear i bhfeidhm é i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

(78) Chun gur féidir an Rialachán seo a chomhtháthú sa chreat dlíthiúil atá ann cheana, ba cheart Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, Rialachán (CE) 767/2008 agus Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I
# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo, i gcomhar le [Rialachán 2018/xx maidir le hidir-inoibritheacht (comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach, tearmann agus imirce)] creat chun idir-inoibritheacht idir an córas dul isteach/imeachta (EES) an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), [an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)], Eurodac, córas faisnéise Schengen (SIS), agus [an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla do náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN)] a áirithiú chun go mbeidh na córais agus na sonraí sin ag forlíonadh a chéile.

2. Beidh sa chreat sin na comhpháirteanna idir-inoibritheachta seo a leanas:

   (a) tairseach cuardaigh Eorpach;

   (b) seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha;

   (c) stóras coiteann sonraí céannachta;

   (d) brathadóir ilchéannachtaí;

3. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin forálacha maidir le ceanglais cáilíochta sonraí, formáid uilíoch teachtaireachta (UMF), agus lárstóras um thuairisciú agus staidreamh, agus leagtar síos leis freisin freagrachtaí na mBallstát agus na Gníomhaireachta Eorpaí um bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála

---

[73] Cinneadh 2010/365/AE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2010 i ndáil leis na forálacha sin de chuid acquis Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin (IO L 166, 1.7.2010, lch. 17).

[74] Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 maidir le forálacha áirithe d'acquis Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosaí i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin a chur i bhfeidhm (IO L 269, 19.10.2017, lch. 39).

[75] Cinneadh (AE) 2017/733 ón gComhairle an 25 Aibreán 2017 i ndáil leis na forálacha sin de chuid acquis Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cróite, IO L 108, 26.4.2017, lch. 31.

TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA), i dtaca le dearadh agus oibríocht na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta.

4. Leis an Rialachán freisin déantar na nósanna imeachta agus na coinníollacha a oiriúnú le haghaidh údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le comhar i bhforfheidhmiú an dlí, i dtaca le rochtain a fháil ar an gcóras dul isteach/imeachta (EES), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), [an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS),] agus Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a thagann faoina n-inniúlacht a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

*Airteagal 2*
*Cuspóirí na hidir-inoibritheachta*

1. Tríd an idir-inoibritheacht a áirithiú, beidh ag an Rialachán seo na cuspóirí seo a leanas:

(a) bainistiú teorainneacha seachtracha a fheabhsú;

(b) cuidiú le himirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac;

(c) chun leibhéal ard slándála a áirithiú i limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais, lena n-áirítear slándáil phoiblí agus beartas poiblí a chothabháil agus an tslándáil a chosaint ar chríocha na mBallstát.

(d) cur chun feidhme an chomhbheartais víosaí a fheabhsú; agus

(e) cúnamh a thabhairt iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú.

2. Na cuspóirí maidir le hidir-inoibritheacht a áirithiú, bainfear amach iad mar seo a leanas:

(a) trí cheart-sainaithint daoine a áirithiú;

(b) trí chuidiú chun calaois aitheantais a chomhrac;

(c) trí cheanglais cáilíochta sonraí a fheabhsú agus a chomhchuibhiú i gcás chórais faisnéise ábhartha an Aontais Eorpaigh;

(d) trí chúnamh a thabhairt do na Ballstáit le cur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil na gcóras faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo;

(e) trí na coinníollacha slándála sonraí agus cosanta sonraí a rialaíonn córais faisnéise ábhartha an Aontais Eorpaigh a neartú agus a shimpliú agus a dhéanamh níos aonfhoirmí;

(f) trí na coinníollacha maidir le rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar EES, VIS, [ETIAS] agus Eurodac a chuíchóiriú;

(g) trí thacú le cuspóirí EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus an chórais ECRIS-TCN

*Airteagal 3*
*Raon Feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis [an gcóras dul isteach/imeachta (EES)], an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), [an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)] agus córas faisnéise Schengen (SIS).

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine a bhféadfar a sonraí pearsanta a phróiseáil sa chóras faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 4Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

(1) ciallaíonn "teorainneacha seachtracha" teorainneacha seachtracha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2016/399;

(2) ciallaíonn "seiceálacha teorann" seiceálacha teorann mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) 2016/399;

(3) ciallaíonn "údarás teorann" an garda teorannar cuireadh de chúram air, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, seiceálachateorann a dhéanamh;

(4) ciallaíonn "údaráis mhaoirseachta" an t-údarás maoirseachta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus an t-údarás maoirseachta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Threoir (AE) 2016/680;

(5) ciallaíonn "fíorú" an próiseas arb é atá ann comparáid a dhéanamh idir tacair sonraí chun bailíocht na céannachta a mhaítear a bheith ag duine a shuíomh (sampla amháin a chur i gcomparáid le sampla eile);

(6) ciallaíonn "sainaithint" an próiseas arb é atá ann céannacht duine a dheimhniú trí chuardach a dhéanamh ar iliomad tacar sonraí i mbunachar sonraí (sampla amháin a chur i gcomparáid le hiliomad samplaí);

(7) ciallaíonn "náisiúnach tríú tír" aon duine nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20(1) den Chonradh, nó duine gan stát, nó duine nach eol an náisiúntacht atá aige;

(8) ciallaíonn "sonraí alfa-uimhriúla" sonraí a léirítear le litreacha, le digití, le saincharachtair, le spásanna agus le comharthaí poncaíochta;

(9) ciallaíonn "sonraí céannachta" na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 27(3)(a) go (h);

(10) ciallaíonn "sonraí méarlorg" na sonraí a bhaineann le méarloirg duine;

(11) ciallaíonn "íomhá den aghaidh" íomhánna digiteacha den aghaidh;

(12) ciallaíonn "sonraí bithmhéadracha" sonraí méarlorg/nó agus íomhá den aghaidh;

(13) ciallaíonn "teimpléad bithmhéadrach" léiriú matamaitice a fhaightear trí shonraí céannachta a asbhaint ó na sonraí bithmhéadracha atá teoranta do na gnéithe a theastaíonn chun sainaithint agus fíorú a dhéanamh;

(14) ciallaíonn "doiciméad taistil" pas nó a chomhionann de dhoiciméad, a thugann teideal don sealbhóir dul trasna teorainneacha seachtracha agus ar féidir víosa a ghreamú de;

(15) ciallaíonn "sonraí an doiciméid taistil" cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil, dáta éagtha bhailíocht an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a eisíonn an doiciméad taistil;

(16) ciallaíonn "údarú taistil" údarú mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de [Rialachán ETIAS];

(17) ciallaíonn "víosa ghearrfhanachta" víosa mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (CE) 810/2009;

(18) ciallaíonn "córais faisnéise an Aontais Eorpaigh" na córais mhórscála TF arna mbainistiú ag eu-LISA;

(19) ciallaíonn "sonraí Europol" na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil do Europol chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/794;

(20) ciallaíonn "bunachair sonraí Interpol" bunachar sonraí Interpol ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh (SLTD) agus bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí (Interpol TDAWN);

(21) ciallaíonn "meaitseáil" ceangal comhfhreagrach a shuitear trí shonraí pearsanta atá ar taifead in dhá cheann nó níos mó de chórais faisnéise nó de bhunachair a chur i gcomparáid;

(22) ciallaíonn "amas" go bhfuil meaitseáil amháin nó níos mó ann;

(23) ciallaíonn "an t-údarás póilíneachta" an t-údarás inniúil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Threoir 2016/680;

(24) ciallaíonn "na húdaráis ainmnithe" údaráis ainmnithe an Bhallstáit dá dtagraítear in Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2017/2226, Airteagal 3(1) de Chinneadh 2008/633/CGB, [Airteagal 43 de Rialachán ETIAS] agus [Airteagal 6 de Rialachán Eurodac];

(25) ciallaíonn "cion sceimhlitheoireachta" cion faoin dlí náisiúnta a chomhfhreagraíonn do cheann de na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 nó atá coibhéiseach le ceann acu;

(26) ciallaíonn "cion coiriúil tromchúiseach" cion a chomhfhreagraíonn do cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó atá coibhéiseach le ceann acu, má tá sé inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith coimeádta nó le hordú coinneála arb é 3 bliana ar a laghad a uastréimhse;

(27) ciallaíonn "EES" an córas dul isteach agus imeachta mar a thagraítear dó i Rialachán (AE) 2017/2226;

(28) ciallaíonn "VIS" an córas faisnéise víosaí mar a thagraítear dó i Rialachán (AE) 767/2008;

(29) [ciallaíonn "ETIAS" Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil mar a thagraítear dó i Rialachán ETIAS];

(30) ciallaíonn "Eurodac" Eurodac mar a thagraítear dó i [Rialachán Eurodac];

(31) ciallaíonn "SIS" córas faisnéise Schengen mar a thagraítear dó i [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann, Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus Rialachán SIS sa réimse maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais];

(32) [ciallaíonn "an córas ECRIS-TCN" an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla ina bhfuil faisnéis faoi chiontú náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát mar a thagraítear dó sa Rialachán maidir leis an gcóras ECRIS-TCN];

(33) ciallaíonn "an tairseach cuardaigh Eorpach" an tairseach cuardaigh Eorpach mar a thagraítear dó in Airteagal 6;

(34) ciallaíonn "an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha" an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha mar a thagraítear dó in Airteagal 15;

(35) ciallaíonn "stóras coiteann sonraí céannachta" an stóras coiteann sonraí céannachta mar a thagraítear dó in Airteagal 17;

(36) ciallaíonn "brathadóir ilchéannachtaí" an brathadóir ilchéannachtaí mar a thagraítear dó in Airteagal 25;

(37) ciallaíonn "lárstóras um thuairisciú agus staidreamh" an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh mar a thagraítear dó in Airteagal 39.

*Airteagal 5*
*Neamh-idirdhealú*

Ní bheidh mar thoradh ar shonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an Rialacháin seo go ndéanfar idirdhealú in aghaidh daoine ar bhonn inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó claonadh gnéasach. Déanfar dínit agus iomláine an duine a lán-urramú. Tabharfar aird ar leith ar leanaí, daoine aosta agus daoine a bhfuil míchumas orthu.

# CAIBIDIL II
# An Tairseach Cuardaigh Eorpach

*Airteagal 6*
*An tairseach cuardaigh Eorpach*

1. Bunaítear an tairseach cuardaigh Eorpach chun críocha a áirithiú go mbíonn rochtain thapa, rianúil, éifeachtúil, chórasach agus rialaithe ag údaráis na mBallstát agus ag comhlachtaí an Aontais Eorpaigh ar chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh, ar shonraí Europol agus ar na bunachair sonraí Interpol atá de dhíth orthu chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir lena gcearta rochtana agus chun críocha tacú le cuspóirí EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS, [an chórais ECRIS-TCN] agus sonraí Europol.

2. Is é a bheidh sa tairseach cuardaigh Eorpach:

(a) bonneagar lárnach, lena n-áirítear tairseach cuardaigh a fhéachann le EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS agus [an córas ECRIS-TCN] mar aon le sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a chuardach san am céanna;

(b) bealach cumarsáide slán idir an tairseach cuardaigh Eorpach, na Ballstáit agus comhlachtaí an Aontais atá i dteideal an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid i gcomhréir le dlí an Aontais;

(c) bonneagar cumarsáide slán idir an tairseach cuardaigh Eorpach agus EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS Láir agus [an córas ECRIS-TCN], sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol agus idir an tairseach cuardaigh Eorpach agus bonneagair lárnacha an stórais choitinn sonraí céannachta agus an bhrathadóra ilchéannachtaí.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh an tairseach cuardaigh Eorpach agus a áiritheoidh bainistiú teicniúil na tairsí.

*Airteagal 7*
*Úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí*

1. Le húsáid ag údaráis na mBallstát agus comhlachtaí an Aontais a bhfuil rochtain acu ar EES, VIS, *[ETIAS], Eurodac, SIS agus [an córas ECRIS-TCN], ar an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí agus ar shonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a bheidh an tairseach cuardaigh Eorpach, agus acu siúd amháin*, i gcomhréir le dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta a rialaíonn an rochtain sin.

2. Úsáidfidh na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 an tairseach cuardaigh Eorpach chun sonraí a chuardach a bhaineann le daoine nó lena ndoiciméid taistil i lárchórais EES, VIS agus [ETIAS] i gcomhréir lena gcearta rochtana faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Úsáidfidh siad an tairseach cuardaigh Eorpach freisin chun an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach i gcomhréir lena gcearta rochtana faoin Rialachán seo chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22.

3. Féadfaidh údaráis na mBallstát dá dtagraítear i mír 1 an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid chun sonraí a chuardach a bhaineann le daoine nó a ndoiciméid taistil in SIS Láir dá dtagraítear i [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann agus i Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí]. Bunófar rochtain ar SIS Láir leis an tairseach cuardaigh Eorpach trí chóras náisiúnta (N.SIS) gach Ballstáit i gcomhréir le [hAirteagal 4(2) de Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann agus de Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí].

4. Bainfidh comhlachtaí an Aontais Eorpaigh úsáid as an tairseach cuardaigh Eorpach chun sonraí a chuardach in SIS Láir a bhaineann le daoine nó a ndoiciméid taistil.

5. Féadfaidh na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid chun sonraí a chuardach i mbunachair sonraí Interpol a bhaineann le daoine nó a ndoiciméid taistil i gcomhréir lena gcearta rochtana faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

*Airteagal 8*
*Próifíl le haghaidh úsáideoirí na tairsí cuardaigh Eorpaí*

1. Chun críocha úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí a éascú, cruthóidh eu-LISA próifíl le haghaidh gach catagóire úsáideora de chuid na tairsí cuardaigh Eorpaí i gcomhréir leis na sonraí teicniúla agus na cearta rochtana dá dtagraítear i mír 2, lena n-áireofar, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, an méid seo a leanas:

   (a) na réimsí sonraí a bheidh le húsáid chun an cuardach a dhéanamh;

   (b) córais faisnéise an Aontais Eorpaigh, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a cheadófar agus a fhéadfar a cheadú agus óna bhfaighidh an t-úsáideoir freagra; agus

   (c) na sonraí a sholáthraítear i ngach freagra.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 63 chun sonraí teicniúla na bpróifílí dá dtagraítear i mír 1 a shonrú le haghaidh úsáideoirí na

tairsí cuardaigh Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1) i gcomhréir lena gcearta rochtana.

*Airteagal 9*
*Cuardaigh*

1. Seolfaidh úsáideoirí na tairsí cuardaigh Eorpaí cuardach trí shonraí a chur isteach sa tairseach cuardaigh Eorpach i gcomhréir lena bpróifíl úsáideora agus a gcearta rochtana. I gcás ina seolfar cuardach, déanfaidh an tairseach cuardaigh Eorpach, ag baint úsáid as na sonraí a thug úsáideoir na tairsí cuardaigh Eorpaí leis, cuardach san am céanna in EES, VIS*, [ETIAS], Eurodac, SIS agus [sa chóras ECRIS-TCN] agus sa stóras coiteann sonraí céannachta agus i sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol.*

2. Na réimsí sonraí a úsáidfear chun cuardach a sheoladh leis an tairseach cuardaigh Eorpach, beidh siad ag teacht leis na réimsí sonraí a bhaineann le daoine nó le doiciméid taistil a fhéadfar a úsáid chun córais faisnéise éagsúla an Aontais Eorpaigh, sonraí Europol agus bunachair sonraí Interpol a chuardach, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí a rialaíonn iad.

3. Cuirfidh eu-LISA doiciméad um rialú comhéadain chun feidhme ar bhonn na formáide uilíche teachtaireachta dá dtagraítear in Airteagal 38 i leith na tairsí cuardaigh Eorpaí.

4. Soláthróidh EES, VIS, [ETIAS], Eurodac, SIS, [an córas ECRIS-TCN], an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí, mar aon le sonraí Europol *agus bunachair sonraí Interpol,* na sonraí atá iontu a aimsítear mar thoradh ar an gcuardach leis an tairseach cuardaigh Eorpach.

5. Nuair a dhéanfar bunachair sonraí Interpol a chuardach áiritheofar, a bhuí le dearadh na tairsí cuardaigh Eorpaí, nach roinnfear le húinéirí sonraí Interpol na sonraí a úsáideann úsáideoir na tairsí cuardaigh Eorpaí chun cuardach a sheoladh.

6. Freagra uathúil a bheidh sa fhreagra a thabharfar d'úsáideoir na tairsí cuardaigh Eorpaí agus beidh ann na sonraí uile a bhfuil rochtain ag an úsáideoir orthu faoi dhlí an Aontais. I gcás inar gá, léireoidh an freagra a sholáthróidh an tairseach cuardaigh Eorpach cén córas nó cén bunachar sonraí lena mbaineann na sonraí.

7. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 63 chun ábhar agus formáid na freagraí a sholáthróidh an tairseach cuardaigh Eorpach a shonrú.

*Airteagal 10*
*Logaí a choinneáil*

1. Gan dochar d'[Airteagal 46 de Rialachán EES], Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, [Airteagal 59 de thogra ETIAS] agus Airteagal 12 agus Airteagal 18 de Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann, coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh den tairseach cuardaigh Eorpach. Áireofar sna logaí sin, go háirithe, an méid seo a leanas:

   (a) údarás an Bhallstáit agus úsáideoir aonair na tairsí cuardaigh Eorpaí, lena n-áirítear próifíl na tairsí cuardaigh Eorpaí a úsáidtear mar a thagraítear dó in Airteagal 8;

(b) dáta agus am an chuardaigh;

(c) córais faisnéise an Aontais Eorpaigh agus bunachair sonraí Interpol a chuardaítear;

(d) i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nó, i gcás inarb infheidhme, le Rialachán (AE) 45/2001, marc aitheantais an duine a rinne an cuardach.

2. Ní fhéadfar na logaí a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil sonraí a áirithiú de bhun Airteagal 42. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, agus scriosfar iad bliain amháin tar éis a gcruthaithe, mura mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin.

*Airteagal 11*

*Nósanna imeachta cúltaca i gcás nach bhfuil sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid*

1. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid chun córas faisnéise amháin nó níos mó de chuid an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a chuardach ná chun an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach de dheasca chliseadh na tairsí cuardaigh Eorpaí, tabharfaidh eu-LISA fógra d'úsáideoirí na tairsí cuardaigh Eorpaí ina leith sin.

2. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid chun córas faisnéise amháin nó níos mó de chuid an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a chuardach ná chun an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach de dheasca chliseadh an bhonneagair náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit sin fógra do eu-LISA agus don Choimisiún ina leith sin.

3. I gceachtar den dá chás, agus go dtí go réiteofar an cliseadh teicniúil, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus (4) maidir leis an dá chás sin agus féadfaidh na Ballstáit na córais faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 9(1) nó an stóras coiteann sonraí céannachta a rochtain go díreach ach a gcomhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta ábhartha nó a mbonneagair cumarsáide náisiúnta a úsáid.

# CAIBIDIL III
# Seirbhís Chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha

*Airteagal 12*

*Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha*

1. Bunaítear seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ina stóráiltear teimpléid bhithmhéadracha agus lenar féidir sonraí bithmhéadracha a chuardach i roinnt córas faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh chun críocha tacú leis an stóras coiteann sonraí céannachta agus leis an mbrathadóir ilchéannachtaí agus le cuspóirí EES, VIS, Eurodac, SIS agus [an chórais ECRIS-TCN].

2. Is é a bheidh sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha:

(a) bonneagar lárnach, lena n-áirítear inneall cuardaigh agus ionad stórála na

sonraí dá dtagraítear in Airteagal 13;

(b) bonneagar cumarsáide slán idir an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, SIS Láir agus an stóras coiteann sonraí céannachta.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus a áiritheoidh bainistiú teicniúil na seirbhíse.

*Airteagal 13*

*Sonraí a stóráiltear sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha*

1. Stórálfar sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha na teimpléid bhithmhéadracha a gheofar ó na sonraí bithmhéadracha seo a leanas:

(a) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 16(1)(d) agus Airteagal 17(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/2226;

(b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(6) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

(c) [na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(w) agus (x) de Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann;

(d) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(w) agus (x) de Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí;

(e) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4(3)(t) agus (u) de Rialachán SIS sa réimse maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais];

(f) [na sonraí á dtagraítear in Airteagal 13(a) de Rialachán Eurodac;]

(g) [na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) agus Airteagal 5(2) de Rialachán ECRIS-TCN.]

2. Beidh i ngach teimpléad bithmhéadrach atá sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha tagairt do na córais faisnéise ina stóráiltear na sonraí bithmhéadracha comhfhreagracha.

3. Ní iontrálfar teimpléid bhithmhéadracha sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha go dtí go ndéanfar seiceáil uathoibrithe cháilíochta ar na sonraí bithmhéadracha a cuireadh le ceann de na córais faisnéise, seiceáil a dhéanann an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chun a dhearbhú go gcomhlíontar íoschaighdeán cáilíochta sonraí.

4. Maidir le stóráil na sonraí dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh sé na caighdeáin cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

*Airteagal 14*

*Sonraí bithmhéadracha a chuardach leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha*

Chun na sonraí bithmhéadracha a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta agus in SIS a chuardach, úsáidfidh an stóras coiteann sonraí céannachta agus SIS na teimpléid bhithmhéadracha a stóráiltear sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Déanfar cuardaigh le sonraí bithmhéadracha i gcomhréir leis na cuspóirí dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i Rialachán EES, Rialachán VIS, Rialachán Eurodac, [Rialacháin SIS] agus [Rialachán ECRIS-TCN].

*Airteagal 15*
*Sonraí a choinneáil sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha*

Stórálfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 13 sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha fad is a stórálfar na sonraí bithmhéadracha comhfhreagracha sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS.

*Airteagal 16*
*Logaí a choinneáil*

1. Gan dochar d'[Airteagal 46 de Rialachán EES], Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus [Airteagal 12 agus Airteagal 18 de Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí], coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh den tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Áiritheofar sna logaí sin, go háirithe, an méid seo a leanas:
   (a) stair chruthú agus stóráil na dteimpléad bithmhéadrach;
   (b) tagairt do chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh a cuardaíodh leis na teimpléid bhithmhéadracha a stóráiltear sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha;
   (c) dáta agus am an chuardaigh;
   (d) na cineálacha sonraí bithmhéadracha arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;
   (e) fad an chuardaigh;
   (f) torthaí an chuardaigh agus dáta agus am an toraidh;
   (g) i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nó, nuair is infheidhme, le Rialachán (AE) 45/2001, marc aitheantais an duine a rinne an cuardach.
2. Ní fhéadfar na logaí a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht cuardaigh agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil sonraí a áirithiú de bhun Airteagal 42. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, agus scriosfar iad bliain amháin tar éis a gcruthaithe, mura mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin. Scriosfar na logaí dá dtagraítear i mír 1(a) a luaithe agus a scriosfar na sonraí.

# CAIBIDIL IV
# Stóras Coiteann Sonraí Céannachta

*Airteagal 17*
*Stóras coiteann sonraí céannachta*

1. Bunaítear stóras coiteann sonraí céannachta, lena gcruthaítear sainchomhad le haghaidh gach duine atá taifeadta in EES, VIS, [ETIAS], Eurodac nó [sa chóras ECRIS-TCN] ina bhfuil na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18, é chun críche cuidiú le ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in EES, VIS, [ETIAS], Eurodac nó [sa chóras ECRIS-TCN] agus chun an tsainaithint sin a éascú, chun tacú le feidhmiú an bhrathadóra ilchéannachtaí agus chun rochtain na n-údarás forfheidhmithe dlí ar

chórais faisnéise nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a éascú agus a chuíchóiriú ar leibhéal an Aontais, i gcás inar gá chun coireacht thromchúiseach a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh.

2. Is é a bheidh sa stóras coiteann sonraí céannachta:

(a) bonneagar lárnach a chuirfear in áit lárchórais EES, VIS, [ETIAS], Eurodac agus [an chórais ECRIS-TCN] sa mhéid agus go stórálfar ann na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18;

(b) bealach cumarsáide slán idir an stóras coiteann sonraí céannachta, na Ballstáit agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh atá i dteideal an tairseach cuardaigh Eorpach a úsáid i gcomhréir le dlí an Aontais;

(c) bonneagar cumarsáide slán idir an stóras coiteann sonraí céannachta agus EES, ETIAS, VIS, Eurodac agus [an córas ECRIS-TCN] agus bonneagair lárnacha na tairsí cuardaigh Eorpaí, an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus an brathadóir ilchéannachtaí.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh an stóras coiteann sonraí céannachta agus a áiritheoidh bainistiú teicniúil an stórais.

*Airteagal 18*
*Na sonraí atá sa stóras coiteann sonraí céannachta*

1. Stórálfar sa stóras coiteann sonraí céannachta na sonraí seo a leanas – a ndéanfar a scaradh go loighciúil – de réir an chórais faisnéise ónar tháinig na sonraí:

(a) na sonraí dá dtagraítear in [Airteagal 16(1)(a) go (d) agus Airteagal 17(1)(a) go (c) de Rialachán EES];

(b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) go (c) ,(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

(c) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) go (e) de [Rialachán ETIAS;]

(d) – (neamhbhainteach)

(e) – (neamhbhaineach)

2. I gcás gach tacair sonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh san áireamh sa stóras coiteann sonraí céannachta tagairt do na córais faisnéise lena mbaineann na sonraí.

3. Maidir le stóráil na sonraí dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh sé na caighdeáin cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

*Airteagal 19*
*Cur leis na sonraí sa stóras coiteann sonraí céannachta, iad a leasú agus iad a scriosadh*

1. I gcás ina gcuirfear leis na sonraí nó ina ndéanfar iad a leasú nó a scriosadh in EES, VIS agus [ETIAS], cuirfear go huathoibríoch leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18 a stóráiltear i sainchomhad an stórais choitinn sonraí céannachta nó déanfar iad a leasú nó a scriosadh dá réir sin.

2. I gcás ina gcruthóidh an brathadóir ilchéannachtaí nasc bán nó nasc dearg i gcomhréir le hAirteagal 32 nó Airteagal 33 idir sonraí dhá cheann nó níos mó de chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh atá mar chuid den stóras coiteann sonraí céannachta, seachas sainchomhad nua a chruthú, cuirfidh an stóras coiteann sonraí céannachta na sonraí nua le sainchomhad na sonraí nasctha.

*Airteagal 20*
*Rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha sainaithint a dhéanamh*

1. I gcás ina dtabharfar an chumhacht, trí bhíthin bearta reachtacha náisiúnta mar a thagraítear dóibh i mír 2, d'údarás póilíneachta Ballstáit chuige sin, féadfaidh an t-údarás sin, chun críche duine a shainaithint agus chun na críche sin amháin, an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach le sonraí bithmhéadracha an duine arna nglacadh le linn seiceáil chéannachta.

   I gcás ina léireoidh an cuardach go bhfuil sonraí an duine sin stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta, beidh rochtain ag údarás na mBallstát ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) lena gceadú.

   I gcás nach féidir sonraí bithmhéadracha an duine a úsáid nó i gcás ina dteipfidh ar an gcuardach leis na sonraí sin, déanfar an cuardach le sonraí céannachta an duine i dteannta shonraí an doiciméid taistil, nó na sonraí céannachta a sholáthraíonn an duine sin.

2. Na Ballstáit ar mian leo an deis a thapú dá bhforáiltear san Airteagal seo, glacfaidh siad bearta reachtacha náisiúnta. Sonrófar sna bearta reachtacha sin cuspóirí sonracha na seiceálacha céannachta de réir na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) agus (c). Ainmneofar iontu na húdaráis phóilíneachta is inniúil agus leagfar síos iontu nósanna imeachta, coinníollacha agus critéir na seiceálacha sin.

*Airteagal 21*
*Rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha iliomad céannachtaí a bhrath*

1. I gcás ina mbeidh de thoradh ar an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach nasc buí i gcomhréir le hAirteagal 28(4), beidh rochtain ag an údarás atá freagrach as na céannachtaí éagsúla arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 29 a fhíorú, beidh rochtain aige ar na sonraí céannachta ata stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta a bhaineann leis na córais faisnéise éagsúla atá nasctha le nasc buí, chun críche an fhíoraithe sin agus chun na críche sin amháin.

2. I gcás ina mbeidh de thoradh ar an stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach nasc dearg i gcomhréir le hAirteagal 32, beidh rochtain ag na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 26(2) ar na sonraí céannachta atá stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta a bhaineann leis na córais faisnéise éagsúla atá nasctha le nasc dearg, chun críche an fhíoraithe sin agus chun na críche sin amháin.

*Airteagal 22*
*An stóras coiteann sonraí céannachta a chuardach chun críocha fhorfheidhmiú an dlí*

1. Chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú i gcás ar leith agus d'fhonn a fháil amach an bhfuil sonraí faoi dhuine ar leith in EES, VIS agus [ETIAS], féadfaidh údaráis ainmnithe na mBallstát agus Europol an stóras coiteann sonraí céannachta a cheadú.

2. Ní bheidh údaráis ainmnithe an Bhallstáit ná Europol i dteideal na sonraí a bhaineann leis [an gcóras ECRIS-TCN] a cheadú nuair atá an stóras coiteann sonraí céannachta á cheadú acu chun na gcríoch a liostaítear i mír 1.

3. Más rud é, mar thoradh ar chuardach, go léiríonn an stóras coiteann sonraí céannachta go bhfuil sonraí faoin duine sin in EES, VIS, agus [ETIAS], tabharfaidh an stóras coiteann sonraí céannachta freagra d'údaráis ainmnithe na mBallstát agus Europol i bhfoirm tagairt ina léireofar cé acu de na córais faisnéise ina bhfuil na sonraí comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 18(2). An freagra a thiocfaidh ón stóras coiteann sonraí céannachta ní sháróidh sé slándáil na sonraí sin.

4. Maidir le rochtain iomlán ar na sonraí atá i gcórais faisnéise an Aontais Eorpaigh chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, leanfaidh an rochtain sin de bheith faoi réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sna hionstraimí reachtacha ábhartha lena rialaítear an rochtain sin.

*Airteagal 23*
*Sonraí a choinneáil sa stóras coiteann sonraí céannachta*

1. Scriosfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus (2) ón stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le forálacha [Rialachán EES], Rialachán VIS agus [Rialachán ETIAS] maidir le coinneáil sonraí.

2. Stórálfar an sainchomhad sa stóras coiteann sonraí céannachta fad is a stórálfar na sonraí comhfhreagracha i gceann amháin ar a laghad de na córais faisnéise a bhfuil a shonraí sa stóras coiteann sonraí céannachta. Ní dhéanfaidh cruthú naisc aon difear do thréimhse coinneála gach píosa ar leith de na sonraí nasctha.

*Airteagal 24*
*Logaí a choinneáil*

1. Gan dochar d'[Airteagal 46 de Rialachán EES], Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, ná [Airteagal 59 de thogra ETIAS], coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh den stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le mír 2, mír 3 agus mír 4.

2. Maidir le haon chineál rochtana ar an stóras coiteann sonraí céannachta de bhun Airteagal 20, coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh den stóras coiteann sonraí céannachta. Áireofar sna logaí sin, go háirithe, an méid seo a leanas:

   (a) cuspóir rochtana an úsáideora atá ag cuardach leis an stóras coiteann sonraí céannachta;

   (b) dáta agus am an chuardaigh;

   (c) na cineálacha sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;

   (d) torthaí an chuardaigh;

   (e) i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nó le Rialachán (AE) 2016/794 nó, i gcás inarb infheidhme, le Rialachán (AE) 45/2001, marc aitheantais an duine a rinne an cuardach.

3. Maidir le rochtain ar bith ar an stóras coiteann sonraí céannachta de bhun Airteagal 21, coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh den stóras coiteann sonraí céannachta. Áireofar sna logaí sin, go háirithe, an méid seo a leanas:

   (a) cuspóir rochtana an úsáideora atá ag cuardach leis an stóras coiteann sonraí céannachta;

(b) dáta agus am an chuardaigh;

(c) i gcás inarb ábhartha, na cineálacha sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;

(d) i gcás inarb ábhartha, torthaí an chuardaigh;

(e) i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nó le Rialachán (AE) 2016/794 nó, i gcás inarb infheidhme, le Rialachán (AE) 45/2001, marc aitheantais an duine a rinne an cuardach.

4. Maidir le haon chineál rochtana ar an stóras coiteann sonraí céannachta de bhun Airteagal 22, coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh den stóras coiteann sonraí céannachta. Áireofar sna logaí sin, go háirithe, an méid seo a leanas:

(a) an tagairt comhaid náisiúnta;

(b) dáta agus am an chuardaigh;

(c) na cineálacha sonraí arna n-úsáid chun an cuardach a sheoladh;

(d) torthaí an chuardaigh;

(e) ainm an údaráis atá ag cuardach an stórais choitinn sonraí céannachta;

(f) i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nó le Rialachán (AE) 2016/794 nó, i gcás inarb infheidhme, le Rialachán (AE) 45/2001, marc aitheantais an duine a rinne an cuardach agus an t-oifigeach a d'ordaigh an cuardach.

Fíoróidh an t-údarás maoirseachta inniúil arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 nó i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir 2016/680, fíoróidh sé na logaí maidir leis an gcineál rochtana sin go rialta gach sé mhí ar a laghad, chun a fhíorú go gcomhlíontar na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22(1) go (3).

5. Coinneoidh gach Ballstát logaí de chuardaigh na foirne atá cuí-údaraithe an stóras coiteann sonraí céannachta a úsáid de bhun Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22.

6. Ní fhéadfar na logaí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 5 a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht iarrata agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil sonraí a áirithiú de bhun Airteagal 42. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, agus scriosfar iad bliain amháin tar éis a gcruthaithe, mura mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin.

7. Stórálfaidh eu-LISA na logaí a bhaineann le stair na sonraí i sainchomhad, chun na gcríoch a shainmhínítear i mír 6. Scriosfar na logaí a bhaineann le stair na sonraí stóráilte a luaithe agus a scriosfar na sonraí.

# CAIBIDIL V
# An Brathadóir ilchéannachtaí

*Airteagal 25*
*An brathadóir ilchéannachtaí*

1. An brathadóir ilchéannachtaí lena gcruthaítear agus lena stóráiltear naisc idir na sonraí i gcórais faisnéise an Aontais Eorpaigh atá freisin sa stóras coiteann sonraí céannachta agus in SIS agus a bhraitheann iliomad céannachtaí ar an gcaoi sin, agus ag a bhfuil an dá chuspóir seiceálacha céannachta a éascú agus calaois chéannachta a chomhrac, bunaítear é chun críche tacú le feidhmiú an stórais choitinn sonraí céannachta agus le cuspóirí EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus [an chórais ECRIS-TCN].

2. Is é a bheidh sa bhrathadóir ilchéannachtaí:

   (a) bonneagar lárnach ina stórálfar naisc agus tagairtí do na córais faisnéise;

   (b) bonneagar cumarsáide slán chun an brathadóir ilchéannachtaí a nascadh le SIS agus le bonneagair lárnacha na tairsí cuardaigh Eorpaí agus leis an stóras coiteann sonraí céannachta.

3. Is é eu-LISA a fhorbróidh an brathadóir ilchéannachtaí agus a áiritheoidh bainistiú teicniúil an bhrathadóra.

*Airteagal 26*
*Rochtain ar an mbrathadóir ilchéannachtaí*

1. Chun críocha an fhíoraithe céannachta de láimh dá dtagraítear in Airteagal 29, tabharfar rochtain ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34 atá stóráilte sa bhrathadóir ilchéannachtaí dóibh seo a leanas:

   (a) údaráis teorann i gcás ina mbeifear ag cruthú nó ag nuashonrú saincomhaid mar a fhoráiltear dó in Airteagal 14 de [Rialachán EES];

   (b) na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán 767/2008 i gcás ina mbeifear ag cruthú nó ag nuashonrú comhad iarratais in VIS i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

   (c) [láraonad ETIAS agus aonaid náisiúnta ETIAS nuair a bheidh an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 20 agus in Airteagal 22 de Rialachán ETIAS á dhéanamh;]

   (d) – (neamhbhainteach);

   (e) biúrónna SIRENE den Bhallstát a chruthaíonn [foláireamh SIS i gcomhréir le Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann];

   (f) – (neamhbhainteach).

2. Údaráis na mBallstát agus comhlachtaí an Aontais a bhfuil rochtain acu ar chóras faisnéise amháin de chuid an Aontais Eorpaigh ar a laghad atá *sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS*, beidh rochtain acu ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34(a) agus (b) maidir le nasc dearg ar bith dá dtagraítear in Airteagal 32.

*Airteagal 27*
*Ilchéannachtaí a bhrath*

1. Déanfar ilchéannachtaí sa stóras coiteann sonraí céannachta agus in SIS a bhrath más rud é:

   (a) go ndéantar sainchomhad a chruthú nó a nuashonrú in [EES i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán EES];

   (b) go ndéantar comhad iarratais a chruthú nó a nuashonrú in VIS i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

   (c) [go ndéantar comhad iarratais a chruthú nó a nuashonrú in ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán ETIAS];

   (d) – (neamhbhainteach);

   (e) [go ndéantar foláireamh i leith duine a chruthú nó a nuashonrú in SIS i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann];

   (f) – (neamhbhainteach).

2. I gcás ina mbeidh sonraí bithmhéadracha mar chuid de na sonraí atá i gcóras faisnéise mar a thagraítear dó i mír 1, úsáidfidh an stóras coiteann sonraí céannachta agus SIS Láir an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chun an brath ilchéannachtaí a dhéanamh. Cuirfidh an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha na teimpléid a fhaightear ó aon sonraí bithmhéadracha nua i gcomparáid leis na teimpléid bhithmhéadracha atá sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha cheana chun a fhíorú cibé acu atá na sonraí a bhaineann leis an náisiúnach tríú tír céanna stóráilte cheana sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS Láir nó nach bhfuil.

3. I dteannta an phróisis dá dtagraítear i mír 2, úsáidfidh an stóras coiteann sonraí céannachta agus SIS Láir an tairseach cuardaigh Eorpach chun na sonraí a chuardach atá stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta agus in SIS Láir tríd na sonraí seo a leanas a úsáid:

   (a) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm (céadainmneacha) (ainm (ainmneacha) baiste); dáta breithe, inscne agus náisiúntacht (náisiúntachtaí) dá dtagraítear in Airteagal 16(1)(a) de [Rialachán EES];

   (b) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm (céadainmneacha) (ainm (ainmneacha) baiste); dáta breithe, inscne agus náisiúntacht (náisiúntachtaí) dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) de Rialachán Uimh. 767/2008;

   (c) [sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm (céadainmneacha) (ainm (ainmneacha) baiste); sloinne breithe; dáta breithe, inscne agus náisiúntacht (náisiúntachtaí) dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) de [Rialachán EES];

   (d) – (neamhbhainteach);

   (e) [sloinne (sloinnte); céadainm (céadainmneacha); ainm (ainmneacha) breithe, ainmneacha a úsáideadh roimhe agus aon ailiasanna; dáta breithe, áit bhreithe, náisiúntacht (náisiúntachtaí) agus inscne dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(a) de [Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí;] ]

   **(f)** – (neamhbhainteach);

   (g) – (neamhbhainteach);

(h) – (neamhbhainteach).

4. Ní sheolfar an brath ilchéannachtaí ach chun sonraí atá ar fáil i gcóras faisnéise amháin a chur i gcomparáid le sonraí atá ar fáil i gcórais faisnéise eile.

*Airteagal 28*
*Torthaí an bhraith ilchéannachtaí*

1. I gcás nach bhfaighfear amas mar thoradh ar na cuardaigh dá dtagraítear in Airteagal 27(2) agus (3), leanfar de na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(1) i gcomhréir leis na Rialacháin ábhartha arna rialú.

2. I gcás ina bhfaighfear amas amháin nó iliomad amas mar thoradh ar an gcuardach dá dtagraítear in Airteagal 27(2) agus (3), cruthóidh an stóras coiteann sonraí céannachta agus, i gcás inarb ábhartha, SIS nasc idir na sonraí a úsáideadh chun an cuardach a sheoladh agus na sonraí a thionscain an t-amas.

   I gcas ina bhfaighfear iliomad amas, cruthófar nasc idir na sonraí ar fad a thionscain amas. Más rud é go raibh na sonraí nasctha cheana, cuimseofar sa nasc atá ann cheana na sonraí a úsáideadh chun an cuardach a sheoladh.

3. I gcás ina bhfaighfear amas amháin nó iliomad amas mar thoradh ar an gcuardach dá dtagraítear in Airteagal 27(2) nó (3) agus ina mbeidh sonraí céannachtaí na gcomhad nasctha comhionann nó cosúil, cruthófar nasc bán i gcomhréir le hAirteagal 33.

4. I gcás ina bhfaighfear amas amháin nó iliomad amas mar thoradh ar an gcuardach dá dtagraítear in Airteagal 27(2) nó (3) agus nach féidir a mheas go bhfuil sonraí céannachta na gcomhad nasctha cosúil, cruthófar nasc buí i gcomhréir le hAirteagal 30 agus beidh feidhm leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29.

5. Leagfaidh an Coimisiún síos i ngníomhartha cur chun feidhme na nósanna imeachta chun na cásanna a chinneadh ina bhféadfar a mheas go bhfuil na sonraí céannachta comhionann nó cosúil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64(2).

6. Stórálfar na naisc sa chomhad um dheimhniú céannachta dá dtagraítear in Airteagal 34.

Leagfaidh an Coimisiún síos i ngníomhartha cur chun feidhme na rialacha teicniúla maidir le sonraí ó chórais faisnéise éagsúla a nascadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64(2).

*Airteagal 29*
*Céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh*

1. Gan dochar do mhír 2, is é an t-údarás a bheidh freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú:

   (a) an t-údarás teorann i gcás amas a fuarthas nuair a bhí sainchomhad á chruthú nó á nuashonrú [in EES i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán EES];

   (b) na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán 767/2008 i gcás amas a fuarthas nuair a bhí comhad iarratais á chruthú nó á nuashonrú in VIS i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

   (c) [láraonad ETIAS agus aonaid náisiúnta ETIAS i gcás amas a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 18, Airteagal 20 agus Airteagal 22 de Rialachán

ETIAS;]

(d) – (neamhbhainteach);

(e) biúrónna SIRENE den Bhallstát i gcás amas a fuarthas nuair a bhí foláireamh SIS á chruthú i gcomhréir leis an [Rialachán maidir le SIS i réimse na seiceálacha teorann];

(f) – (neamhbhainteach).

Léireoidh an brathadóir ilchéannachtaí sa chomhad um fhíorú céannachta cén t-údarás a bheidh freagrach as na céannachtaí éagsúla a fhíorú.

2. Is é biúró SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh an t-údarás a bheidh freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú sa chomhad um dheimhniú céannachta i gcás ina gcruthófar nasc le sonraí atá le fáil:

(a) i bhfoláireamh i dtaca le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun críoch tabhairt suas nó chun críoch eiseachadta dá dtagraítear in Airteagal 26 de [Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí];

(b) i bhfoláireamh i dtaca le daoine atá ar iarraidh nó daoine leochaileacha mar a thagraítear dóibh in Airteagal 32 de [Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí];

(c) i bhfoláireamh i dtaca le daoine atáthar a lorg chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach mar a thagraítear dó in Airteagal 34 de [Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí];

(d) [i bhfoláireamh i dtaca le filleadh i gcomhréir le Rialachán SIS sa réimse maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais];

(e) i bhfoláireamh i dtaca le daoine atá faoi réir seiceálacha discréideacha, seiceálacha fiosrúcháin nó seiceálacha sonracha mar a thagraítear dóibh in Airteagal 36 de [Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí];

(f) i bhfoláireamh i dtaca le daoine anaithnide a bhfuiltear sa tóir orthu lena sainaithint de réir an dlí náisiúnta agus cuardach le sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear in Airteagal 40 de [Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí];

3. Gan dochar do mhír 4, beidh ag an údarás a bheidh freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú rochtain ar na sonraí gaolmhara atá sa chomhad um dheimhniú comhréireachta ábhartha agus ar na sonraí céannachta nasctha atá sa stóras coiteann sonraí céannachta agus, i gcás inarb ábhartha, in SIS, agus déanfaidh sé na céannachtaí éagsúla a mheas agus nuashonróidh sé an nasc i gcomhréir le hAirteagal 31, Airteagal 32 agus Airteagal 33 agus cuirfidh sé leis an gcomhad um dheimhniú céannachta é gan mhoill.

4. I gcás inarb é an t-údarás teorann a chruthaíonn nó a nuashonraíonn sainchomhad in EES i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán EES an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla sa chomhad um dheimhniú céannachta a fhíorú, agus i gcás ina bhfaighfear nasc buí, déanfaidh an t-údarás teorann fíoruithe breise mar chuid den tseiceáil ar an dara líne. Le linn na seiceála ar an dara líne, beidh rochtain ag na húdaráis teorann ar na sonraí gaolmhara atá sa chomhad um dheimhniú céannachta ábhartha agus déanfaidh siad na céannachtaí éagsúla a mheas agus déanfaidh siad an nasc a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 31go hAirteagal 33 agus a chur leis an gcomhad um dheimhniú céannachta.

5. I gcás ina bhfaighfear níos mó ná nasc amháin, déanfaidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú gach nasc a mheas ina cheann agus ina cheann.

6. I gcás ina mbeidh na sonraí a bhfuarthas amas dóibh nasctha cheana, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú san áireamh na naisc atá ann cheana nuair a bheidh sé ag déanamh a mheas ar naisc nua a chruthú.

*Airteagal 30*
*Nasc buí*

1. Déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise nó níos mó a aicmiú mar nasc buí más rud é:

(a) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach sonraí céannachta éagsúla ag na sonraí nasctha, agus nach mbeidh céannacht éagsúil fíoraithe de láimh;

(b) go mbeidh sonraí céannachta éagsúla ag na sonraí nasctha, agus nach mbeidh céannacht éagsúil fíoraithe de láimh.

2. I gcás ina ndéanfar nasc a aicmiú mar nasc buí i gcomhréir le mír 1, beidh feidhm leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 29.

*Airteagal 31*
*Nasc uaine*

1. Déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise nó níos mó a aicmiú mar nasc uaine más rud é nach mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach go mbeidh sonraí céannachta cosúla ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú gur ag tagairt do bheirt éagsúla atá na sonraí.

2. I gcás ina ndéanfar cuardach sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS agus ina mbeidh nasc uaine idir sonraí dhá cheann nó níos mó de na córais faisnéise atá mar chuid den stóras coiteann sonraí céannachta, nó le SIS, léireoidh an brathadóir ilchéannachtaí nach mbaineann sonraí céannachta na sonraí nasctha leis an duine céanna. Tiocfaidh freagra ón gcóras faisnéise a ndearnadh an cuardach ann a léireoidh sonraí an duine ar úsáideadh a shonraí don chuardach, agus sonraí an duine sin amháin, gan amas a thionscnamh i leith na sonraí a bhfuil nasc uaine eatarthu.

*Airteagal 32*
*Nasc dearg*

1. Déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise nó níos mó a aicmiú mar nasc dearg más rud é:

(a) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach sonraí céannachta éagsúla ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú gur ag tagairt go neamhdhleathach don duine céanna atá siad;

(b) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ag na sonraí nasctha agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú gur ag tagairt go neamhdhleathach don duine céanna atá siad.

2. I gcás ina ndéanfar cuardach sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS agus ina mbeidh nasc dearg idir dhá cheann nó níos mó de na córais faisnéise atá mar chuid

den stóras coiteann sonraí céannachta, nó le SIS, tabharfaidh an brathadóir ilchéannachtaí freagra a léiríonn na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34. Aon bheart a dhéanfar tar éis nasc dearg a shuí, déanfar i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta é.

3. I gcás ina gcruthófar nasc dearg idir sonraí ó EES, VIS, [ETIAS], Eurodac nó [ón gcóras ECRIS-TCN], déanfar an sainchomhad atá stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 19(1).

4. Gan dochar do na forálacha a bhaineann le láimhseáil foláireamh in SIS dá dtagraítear i [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann, Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus Rialachán SIS maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais], agus gan dochar do na srianta is gá chun an tslándáil agus an t-ord poiblí a chosaint, chun an choireacht a chomhrac agus chun a ráthú nach gcuirfear aon imscrúdú náisiúnta i mbaol, i gcás ina gcruthófar nasc dearg, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú an duine ar an eolas go bhfuil ann d'iliomad céannachtaí neamhdhleathacha.

5. I gcás ina gcruthófar nasc dearg, tabharfaidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú an t-eolas sin do na húdaráis atá freagrach as na sonraí nasctha.

*Airteagal 33*
*Nasc bán*

1. Déanfar nasc idir sonraí ó dhá chóras faisnéise nó níos mó a aicmiú mar nasc bán más rud é:

(a) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna agus na sonraí céannachta céanna nó sonraí céannachta cosúla ag na sonraí nasctha;

(b) go mbeidh na sonraí céannachta céanna nó sonraí céannachta cosúla ag na sonraí nasctha agus i gcás ceann amháin ar a laghad de na córais faisnéise nach mbeidh sonraí bithmhéadracha faoin duine ann;

(c) go mbeidh na sonraí bithmhéadracha céanna ach sonraí céannachta éagsúla ag na sonraí nasctha, agus gurb é conclúid an údaráis atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú gur ag tagairt don duine céanna a bhfuil sonraí céannachta éagsúla aige go dleathach atá siad;

2. I gcás ina ndéanfar cuardach sa stóras coiteann sonraí céannachta nó in SIS agus ina mbeidh nasc bán idir ceann amháin nó níos mó de na córais faisnéise atá mar chuid den stóras coiteann sonraí céannachta, nó le SIS, léireoidh an brathadóir ilchéannachtaí go mbaineann sonraí céannachta na sonraí nasctha leis an duine céanna. Tiocfaidh freagra ó na córais faisnéise a ndearnadh na cuardaigh iontu a léireoidh, i gcás inarb ábhartha, na sonraí nasctha ar fad a bhaineann leis an duine sin, agus tionscnófar amas, dá bhrí sín, i leith na sonraí a bhfuil nasc bán eatarthu, más rud é go bhfuil rochtain ag an t-údarás a sheol an cuardach ar na sonraí nasctha faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

3. I gcás ina gcruthófar nasc bán idir sonraí ó EES, VIS, [ETIAS], Eurodac nó [ón gcóras ECRIS-TCN], déanfar an sainchomhad atá stóráilte sa stóras coiteann sonraí céannachta a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 19(1).

4. Gan dochar do na forálacha a bhaineann le láimhseáil foláireamh in SIS dá dtagraítear sa [Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann, Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus sa Rialachán SIS maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais], i gcás ina gcruthófar nasc bán tar éis

iliomad céannachtaí a fhíorú de láimh, cuirfidh an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú an duine ar an eolas faoi neamhréireachtaí idir a shonraí pearsanta sna córais éagsúla, agus soláthróidh sé tagairt do na húdaráis atá freagrach as na sonraí nasctha.

*Airteagal 34*
*Comhad um dheimhniú céannachta*

Beidh sa chomhad um dheimhniú céannachta na sonraí seo a leanas:

(a) na naisc, lena n-áirítear tuairisc ar an dath atá luaite leo, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 30 go hAirteagal 33;

(b) tagairt do na córais faisnéise a bhfuil a gcuid sonraí nasctha;

(c) uimhir aitheantais amháin lenar féidir sonraí a fháil ó chórais faisnéise na gcomhad nasctha comhfhreagrach;

(d) i gcás inarb ábhartha, an t-údarás atá freagrach as céannachtaí éagsúla.

*Airteagal 35*
*Sonraí a choinneáil sa bhrathadóir ilchéannachtaí*

Ní stórálfar na comhaid um dheimhniú céannachta agus na sonraí atá iontu, lena n-áirítear na naisc, sa bhrathadóir ilchéannachtaí ach amháin fad is a stórálfar na sonraí nasctha in dhá cheann nó níos mó de chuid chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 36*
*Logaí a choinneáil*

1. Coinneoidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh den bhrathadóir ilchéannachtaí. Áiritheofar sna logaí sin, go háirithe, an méid seo a leanas:

(a) cuspóir rochtana an úsáideora agus a gcearta rochtana:

(b) dáta agus am an chuardaigh;

(c) na cineálacha sonraí arna n-úsáid chun an cuardach nó na cuardaigh a sheoladh;

(d) an tagairt do na sonraí nasctha;

(e) stair an chomhaid um dheimhniú céannachta;

(f) marc aitheantais an duine a rinne an cuardach.

2. Coinneoidh gach Ballstát logaí den fhoireann atá cuí-údaraithe an brathadóir ilchéannachtaí a úsáid.

3. Ní fhéadfar na logaí a úsáid ach chun faireachán a dhéanamh ar chosaint sonraí, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar inghlacthacht iarrata agus ar dhleathacht próiseála sonraí, agus chun slándáil sonraí a áirithiú de bhun Airteagal 42. Úsáidfear bearta iomchuí chun na logaí sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, agus scriosfar iad bliain amháin tar éis a gcruthaithe, mura mbeidh siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin. Scriosfar na logaí a

bhaineann le stair an chomhaid um dheimhniú céannachta a luaithe agus a scriosfar na sonraí sa chomhad um dheimhniú céannachta.

# CAIBIDIL VI
# Bearta chun tacú leis an idir-inoibritheacht

*Airteagal 37*
*Cáilíocht na sonraí*

1. Bunóidh eu-LISA sásraí agus nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí maidir le sonraí a stóráiltear in EES, [ETIAS], VIS, SIS agus sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, sa stóras coiteann sonraí céannachta agus sa bhrathadóir ilchéannachtaí.

2. Bunóidh eu-LISA táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta chun sonraí a stóráil in EES, [ETIAS], VIS, SIS, sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, sa stóras coiteann sonraí céannachta agus sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh.

3. Cuirfidh eu-LISA tuarascálacha ar fáil go rialta maidir leis na sásraí agus na nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí do na Ballstáit. Cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fáil go rialta don Choimisiún freisin ina gcumhdófar na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn agus na Ballstáit lena mbaineann.

4. Leagfar síos i ngníomhartha cur chun feidhme mionsonraí na sásraí agus na nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta chun sonraí a stóráil in EES, [ETIAS], VIS, SIS, sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh agus sa bhrathadóir ilchéannachtaí, i dtaca le sonraí bithmhéadracha go háirithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64(2).

5. Bliain amháin tar éis na sásraí agus na nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí a bhunú agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme cáilíochta sonraí ag na Ballstáit agus déanfaidh sé aon mholtaí is gá. Cuirfidh na Ballstáit plean gníomhaíochta ar fáil don Choimisiún chun aon easnaimh a shainaithneofar sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas agus tabharfaidh sé tuairisc ar aon dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an bplean gníomhaíochta sin nó go gcuirfear chun feidhme go hiomlán é. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle[76].

[76] Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, Lch. 1).

*Airteagal 38*
*An Fhormáid Uilíoch Teachtaireachta*

1. Bunaítear leis seo caighdeán na Formáide Uilíche Teachtaireachta. Sainmhínítear leis an bhFormáid Uilíoch Teachtaireachta caighdeáin do ghnéithe inneachair áirithe de mhalartú faisnéise trasteorann idir córais faisnéise, údaráis agus/nó eagraíochtaí i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile.

2. Bainfear úsáid as caighdeán na Formáide Uilíche Teachtaireachta nuair atá EES, [ETIAS], an tairseach cuardaigh Eorpach, an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí á bhforbairt agus, i gcás inarb iomchuí, i bhforbairt samhlacha malartaithe faisnéise nua agus córais faisnéise i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile á bhforbairt ag eu-LISA nó ag aon chomhlacht eile de chuid an Aontais.

3. Féadfar cur chun feidhme chaighdeán na Formáide Uilíche Teachtaireachta a chur san áireamh in VIS, CIS agus in aon samhlacha malartaithe faisnéise agus córais faisnéise trasteorann atá nua nó atá ann cheana i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile, arna bhforbairt ag na Ballstáit nó ag tíortha comhlachaithe.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos agus lena bhforbrófar caighdeán na Formáide Uilíche Teachtaireachta dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64(2).

*Airteagal 39*
*An lárstóras um thuairisciú agus staidreamh*

1. Bunaítear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh chun críocha tacú le cuspóirí EES, VIS, [ ETIAS] agus SIS agus chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a ghiniúint chun críocha beartas, cáilíocht sonraí agus chun críocha oibríochtúla.

2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla ina mbeidh na sonraí dá dtagraítear in [Airteagal 63 de Rialachán EES], Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, [Airteagal 73 de Rialachán ETIAS], agus [Airteagal 54 de Rialachán SIS sa réimse seiceálacha teorann], agus scarfar go loighciúil iad. Ní bheifear in ann daoine aonair a shainaithint leis na sonraí atá sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh. Is le slánrochtain trí mheán seirbhís líonra Sheirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin (TESTA), a rialóidh rochtain agus a úsáidfidh próifílí úsáideora sonracha, a dhéanfar an lárstóras sonraí sin a rochtain chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin, do na húdaráis dá dtagraítear in [Airteagal 63 de Rialachán EES], Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, [Airteagal 73 de Rialachán ETIAS] agus [Airteagal 54 de Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann].

3. Déanfaidh eu-LISA sonraí anaithnide de na sonraí sin agus déanfaidh sé na sonraí anaithnide sin a thaifeadadh sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh. Próiseas uathoibrithe a bheidh sa phróiseas lena ndéanfar sonraí anaithnide de na sonraí sin

4. Is é a bheidh sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh:

   (a) bonneagar láir, ina mbeidh stóras sonraí lena bhféadtar sonraí a dhéanamh anaithnid;

(b) bonneagar cumarsáide slán chun an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a nascadh de EES [ETIAS], VIS agus SIS, maille le bonneagair láir na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, an stórais choitinn sonraí céannachta agus an bhrathadóra ilchéannachtaí.

5. Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le hoibríocht an lárstórais um thuairisciú agus staidreamh lena n-áirítear coimircí sonracha chun na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 a phróiseáil agus rialacha slándála is infheidhme maidir leis an lárstóras trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64(2).

# CAIBIDIL VII
# Cosaint sonraí

*Airteagal 40*
*Rialaitheoir sonraí*

1. I dtaca leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, rialaitheoirí údaráis na mBallstát ar rialaitheoirí iad i gcomhair VIS, EES agus SIS faoi seach, measfar gur rialaitheoirí iad freisin i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán 2016/679 i dtaca leis na teimpléid bhithmhéadracha a gheofar ó na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 13 a iontrálfaidh siad sna córais ábhartha agus beidh siad freagrach as próiseáil na dteimpléad bithmhéadrach sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.

2. I dtaca leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar sa stóras coiteann sonraí céannachta, údaráis na mBallstát ar rialaitheoirí iad i gcomhair VIS, EES agus [ETIAS] faoi seach, measfar gur rialaitheoirí iad féin freisin i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán 2016/679 i dtaca leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18 a iontrálfaidh siad sna córais ábhartha agus beidh siad freagrach as próiseáil na sonraí pearsanta sin sa stóras coiteann sonraí céannachta.

3. I dtaca le próiseáil sonraí sa bhrathadóir ilchéannachtaí:

(a) measfar gur rialaitheoir sonraí í an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcomhréir le hAirteagal 2(b) de Rialachán Uimh. 45/2001 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag Láraonad ETIAS;

(b) measfar gur rialaitheoirí freisin iad údaráis na mBallstát a chuireann leis an gcomhad nó a mhodhnaíonn na sonraí sa chomhad um dheimhniú céannachta i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus is iad a bheidh freagrach as na sonraí pearsanta sa bhrathadóir ilchéannachtaí a phróiseáil;

*Airteagal 41*
*Próiseálaí sonraí*

I dtaca leis na sonraí pearsanta a phróiseáil sa stóras coiteann sonraí céannachta, measfar gurb é eu-LISA an próiseálaí sonraí i gcomhréir le hAirteagal 2(e) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

*Airteagal 42*
*Slándáil na próiseála*

1. Áiritheoidh eu-LISA agus na Ballstáit araon slánphróiseáil na sonraí pearsanta a dhéanfar de bhun chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Oibreoidh eu-LISA,[Láraonad ETIAS] agus údaráis na mBallstát i gcomhar le chéile i dtaca le cúraimí a bhaineann le slándáil.

2. Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, déanfaidh eu-LISA na bearta is gá chun slándáil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta agus an bonneagar cumarsáide a bhaineann leo a áirithiú.

3. Go háirithe, déanfaidh eu-LISA na bearta riachtanacha a ghlacadh, lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste, chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

   (a) sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear trí phleananna teagmhasacha a dhéanamh chun bonneagar criticiúil a chosaint;

   (b) bac a chur ar léamh, cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe na meán ar a bhfuil sonraí stóráilte;

   (c) iontráil neamhúdaraithe sonraí maille le hiniúchadh, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta atá ar taifead a chosc;

   (d) bac a chur ar phróiseáil neamhúdaraithe sonraí maille le cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí;

   (e) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag na daoine a bhfuil údarú rochtana acu ar chomhpháirteanna idir-inoibritheachta ach ar na sonraí sin atá cumhdaithe faoina n-údarú rochtana, trí mheán céannachta úsáideora ar leithligh agus modhanna rochtana rúnda amháin a úsáid;

   (f) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na comhlachtaí ar féidir sonraí pearsanta a tharchur chucu agus trealamh cumarsáide sonraí á úsáid chuige sin;

   (g) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé na sonraí a próiseáladh sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta, cá huair a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil sin agus cad chuige a ndearnadh;

   (h) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta, go háirithe le teicnící criptithe iomchuí, agus sonraí pearsanta á dtarchur chuig na comhpháirteanna nó uathu, nó le linn do na meáin ar a bhfuil sonraí stóráilte a bheith á n-iompar.

   (i) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin is gá a dhéanamh maidir le faireachán inmheánach chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

4. Déanfaidh na Ballstáit bearta atá coibhéiseach leo sin dá dtagraítear i mír 3 maidir le slándáil i leith próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis a bhfuil an ceart acu aon cheann de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a rochtain.

*Airteagal 43*
*Rúndacht shonraí SIS*

1. Déanfaidh gach Ballstát a chuid rialacha maidir le rúndacht ghairmiúil nó dualgais choibhéiseacha eile i leith rúndachta a chur i bhfeidhm maidir le gach duine agus

gach comhlacht a mbíonn orthu oibriú le sonraí SIS arna rochtain trí bhíthin aon cheann de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta i gcomhréir lena dhlí náisiúnta. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin freisin tar éis do na daoine sin imeacht as oifig nó scor den fhostaíocht nó tar éis fhoirceannadh ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí sin.

2. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialacháin Foirne oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, déanfaidh eu-LISA rialacha iomchuí maidir le sicréideacht ghairmiúil nó dualgais choibhéiseacha eile i leith rúndachta, ar rialacha agus dualgais iad lena ngabhann caighdeáin atá inchomparáide leo sin a leagtar síos i mír 1, a chur i bhfeidhm maidir leis na baill foirne go léir dá cuid a mbíonn orthu oibriú le sonraí SIS. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin chomh maith tar éis do na daoine sin imeacht as oifig nó scor den fhostaíocht nó tar éis fhoirceannadh a ngníomhaíochtaí.

*Airteagal 44*
*Teagmhais slándála*

1. Maidir le haon imeacht a bhfuil tionchar aige, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar shlándáil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, agus a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le damáiste a dhéanamh do shonraí a stóráiltear iontu, nó le cailleadh na sonraí sin, measfar gur teagmhas slándála é, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sé go bhfuarthas rochtain neamhúdaraithe ar shonraí nó i gcás ina ndearnadh infhaighteacht, sláine agus rúndacht sonraí a chur i mbaol nó ina bhféadfadh sé go ndearnadh infhaighteacht, sláine agus rúndacht sonraí a chur i mbaol.

2. Déanfar teagmhais slándála a bhainistiú chun freagairt thapa, éifeachtach iomchuí a áirithiú.

3. Gan dochar d’fhógra a thabhairt faoi shárú sonraí pearsanta agus cur in iúl an tsáraithe sin de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/679, Airteagal 30 de Threoir (AE) 2016/680, nó iad araon, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún, eu-LISA agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi theagmhais slándála. I gcás ina dtarlóidh teagmhas slándála maidir le bonneagar láir na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, cuirfidh eu-LISA an Coimisiún agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas ina thaobh.

4. Faisnéis maidir le teagmhas slándála a bhfuil tionchar aige, nó a bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar oibriú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí, déanfar í a sholáthar do na Ballstáit agus a thuairisciú de réir an phlean bainistithe teagmhais a sholáthróidh eu-LISA.

5. Comhoibreoidh na Ballstáit lena mbaineann agus eu-LISA lena chéile má tharlaíonn teagmhas slándála. Déanfaidh an Coimisiún sonraíocht an nós imeachta comhair sin a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 64(2).

*Airteagal 45*
*Féinfhaireachán*

Áiritheoidh na Ballstáit agus na comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais go ndéanfaidh gach údarás a bheidh i dteideal rochtain a fháil ar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go gcomhoibreoidh an t-údarás sin, i gcás inar gá sin, leis an údarás maoirseachta.

Déanfaidh na rialaitheoirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 40 na bearta is gá chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na próiseála sonraí de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear logaí a fhíorú go rialta agus oibriú i gcomhar, i gcás inar gá, leis na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 49 agus Airteagal 50.

*Airteagal 46*
*An ceart chun faisnéis a fháil*

1. Gan dochar don cheart chun faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 11 agus Airteagal 12 de Rialachán (CE) 45/2001 agus Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679, na daoine a ndéanfar a sonraí a stóráil sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, sa stóras coiteann sonraí céannachta nó sa bhrathadóir ilchéannachtaí, cuirfidh an t-údarás a bhaileoidh a gcuid sonraí ar an eolas iad, tráth a bhailítear a gcuid sonraí, maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo, lena n-áirítear faoi chéannacht agus sonraí teagmhála na rialaitheoirí sonraí ábhartha, agus faoi na nósanna imeachta i dtaobh a gcearta maidir le rochtain, ceartú nó léirscriosadh, agus faoi shonraí teagmhála an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí agus údaráis faireacháin náisiúnta an Bhallstáit atá freagrach as na sonraí a bhailiú.

2. Cuirfear daoine a bhfuil a sonraí taifeadta in EES, VIS nó [ETIAS] ar an eolas maidir leis an bpróiseáil sonraí chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir le mír 1 más rud é:

   (a) go ndéantar sainchomhad a chruthú nó a nuashonrú in [EES i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán EES];

   (b) go ndéantar comhad iarratais a chruthú nó a nuashonrú in VIS i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

   (c) [go ndéantar comhad iarratais a chruthú nó a nuashonrú in ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán ETIAS];

   (d) – (neamhbhainteach);

   **(e)** – (neamhbhainteach).

*Airteagal 47*
*Ceart chun faisnéise, rochtana, ceartúcháin agus léirscriosta*

1. Ar mhaithe lena gcearta a fheidhmiú faoi Airteagail 13, 14, 15 agus 16 de Rialachán (CE) 45/2001 agus Airteagail 15, 16, 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/679, beidh ceart ag aon duine dul i dteagmháil leis an mBallstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh nó le haon Bhallstát eile, agus scrúdóidh an Ballstát sin an iarraidh agus tabharfaidh sé freagra air.

2. An Ballstát atá freagrach as céannachtaí éagsúla a fhíorú de láimh mar a thagraítear dó in Airteagal 29, nó an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh, freagróidh sé do na hiarrataí sin nach déanaí ná 45 lá ón lá a fhaightear an iarraidh.

3. Má chuirtear iarraidh ar shonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh faoi bhráid Ballstáit cé is moite den Bhallstát atá freagrach, rachaidh an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh i dteagmháil le húdaráis an Bhallstáit atá freagrach faoi cheann seachtlá agus déanfaidh an Ballstát atá freagrach cruinneas na sonraí agus dleathacht na próiseála sonraí a fhíorú tráth nach déanaí ná 30 lá ó rinneadh an teagmháil sin.

4. I gcás ina bhfaighfear amach tar éis scrúdú go bhfuil na sonraí a stóráiltear sa bhrathadóir ilchéannachtaí míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur taifeadadh go neamhdhleathach iad, déanfaidh an Ballstát atá freagrach nó, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh, na sonraí sin a cheartú nó a scriosadh.

5. I gcás ina leasóidh an Ballstát atá freagrach na sonraí sa bhrathadóir ilchéannachtaí le linn a dtréimhse bailíochta, déanfaidh an Ballstát atá freagrach an phróiseáil a leagtar síos in Airteagal 27 agus, i gcás inarb ábhartha, in Airteagal 29 lena chinneadh an ndéanfar na sonraí leasaithe a nascadh. I gcás nach dtuairiscítear aon amas leis an bpróiseáil, déanfaidh an Ballstát atá freagrach nó, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh na sonraí a scriosadh ón gcomhad um dheimhniú céannachta. I gcás ina bhfaighidh an phróiseáil gurb ann d'amas amháin nó níos mó, déanfaidh an Ballstát atá freagrach an nasc ábhartha a chruthú nó a nuashonrú i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo.

6. Mura n-aontaíonn an Ballstát atá freagrach nó, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh, go bhfuil sonraí a stóráiltear ar bhrathadóir ilchéannachtaí míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur go neamhdhleathach a taifeadadh iad, glacfaidh an Ballstát sin cinneadh riaracháin agus míneoidh sé i scríbhinn gan mhoill don duine lena mbaineann cad chuige nach bhfuil sé sásta na sonraí sin a bhaineann leis a cheartú nó a scriosadh.

7. Sa chinneadh sin freisin, tabharfar faisnéis don duine lena mbaineann ina míneofar go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh i ndáil leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 3 agus, nuair is ábhartha, faisnéis faoi conas caingean a thionscnamh nó gearán a dhéanamh os comhair na n-údarás inniúil nó na gcúirteanna agus faoi aon chúnamh atá ar fáil, lena n-áirítear cúnamh ó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla.

8. Pé iarraidh a dhéanfar de bhun mhír 3, beidh an fhaisnéis is gá inti chun an duine lena mbaineann a shainaithint. Is chun feidhmiú na gceart dá dtagraítear i mír 2 a chumasú a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus chuige sin amháin, agus déanfar í a léirscriosadh láithreach ina dhiaidh sin.

9. Coinneoidh an Ballstát atá freagrach nó, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát ar faoina bhráid a cuireadh an iarraidh, taifead i bhfoirm doiciméad i scríbhinn go ndearnadh an iarraidh dá dtagraítear i mír 3 agus i dtaobh conas ar tugadh aghaidh uirthi, agus cuirfidh sé an doiciméad sin ar fáil d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla um chosaint sonraí gan mhoill.

### *Airteagal 48*
### *Sonraí a chur in iúl do thríú tíortha, d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do pháirtithe príobháideacha*

Sonraí pearsanta a stórálfar i gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, nó a bhfaighidh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta rochtain orthu, ní dhéanfar iad a aistriú chuig aon tríú tír, chuig aon eagraíocht idirnáisiúnta ná chuig aon pháirtí príobháideach, ná ní chuirfear na sonraí sin ar fáil dóibh, cé is moite d'aistrithe chuig Interpol chun críche na huathphróiseála a dhéanamh dá dtagraítear in [Airteagal 18(2)(b) agus (m) de Rialachán ETIAS] nó chun críocha Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2016/399. Comhlíonfaidh na haistrithe sonraí pearsanta sin chuig Interpol forálacha Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh.45/2001 agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679.

*Airteagal 49*
*Maoirsiú arna dhéanamh ag an údarás maoirseachta náisiúnta*

1. Áiritheoidh an t-údarás maoirseachta nó na húdaráis mhaoirseachta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2016/679 go ndéanfaidh na húdaráis náisiúnta freagracha, i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha, iniúchadh ar na hoibríochtaí próiseála sonraí gach ceithre bliana ar a laghad.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a dhóthain acmhainní ag an údarás maoirseachta chun na cúraimí a chuirtear air faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 50*
*Maoirsiú arna dhéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí*

Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéanfar iniúchóireacht ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéanfaidh eu-LISA i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha gach ceithre bliana ar a laghad. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig eu-LISA, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit. Tabharfar deis do eu-LISA barúlacha a thabhairt sula nglacfar na tuarascálacha.

*Airteagal 51*
*Comhar idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí*

1. Gníomhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndlúthchomhar le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ar shaincheisteanna sonracha inar gá rannpháirtíocht náisiúnta, go háirithe más rud é go gcinneann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás maoirseachta náisiúnta go bhfuil neamhréitigh mhóra idir cleachtais na mBallstát nó má aimsíonn sé aistrithe a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a rinneadh trí bhealaí cumarsáide na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a úsáid, nó i gcomhthéacs ceisteanna arna n-ardú ag údarás maoirseachta náisiúnta amháin nó níos mó ar chur chun feidhme agus léirmhíniú an Rialacháin seo.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, áiritheofar maoirseacht chomhordaithe i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) XXXX/2018 [Rialachán athbhreithnithe 45/2001].

# CAIBIDIL VIIIl
# Freagrachtaí

*Airteagal 52*
*Na freagrachtaí atá ar eu-LISA le linn chéim an deartha agus na forbartha*

1. Áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar bonneagair láir na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán sin.

2. Beidh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta á n-óstáil ag eu-LISA ar a chuid suíomhanna teicniúla agus cuirfidh sé na feidhmiúlachtaí a leagtar síos sa Rialachán seo ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le slándáil, infhaighteacht, cáilíocht agus luas dá dtagraítear in Airteagal 53(1).

3. Beidh eu-LISA freagrach as forbairt na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, as aon oiriúnuithe is gá chun idir-inoibritheacht a bhunú idir córais láir, EES, VIS, [ETIAS], SIS, agus Eurodac agus [an córas ECRIS-TCN], agus an tairseach cuardaigh Eorpach, an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí.

Is é eu-LISA a shaineoidh dearadh ailtireacht fhisiceach na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta lena n-áirítear a mbonneagair chumarsáide mar aon leis na sonraíochtaí teicniúla agus an éabhlóid a thiocfaidh orthu i dtaca leis an mbonneagar láir agus leis an mbonneagar cumarsáide slán, agus glacfaidh an Bord Bainistíochta an méid sin, faoi réir tuairim dhearfach ón gCoimisiún. Is é eu-LISA freisin a chuirfidh chun feidhme aon oiriúnuithe is gá ar EES, [ETIAS], SIS nó VIS a éiríonn as idir-inoibritheacht a bhunú agus dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

Déanfaidh eu-LISA na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chomh luath agus is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tar éis don Choimisiún na bearta a ndéantar foráil maidir leo in Airteagail 8(2), 9(7), 28(5), 28(6), 37(4), 38(4), 39 (5) agus 44(5) a ghlacadh.

Is éard a bheidh san fhorbairt mionsaothrú agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla, tástáil agus comhordú foriomlán an tionscadail.

4. Le linn chéim an deartha agus na forbartha, bunófar Bord Bainistíochta an Chláir ar a mbeidh 10 gcomhalta ar a mhéid. Ar an mbord sin, beidh seachtar comhalta a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA as measc a chuid comhaltaí féin nó a chomhaltaí malartacha, Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh um Idir-inoibritheacht dá dtagraítear in Airteagal 65, comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar eu-LISA arna cheapadh ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA agus comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún. Na comhaltaí a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA, toghfar iad as na Ballstáit sin atá faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí reachtacha lena rialaítear forbairt, bunú, feidhmiú agus úsáid na gcóras mórscála TF uile atá á mbainistiú ag eu-LISA agus a bheidh rannpháirteach sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

5. Beidh cruinnithe rialta ag Bord Bainistíochta an Chláir - trí huaire in aghaidh na ráithe, ar a laghad. Áiritheoidh sé go ndéanfar bainistiú iomchuí ar chéim deartha agus forbartha na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta.

Cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir tuarascálacha maidir le dul chun cinn an tionscadail faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta gach mí. Ní bheidh aon chumhacht cinnteoireachta ná aon sainordú ag Bord Bainistíochta an Chláir chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chomhaltaí Bhord Bainistíochta eu-LISA.

6. Déanfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA rialacha nós imeachta Bhord Bainistíochta an Chláir a bhunú lena n-áireofar go háirithe rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an chathaoirleacht;

(b) ionaid le haghaidh cruinnithe;

(c) ullmhú cruinnithe;

(d) saineolaithe a ligean isteach i gcruinnithe;

(e) pleananna cumarsáide a áiritheoidh go dtabharfar an fhaisnéis iomlán do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta nach mbíonn rannpháirteach sna cruinnithe.

Beidh an chathaoirleacht ag Ballstát atá faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí reachtacha lena rialaítear forbairt, bunú, feidhmiú agus úsáid na gcóras-mórscála TF uile atá á mbainistiú ag eu-LISA.

Is é eu-LISA a íocfaidh as gach costas taistil agus cothabhála a thabhóidh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir agus beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta eu-LISA maidir leo. Soláthróidh eu-LISA rúnaíocht do Bhord Bainistíochta an Chláir.

Tiocfaidh an Grúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht dá dtagraítear in Airteagal 65 le chéile go rialta go dtí go gcuirfear tús le hoibríochtaí na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta. Tuairisceoidh sé do Bhord Bainistíochta an Chláir tar éis gach cruinnithe. Cuirfidh sé saineolas teicniúil ar fáil de thaca le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir agus déanfaidh sé an iarobair a bhaineann le hullmhacht na mBallstát.

*Airteagal 53*

*Freagrachtaí eu-LISA tar éis dul i mbun oibríochtaí*

1. Tar éis do gach comhpháirt idir-inoibritheachta dul i mbun oibríochtaí, beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil an lárchórais agus na gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta. I gcomhar leis na Ballstáit, áiritheoidh sé i dtólamh go mbeidh an teicneolaíocht is fearr is féidir ar fáil, faoi réir anailís costais/sochair. I gcomhar leis na Ballstáit, áiritheoidh sé i dtólamh go mbeidh an teicneolaíocht is fearr is féidir ar fáil, faoi réir anailís costais/sochair. Ina theannta sin, beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil an bhonneagair cumarsáide dá dtagraítear in Airteagail 6, 12, 17, 25 agus 39.

Is éard a bheidh i mbainistiú teicniúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta na cúraimí go léir a theastaíonn chun na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a choinneáil ar bun 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá na seachtaine i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá lena áirithiú go mbeidh na comhpháirteanna ag feidhmiú ar leibhéal atá sásúil ó thaobh na cáilíochta teicniúla de, go háirithe maidir le haga freagartha i ndáil leis na bonneagair láir a chuardach i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla.

2. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, cuirfidh eu-LISA rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó dualgais choibhéiseacha eile i leith rúndachta i bhfeidhm maidir lena chuid ball foirne ar fad ar gá dóibh bheith ag obair le sonraí a stóráiltear sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta. Beidh feidhm ag an oibleagáid seo chomh maith tar éis do na baill foirne sin an oifig nó an fhostaíocht a fhágáil nó tar éis dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a fhoirceannadh.

3. Forbróidh eu-LISA sásra agus nósanna imeachta chun seiceálacha cáilíochta a dhéanamh ar na sonraí a stóráiltear sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, agus sa stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le hAirteagal 37.

4. Déanfaidh eu-LISA cúraimí freisin maidir le hoiliúint ar úsáid theicniúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta.

*Airteagal 54*
*Freagrachtaí na mBallstát*

1. Beidh gach Ballstát freagrach as an méid seo a leanas:

(a) an nasc le bonneagar cumarsáide na tairsí cuardaigh Eorpaí agus an stóras coiteann sonraí céannachta;

(b) lánpháirtiú na gcóras agus na mbonneagar náisiúnta atá ann cheana leis an tairseach cuardaigh Eorpach, an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, an stóras coiteann sonraí céannachta agus leis an mbrathadóir ilchéannachtaí;

(c) an bonneagar náisiúnta atá ann cheana a eagrú, a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil agus é a cheangal leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta;

(d) bainistiú a dhéanamh ar an rochtain atá ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta agus ag foireann chuí-chumhachtaithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar an tairseach cuardaigh Eorpach, ar an stóras coiteann sonraí céannachta agus ar an mbrathadóir ilchéannachtaí, agus socruithe a dhéanamh maidir leis an rochtain sin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifíl, a chruthú agus a nuashonrú go rialta;

(e) na bearta reachtaíochta dá dtagraítear in Airteagal 20(3) a ghlacadh chun an stóras coiteann sonraí céannachta a rochtain chun críocha sainaithint a dhéanamh;

(f) na céannachtaí éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 29 a fhíorú de láimh;

(g) ceanglais maidir le cáilíocht sonraí a chur chun feidhme i gcórais faisnéise an Aontais agus sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta;

(h) aon easnaimh a shainaithneofar i dtuarascáil mheastóireachta an Choimisiúin i dtaca le cáilíocht sonraí dá dtagraítear in Airteagal 37(5) a leigheas.

2. Déanfaidh gach Ballstát na húdaráis ainmnithe acu, dá dtagraítear in Airteagal 4(24), a nascadh leis an stóras coiteann sonraí céannachta.

*Airteagal 55*
*Freagrachtaí Láraonad ETIAS*

Beidh Láraonad ETIAS freagrach as an méid seo a leanas:

(a) na céannachtaí éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 29 a fhíorú de láimh;

(b) ilchéannachtaí a bhrath idir na sonraí a stóráiltear in VIS, Eurodac agus SIS dá dtagraítear in Airteagal 59.

# CAIBIDIL IX
# Leasuithe ar ionstraimí eile de chuid an Aontais

*Airteagal 55a*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/399*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 mar a leanas:

Cuirtear isteach an mhír seo a leanas in Airteagal 8 de Rialachán (CE) 2016/399:

"4a. I gcás, agus duine ag dul isteach nó ag imeacht dó, inarb é nasc buí an toradh a bheidh le ceadú na mbunachar sonraí ábhartha lena n-áirítear an brathadóir ilchéannachtaí tríd an tairseach cuardaigh Eorpaigh dá dtagraítear in [Airteagal 4(36) agus (33) de Rialachán 2018/xx maidir le hidir-inoibritheacht] nó ina mbraitear nasc dearg, déanfar an duine sin a tharchur chuig an tseiceáil ar an dara líne.

Ceadóidh an garda teorann ar an dara líne an brathadóir ilchéannachtaí mar aon leis an stóras coiteann sonraí céannachta dá dtagraítear in [Airteagal 4(35) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht] nó Córas Faisnéise Schengen nó an dá rud chun chun na difríochtaí sna céannachtaí atá nasctha a mheasúnú agus déanfaidh sé aon fhíorú breise is gá chun cinneadh a dhéanamh maidir le stádas agus dath an naisc agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le cead nó diúltú dul isteach an duine lena mbaineann.

I gcomhréir [le hAirteagal 59(1) de Rialachán 2018/XX] ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin ó thús oibríochtaí an bhrathadóra ilchéannachtaí."

*Airteagal 55b*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2226*

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2226 mar seo a leanas:

1) In Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"1a. Trí shonraí céannachta, sonraí an doiciméid taistil agus sonraí bithmhéadracha a stóráil sa stóras coiteann sonraí céannachta arna bhunú [le hAirteagal 17 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], cuireann EES agus cuidíonn sé le ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in EES a éascú faoi na coinníollacha agus ar mhaithe leis na bunchuspóirí dá dtagraítear [in Airteagal 20] den Rialachán sin."

2) In Airteagal 3, cuirtear pointe (21a) isteach mar a leanas:

"ciallaíonn "stóras coiteann sonraí céannachta" an stóras coiteann sonraí céannachta mar a shainmhínítear in [Airteagal 4(35) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]

3) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(1)(22):

"(22) ciallaíonn "sonraí EES" na sonraí uile a stóráiltear i Lárchóras EES agus sa stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 16 go hAirteagal 20.

4) In Airteagal 3, cuirtear isteach pointe (22a) nua:

"(22a) ciallaíonn 'sonraí céannachta' na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 16(1)(a);

5) In Airteagal 6(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(j) ceart-sainaithint daoine a áirithiú."

6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(1)(a):

"(a) an stóras coiteann sonraí céannachta dá dtagraítear in [Airteagal 17(2) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]

(aa) Lárchóras (Lárchóras EES);"

7) In Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) bonneagar cumarsáide slán idir Lárchóras EES agus bonneagair láir na tairsí cuardaigh Eorpaí arna bunú le [hAirteagal 6 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha arna bunú

le [hAirteagal 12 de Rialachán 2018/XX, an stóras coiteann sonraí céannachta arna bhunú le [hAirteagal 17 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht) agus an brathadóir ilchéannachtaí arna bhunú le [Airteagal 25 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]".

8) In Airteagal 7, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"1 a. Beidh sa stóras coiteann sonraí céannachta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 16(1)(a) go (d) agus in Airteagal 17(1)(a) go (c); stórálfar sonraí eile EES i Láraonad EES.

9) In Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. Is ag foireann chuí-údaraithe údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus ag foireann chuí-údaraithe chomhlachtaí an Aontais atá inniúil chun na críocha a leagtar síos in [Airteagal 20 agus Airteagal 21 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht] agus acu sin amháin a bheidh rochtain ar shonraí EES a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta lena gceadú. Beidh an rochtain sin teoranta don mhéid a bheidh riachtanach chun cúraimí na n-údarás náisiúnta sin agus chomhlachtaí an Aontais a dhéanamh i gcomhréir leis na cuspóirí sin, agus beidh sí comhréireach leis na cuspóirí atá le baint amach."

10) In Airteagal 21(1), cuirtear na focail "Lárchóras EES nó an stórais choitinn sonraí céannachta" in ionad na bhfocal "Lárchóras EES" san dá áit a luaitear sin.

11) In Airteagal 21(2), cuirtear na focail "Lárchóras EES agus sa stóras coiteann sonraí céannachta ar thaobh amháin agus in NUI ar an taobh eile" in ionad na bhfocal "Lárchóras EES agus in NUI araon".

12) In Airteagal 21(2), cuirtear na focail " a iontráil i Lárchóras EES agus sa stóras coiteann sonraí céannachta agus in NUI" in ionad na bhfocal "a chur sa Lárchóras EES agus in NUI araon".

13) Cuirtear mír (1a) nua le hAirteagal 32:

"1 a. I gcásanna ina mbeidh iarraidh ar chuardach seolta ag na húdaráis ainmnithe chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le [hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], féadfaidh siad rochtain a fháil ar EES lena cheadú i gcás ina nochtfar leis an bhfreagra a fuarthas, mar a thagraítear dó i mír 3 [d'Airteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], go bhfuil na sonraí á stóráil in EES."

14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32(2):

"2. Ní cheadófar rochtain ar EES mar uirlis chun amhrastach anaithnid, déantóir anaithnid nó íospartach amhrasta anaithnid ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile a shainaithint, ach amháin i gcás ina mbeidh iarraidh ar chuardach seolta chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le [hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], agus ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a liostaítear i mír 1 agus i mír 1a.

Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll breise sin, áfach,i gcás práinne inar gá garchontúirt do bheatha duine a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta nó le cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc. Cuirfear an foras réasúnach sin san áireamh san iarraidh leictreonach nó san iarraidh i scríbhinn a chuirfidh aonad oibríochta an údaráis ainmnithe chuig an lárphointe rochtana."

15) Scriostar Airteagal 32(4).

16) Cuirtear mír (1a) nua le hAirteagal 33:

(1a) I gcásanna ina mbeidh iarraidh ar chuardach seolta ag Europol chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le[hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], féadfaidh siad rochtain a fháil ar EES lena cheadú i gcás ina nochtfar leis an bhfreagra a fuarthas, mar a thagraítear dó i mír 3 [d'Airteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], go bhfuil sonraí á stóráil in EES."

17) In Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(3) agus (5) dá réir sin."

18) In Airteagal 34(1) agus (2), cuirfear na focail " sa stóras coiteann sonraí céannachta agus i Lárchóras EES faoi seach" in ionad na bhfocal " i Lárchóras EES".

19) In Airteagal 34(5), cuirtear na focail "as Lárchóras EES agus as an stóras coiteann sonraí céannachta" in ionad na bhfocal " Larchóras EES".

20) In Airteagal 35, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"Cuirfidh Lárchóras EES agus an stóras coiteann sonraí céannachta na Ballstáit uile ar an eolas láithreach faoi léirscriosadh shonraí EES nó an stórais choitinn céannachta agus, i gcás inarb infheidhme, bainfear iad de liosta na ndaoine sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 12(3)."

21) In Airteagal 36, cuirtear na focail " Lárchóras EES agus an stórais choitinn sonraí céannachta" in ionad na bhfocal "Larchóras EES".

22) In Airteagal 37(1), cuirtear na focail " Lárchóras EES agus an stóras coiteann sonraí céannachta" in ionad na bhfocal "Larchóras EES".

23) Sa chéad fhomhír d'Airteagal 37(3) cuirtear na focail "Lárchóras EES agus an stórais choitinn sonraí céannachta" in ionad na bhfocal "Lárchóras EES" an chéad agus an tríú huair a fheictear iad.

24) In Airteagal 46(1), cuirtear isteach an pointe (f) seo a leanas:

"(f) i gcás inarb ábhartha, tagairt d'úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí chun cuardach a dhéanamh in EES mar a thagraítear dó in [Airteagal 7(2) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]."

25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 63(2):

"2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in [Airteagal 39 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]."

26) In Airteagal 63(4) cuirtear isteach fomhír nua:

"Déanfar an staidreamh laethúil a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh."

*Airteagal 55c*
*Leasuithe ar Chinneadh 2004/512/CE ón gComhairle*

Leasaítear Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) mar a leanas:

Leasaítear Airteagal 1(2) mar a leanas:

"2. Bunófar an Córas Faisnéise Víosaí ar ailtireacht láraithe agus is é a bheidh ann:

an stóras coiteann sonraí céannachta dá dtagraítear in [Airteagal 17(2)(a) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht];

b) córas faisnéise láir, dá ngairtear an 'Córas Lárnach Faisnéise Víosaí' (VIS Láir) anseo feasta;

c) comhéadan i ngach Ballstát, dá ngairfear an Comhéadan Náisiúnta anseo feasta lena ndéanfar an nasc le húdarás náisiúnta láir ábhartha an Bhallstáit i gceist;

d) bonneagar cumarsáide idir an Córas Lárnach Faisnéise Víosaí agus na comhéadain náisiúnta.

e) bealach cumarsáide slán idir Lárchóras EES agus an VIS Láir;

f) bonneagar cumarsáide slán idir an Córas Lárnach Faisnéise Víosa agus bonneagair láir na tairsí cuardaigh Eorpaí arna mbunú le [Airteagal 6 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], an seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha arna bunú le [hAirteagal 12 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí arna mbunú le[hAirteagal 25 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]".

*Airteagal 55d*
*Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*

1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"2. Trí shonraí céannachta, sonraí an doiciméid taistil agus sonraí bithmhéadracha a stóráil sa stóras coiteann sonraí céannachta arna bhunú [le hAirteagal 17 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], cuireann VIS agus cuidíonn sé le ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in VIS a éascú faoi na coinníollacha agus ar mhaithe leis na bunchuspóirí i mír 1 den Airteagal sin."

2) In Airteagal 4, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"(12) ciallaíonn "sonraí VIS" na sonraí uile a stóráiltear i VIS Láir agus sa stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le hAirteagal 9 go hAirteagal 14.

"(13) ciallaíonn "sonraí céannachta" na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) go aa);

(14) ciallaíonn "sonraí méarlorg" na sonraí a bhaineann le cúig mhéarlorg ón deasóg agus ón gciotóg — méarlorg na corrmhéire, na méire láir, mhéar an fháinne agus an lúidín agus na hordóige — nuair is ann dóibh;

(15) ciallaíonn "íomhá den aghaidh" íomhánna digiteacha den aghaidh;

(16) ciallaíonn "sonraí bithmhéadracha" sonraí méarlorg agus íomhá den aghaidh;

3) In Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"1a). Beidh sa stóras coiteann sonraí céannachta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) go (cc) agus in Airteagal 9(5) agus 9(6); stórálfar sonraí eile VIS i VIS Láir.

4) Leasaítear Airteagal 6(2) mar a leanas:

"2. Is ag foireann chuí-údaraithe údarás gach Ballstáit atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 15 go 22, agus ag foireann chuí-údaraithe údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus chomhlachtaí an Aontais atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in [Airteagal 20 agus 21 de rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht] agus acusan amháin, a bheidh rochtain ar VIS chun na sonraí a cheadú, agus é teoranta chun

a mhéid a bheidh na sonraí de dhíth chun a dtascanna a fheidhmiú de réir na gcríoch sin, agus i gcomhréir leis na cuspóirí a bheidh le baint amach."

5) leasaítear Airteagal 9(4)(a) go (c) mar a leanas:

"(a) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste); dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí; inscne;

(aa) sloinne breithe (sloinne nó sloinnte roimhe sin); áit agus tír bhreithe; náisiúntacht bhreithe;

(b) cineál agus uimhir an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil agus cód trí litir thír eisiúna an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil;

(c) an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil in éag;

(cc) an t-údarás a d'eisigh an doiciméad taistil agus dáta a eisiúna;

6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(5):

"an íomhá den aghaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 4(15);

7) In Airteagal 29(2)(a) cuirtear na focail "VIS Láir nó an stórais choitinn sonraí céannachta " in ionad an fhocail "an VIS Láir" an chéad uair a fheictear é agus na focail "VIS Láir nó an stóras coiteann sonraí céannachta" an dara uair a fheictear é;

*Airteagal 55e*
*Leasuithe ar Chinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle*

1) Cuirtear mír (1a) nua le hAirteagal 5:

(1a) I gcásanna ina mbeidh iarraidh ar chuardach seolta ag na húdaráis ainmnithe chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le[hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], féadfaidh siad rochtain a fháil ar VIS lena cheadú i gcás ina nochtfar leis an bhfreagra a fuarthas, mar a thagraítear dó i mír 3 [d'Airteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], go bhfuil sonraí á stóráil in VIS."

2) Cuirtear mír (1a) nua le hAirteagal 7:

(1a) I gcásanna ina mbeidh iarraidh ar chuardach seolta ag Europol ar an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir [le hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], féadfaidh siad rochtain a fháil ar VIS lena cheadú i gcás ina nochtfar leis an bhfreagra a fuarthas, mar a thagraítear dó i mír 3 [d'Airteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], go bhfuil sonraí á stóráil in VIS."

***Airteagal 55f***
***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán ETIAS]***

**Leasaítear Rialachán (AE) 2018/XXXX (Rialachán ETIAS) mar a leanas:**

**1. In Airteagal 1, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:**

**(1a) Trí shonraí céannachta agus sonraí an doiciméid taistil a stóráil sa stóras coiteann sonraí céannachta arna bhunú [le hAirteagal 17 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], cuireann ETIAS agus cuidíonn sé le ceart-sainaithint daoine atá cláraithe in ETIAS a éascú faoi na coinníollacha agus ar mhaithe leis na bunchuspóirí dá dtagraítear in [Airteagal 20] den Rialachán sin."**

**2. In Airteagal 3(1), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:**

**"(pa) "ciallaíonn 'stóras coiteann sonraí céannachta' an stóras coiteann sonraí**

céannachta mar a shainmhínítear in [pointe 4 d’Airteagal 35 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]

(pb) ciallaíonn "Lárchóras ETIAS" an Lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(ab) mar aon leis an stóras coiteann sonraí céannachta a mhéid agus a chuimsíonn an stóras coiteann sonraí céannachta na sonraí dá dtagraítear in Aireagal 6(2a);

(pc) "ciallaíonn 'sonraí céannachta' na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(2)(a);

(pd) ciallaíonn "sonraí an doiciméid taistil" na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(2)(d) agus (e) agus cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil mar a thagraítear dó in Airteagal 19(3)(c);”

3. In Airteagal 4, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(g) ceart-sainaithint daoine a áirithiú;"

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d’Airteagal 6(2):

"(a) an stóras coiteann sonraí céannachta dá dtagraítear in [Airteagal 17(2) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht];"

5. In Airteagal 6(2), cuirtear isteach pointe (ab) a leanas:

"(ab) lárchóras, an liosta faire san áireamh;”

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n) d’Airteagal 6(2):

"(n) bonneagar cumarsáide slán idir Lárchóras ETIAS agus bonneagair láir na tairsí cuardaigh Eorpaí arna bunú le [hAirteagal 6 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], an stóras coiteann sonraí céannachta arna bhunú le [hAirteagal 17 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], agus an brathadóir ilchéannachtaí arna bhunú le [hAirteagal 25 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht];"

7. In Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"2a. Beidh sa stóras coiteann na sonraí céannachta agus sonraí an doiciméid taistil mar a thagraítear dóibh in Airteagal 17(2)(a) agus (b) go (e) mar aon le cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil mar a thagraítear dó in Airteagal 19(3)(c), agus stórálfar na sonraí eile i Lárchóras ETIAS.”

8. Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Chomh maith leis sin, is ag foireann chuí-údaraithe údaráis náisiúnta gach Ballstáit agus ag foireann chuí-údaraithe chomhlachtaí an Aontais atá inniúil chun na gcríoch a leagtar síos in [Airteagal 20 agus Airteagal 21 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht] agus acu sin amháin a bheidh rochtain ar shonraí céannachta ETIAS agus sonraí an doiciméid taistil a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta lena gceadú. Beidh an rochtain sin teoranta don mhéid a bheidh riachtanach chun cúraimí na n-údarás náisiúnta sin agus chomhlachtaí an Aontais a dhéanamh i gcomhréir leis na cuspóirí sin, agus beidh sí comhréireach leis na cuspóirí atá le baint amach.

6. Ainmneoidh gach Ballstát na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 4 agus i mír 5 den Airteagal seo agus cuirfidh sé liosta na n-údarás sin in iúl do eu-LISA gan mhoill, i gcomhréir le hAirteagal 87(2). Sonrófar sa liosta sin cad chuige a mbeidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe gach údaráis ar na sonraí i gCóras Faisnéise ETIAS i gcomhréir le mír 1, 2, 4 agus 5 den Airteagal seo.";

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d'Airteagal 17(2):

"(a) an sloinne (ainm an teaghlaigh), an céadainm nó na céadainmneacha, sloinne breithe; dáta breithe, áit bhreithe, inscne, náisiúntacht reatha;

(ab) tír bhreithe, céadainmneacha thuismitheoirí an iarratasóra;"

10. In Airteagal 19(4) cuirtear na focail "Airteagal 17(2)(a) agus (ab)" in ionad na bhfocal "Airteagal 17(2)(a)".

11. Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 2:

"2. Seolfaidh Lárchóras ETIAS cuardach trí úsáid a bhaint as an tairseach cuardaigh Eorpach a shainmhínítear in [Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht] chun na sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 17(2)(a), (ab), (b), (c), (d), (f), (g), (j), (k), (m) agus (8) a chur i gcomparáid leis na sonraí atá i dtaifead, comhad nó foláireamh atá cláraithe i gcomhad iarratais atá stóráilte i Lárchóras ETIAS, SIS, an Córas Dul Isteach/Imeachta, VIS, Eurodac, sonraí Europol, bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil ghoidte nó chaillte (SLTD), agus bunachar sonraí Interpol um dhoiciméid taistil a bhaineann le fógraí (Interpol TDAWN)."

(b) I mír 4 cuirtear na focail "Airteagal 17(2)(a), (ab), (b), (c), (d), (f), (g), (j), (k), (m) agus (8)" in ionad na bhfocal "Airteagal 17(2)(a), (b), (c), (d), (f), (g), (j), (k), (m) agus (8)".

(c) I mír 5 cuirtear na focail "Airteagal 17(2)(a), (ab), (b), (c), (d), (f), (g), (j), (k), (m) agus (8)" in ionad na bhfocal "Airteagal 17(2)(a), (b), (c), (d), (f), (g), (j), (k), (m) agus (8)".

12. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23(1):

"1. Seolfaidh Lárchóras ETIAS cuardach trí úsáid a bhaint as an tairseach cuardaigh Eorpach a shainmhínítear in [Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht] chun na sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 17(2)(a), (ab), (b) agus (d) a chur i gcomparáid leis na sonraí atá in SIS chun a chinneadh an bhfuil an t-iarratasóir faoi réir aon cheann de na foláirimh seo a leanas:

(a) foláireamh maidir le daoine atá ar iarraidh;

(b) foláireamh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach;

(c) foláireamh maidir le daoine i ndáil le seiceálacha discréideacha nó seiceálacha sonracha."

13. I mír 1 d'Airteagal 49 cuirtear na focail "Airteagal 17(2)(a), (ab), (b), (c), (d) agus (e)" in ionad na bhfocal "Airteagal 17(2)(a), (b), (c), (d) agus (e)".

14. In Airteagal 52, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

(1a) I gcásanna ina seolfaidh na húdaráis ainmnithe iarraidh ar chuardach seolta

chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le [hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], féadfaidh siad na comhaid iarratais atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a rochtain i gcomhréir leis an Airteagal seo lena gceadú i gcás ina nochtfar leis an bhfreagra ina seolfaidh na húdaráis ainmnithe, mar a thagraítear dó i mír 3 [d'Airteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], go bhfuil sonraí á stóráil sna comhaid iarratais atá stóráilte i Lárchóras ETIAS."

15. In Airteagal 53, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

(1a) I gcásanna ina seolfaidh Europol iarraidh ar chuardach chuig an stóras coiteann sonraí céannachta i gcomhréir le [hAirteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], féadfaidh siad na comhaid iarratais atá stóráilte i Lárchóras ETIAS a rochtain lena gceadú i gcás ina nochtfar leis an bhfreagra a gheofar, mar a thagraítear dó i mír 3 [d'Airteagal 22 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], go bhfuil sonraí á stóráil sna comhaid iarratais atá stóráilte i Lárchóras ETIAS."

16. Sa chúigiú fomhír d'Airteagal 65(3) cuirtear na focail "Airteagal 17(2)(a), (ab), (b), (d), (e) agus (f)" in ionad na bhfocal "Airteagal 17(2)(a), (b), (d), (e) agus (f)".

17. in Airteagal 69(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(ca) i gcás inarb ábhartha, tagairt d'úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí chun cuardach a dhéanamh i Lárchóras ETIAS mar a thagraítear dó in [Airteagal 7(2) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht],"

18. In Airteagal 73(2) cuirtear na focail "an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in [Airteagal 39 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht] a mhéid atá sonraí ann a fuarthas as Lárchóras ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 84 " in ionad na bhfocal "an lárstóras sonraí".

19. In Airteagal 74(1), scriostar na focail "an lárstóras sonraí dá dtagraítear in Airteagal 6".

20. In Airteagal 84(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in [Airteagal 39 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]." I gcomhréir le [hAirteagal 39(1) den Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], d'fhéadfadh na húdaráis a liostaítear i mír 1 sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a úsáid chun tuarascálacha agus staitisticí inoiriúnaithe a fháil d'fhonn tacú le cur chun feidhme rialacha ETIAS maidir le scagadh dá dtagraítear in Airteagal 33, chun feabhas a chur ar an measúnú ar na rioscaí slándála, na rioscaí inimirce neamhdhleathaí agus na hardrioscaí eipidéime, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na seiceálacha teorann agus chun cuidiú le Láraonad ETIAS agus le haonaid náisiúnta ETIAS iarratais ar údarú taistil a phróiseáil."

21. In Airteagal 84(4) cuirtear isteach fomhír nua:

"Déanfar an staidreamh laethúil a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh."

*Airteagal 55g*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/XX [an Rialachán maidir le SIS i réimse na seiceálacha teorann]*

**Leasaítear Rialachán (AE) 2018/XX mar seo a leanas:**

**1. In Airteagal 3(1), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:**

**"(t) ciallaíonn "an tairseach cuardaigh Eorpach" an tairseach cuardaigh Eorpach mar a shainmhínítear in [Airteagal 6 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht].**

**(u) ciallaíonn "an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha" an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha mar a shainmhínítear in [Airteagal 12 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht].**

**(v) ciallaíonn "stóras coiteann sonraí céannachta" an stóras coiteann sonraí céannachta mar a thagraítear dó in [Airteagal 17 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht];**

**(w) ciallaíonn "an brathadóir ilchéannachtaí" an brathadóir ilchéannachtaí mar a shainmhínítear in [Airteagal 25 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht].**

**2. Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:**

**(a) i mír 3, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:**

**"d) bonneagar cumarsáide slán idir CS-SIS agus bonneagair láir na tairsí cuardaigh Eorpaí, na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus an brathadóra ilchéannachtaí".**

**(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:**

**"5. Gan dochar do mhír (1) go (4) den Airteagal seo, féadfar sonraí SIS a chuardach freisin tríd an tairseach cuardaigh Eorpach.**

**6. Gan dochar do mhír (1) go (4) den Airteagal seo, féadfar sonraí SIS a tharchur freisin tríd an mbonneagar cumarsáide slán a shainmhínítear i mír (3)(d) den Airteagal seo. Beidh an tarchur sin teoranta chun a mhéid atá na sonraí de dhíth ar na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i [Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]."**

**3. In Airteagal 7 cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:**

**"2a. Áiritheoidh Biúrónna SIRENE fíorú na gcéannachtaí éagsúla i gcomhréir le [hAirteagal 29 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]. A mhéid is gá chun an tasc seo a chur i gcrích, beidh rochtain ag Biúrónna SIRENE ar na sonraí a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta d'fhonn iad a cheadú chun na gcríoch a leagtar síos in [Airteagal 21 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]."**

**4. in Airteagal 8 scriostar mír 4.**

**5. in Airteagal 12 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:**

**“1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gach rochtain ar shonraí pearsanta atá in CS-SIS, agus gach malartú faisnéise pearsanta den sórt sin, a logáil ina N.SIS chun seiceáil a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an cuardach dleathach nó nach bhfuil, chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí, chun féinfhaireachán a dhéanamh agus chun feidhmiú iomchuí N.SIS, sláine sonraí agus slándáil a áirithiú. Níl feidhm aige sin maidir leis na próisis uathoibríocha dá dtagraítear in Airteagal 4(4)(a), (b) agus (c). Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gach rochtain ar shonraí pearsanta tríd an tairseach cuardaigh Eorpach a logáil freisin chun seiceáil a dhéanamh an bhfuil an cuardach dleathach nó nach bhfuil, chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí, chun féinfhaireachán a dhéanamh agus chun sláine sonraí agus slándáil a áirithiú.”**

**6. Cuirtear an pointe (g) seo a leanas le hAirteagal 29(1):**

**“(g) céannachtaí éagsúla a fhíorú agus calaois chéannachta a chomhrac i gcomhréir le [Caibidil V de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]."**

**7. in Airteagal 54, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:**

**"Chun críche mhír 3, mhír 4 agus mhír 5 den Airteagal seo agus chun críche Airteagal 15(5), déanfaidh an Ghníomhaireacht na sonraí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus in Airteagal 15(5) a stóráil ar bhealach nach lamhálfaidh sainaithint daoine aonair sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear [i mír 39 den Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht].**

**Lamhálfaidh an Ghníomhaireacht don Choimisiún agus do na gníomhaireachtaí dá dtagraítear i mír 5 tuarascálacha agus staidreamh sainordaithe a fháil. Arna iarraidh sin, tabharfaidh an Ghníomhaireacht rochtain do na Ballstáit, don Choimisiún, do Europol agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ar an lárstóras i gcomhréir le [hAirteagal 39 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht].”**

*Airteagal 55h*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/XX [Rialachán eu-LISA]*

**Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2018/XX (eu-LISA) mar a leanas:**

**1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:**

*"“Airteagal 8*
*Cáilíocht na sonraí*

**1. Bunóidh eu-LISA do gach córas faoi chúram oibríochtúil na Gníomhaireachta sásraí agus nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí agus táscairí coiteanna maidir le cáilíocht sonraí agus na híoschaighdeáin cháilíochta chun sonraí a stóráil, i gcomhréir le forálacha**

ábhartha ionstraimí na gcóras agus le [hAirteagal 37 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht].

2. Bunóidh eu-LISA lárstóras um thuairisciú agus staidreamh i gcomhréir le [hAirteagal 39 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht].”

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*"“Airteagal 9*
*Idir-inoibritheacht*

I gcas inar leagadh síos idir-inoibritheacht na gcóras mórscála TF in ionstraim reachtach ábhartha, forbróidh an Ghníomhaireacht na bearta is gá chun an idir-inoibritheacht sin a chumasú mar a cuireadh de chúram uirthi leis na hionstraimí reachtacha sin."

3. Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar seo a leanas:

(i) cuirtear isteach pointe (eea) seo a leanas:

"(eea) na tuarascálacha a ghlacadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta de bhun [Airteagal 68(2) de Rialachán (AE) 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht]".

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ff):

"(ff) na tuarascálacha a ghlacadh maidir le feidhmiú teicniúil SIS II de bhun Airteagal 50(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 66(4) de Chinneadh 2007/533/CGB faoi seach, [nó Airteagal 54(7) de Rialachán 2018/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 71(7) de Rialachán XX an XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1986/2006, Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún] maidir le VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB, maidir le EES de bhun Airteagal 72(4) de Rialachán (AE) 2017/2226, maidir le ETIAS de bhun Airteagal 81(f) de Rialachán (AE) 2018/XX maidir leis an gcóras ECRIS-TCN agus leis na bogearraí tagartha do chur chun feidhme ECRIS de bhun Airteagal 34(4) de Rialachán (AE) 2018/XX] agus maidir leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta de bhun [Airteagal 68(4) de Rialachán (AE) 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht];”

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (hh):

“(hh) barúlacha foirmiúla a ghlacadh faoi thuarascálacha an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis na hiniúchtaí a rinneadh de bhun Airteagal 45(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus

[Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2018/XX (lena mbunaítear ETIAS)] agus [Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2018/XX) (lena mbunaítear an córas ECRIS-TCN), agus [Airteagal 50 de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht] agus obair leantach iomchuí ar na hiniúchtaí sin a áirithiú;"

4. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19, mír 4:

"4. Féadfaidh Europol agus Eurojust freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta, mar bhreathnóirí, ach ceist a bhaineann le SIS II, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2007/533/CGB, a bheith ar an gclár oibre. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta , mar bhreathnóirí, ach ceist a bhaineann le SIS, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/1624, a bheith ar an gclár oibre]. Féadfaidh Europol freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin ach ceist a bhaineann le VIS, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2008/633/CGB, nó ceist a bhaineann le Eurodac, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, a bheith ar an gclár oibre. Féadfaidh Europol freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin ach ceist a bhaineann le EES, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/2226, nó ceist a bhaineann le ETIAS, i ndáil le Rialachán (AE) 2018/XX (lena mbunaítear ETIAS) a bheith ar an gclár oibre. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin, mar bhreathnóir, ach ceist a bhaineann le ETIAS, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán 2018/XX (lena mbunaítear ETIAS), a bheith ar an gclár oibre.] [Féadfaidh an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) freastal, mar bhreathnóir, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin, ach ceist a bhaineann leis an gcóras uathoibrithe do chlárú, d'fhaireachán agus don sásra um leithdháileadh le haghaidh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 44 de Rialachán (AE) lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) COM(2016) 270 final–2016/0133(COD), a bheith ar an gclár oibre.] [Féadfaidh Eurojust, Europol [agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh] freastal, mar bhreathnóirí, ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin, ach ceist a bheith ar an gclár a bhaineann le Rialachán 2018/XX (lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (NTTanna) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) a fhorlíonadh agus chun tacú leis agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (an córas ECRIS-TCN).] Féadfaidh Europol, Eurojust agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin, mar bhreathnóirí, ach ceist a bhaineann le [ Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht], a bheith ar an gclár oibre. Féadfaidh an Bord Bainistíochta iarraidh ar aon duine ar díol spéise a thuairim freastal ar a chuid cruinnithe i gcáil breathnóra."

5. In Airteagal 21(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):

"(o) gan dochar d'Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne, ceanglais rúndachta a bhunú chun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 17 de Chinneadh 2007/533/CGB, Airteagal 26(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 a chomhlíonadh;

**Airteagal 37(4) de Rialachán 2017/2226, [Airteagal 64(2) de Rialachán 2018/XX (lena mbunaítear ETIAS)], [Airteagal 11(16) de Rialachán 2018/XX (lena mbunaítear an córas ECRIS-TCN )] agus [Airteagal 53(2) de Rialachán 2018/XX maidir le hidir-inoibritheacht];"**

**6. Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:**

**(a) I mír 1 cuirtear isteach an pointe seo a leanas:**

**"(ea) an Grúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht;"**

**(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:**

**"3. Féadfaidh Europol agus Eurojust agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a n-ionadaí féin a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach SIS II. Féadfaidh Europol ionadaí a cheapadh do Ghrúpaí Comhairleacha VIS agus Eurodac agus EES[-ETIAS]. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ionadaí a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach EES[-ETIAS] freisin. [Féadfaidh Eurojust, Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh] ionadaí a cheapadh do Ghrúpa Comhairleach an chórais ECRIS-TCN freisin.] Féadfaidh Europol, Eurojust agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a n-ionadaí féin a cheapadh ar Ghrúpa Comhairleach maidir le hIdir-inoibritheacht."**

# CAIBIDIL X
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 56*
*Tuairisciú agus staidreamh*

1. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, ach gan sainaithint daoine aonair a chumasú, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an tairseach cuardaigh Eorpach lena gceadú:

(a) líon na n-iarrataí ar chuardach in aghaidh an úsáideora i bpróifíl na tairsí cuardaigh Eorpaí.

(b) líon na n-iarrataí ar chuardach i ngach ceann de bhunachair sonraí Interpol.

2. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, ach gan sainaithint daoine aonair a chumasú, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an stóras coiteann sonraí céannachta lena gceadú:

(a) líon na n-iarrataí ar chuardach chun críocha Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22;

(b) náisiúntacht, inscne agus dáta breithe an iarratasóra;

(c) cineál an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre eisiúna;

(d) líon na gcuardach a rinneadh agus sonraí bithmhéadracha á n-úsáid agus líon na gcuardach a rinneadh gan sonraí bithmhéadracha a úsáid.

3. Chun críocha tuairiscithe agus staidrimh agus chucu sin amháin, ach gan sainaithint daoine aonair a chumasú,, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla

na mBallstát, an Choimisiúin, agus eu-LISA ar na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an mbrathadóir ilchéannachtaí lena gceadú:

(a) náisiúntacht, inscne agus dáta breithe an iarratasóra;

(a) cineál an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre eisiúna;

(b) líon na gcuardach a rinneadh agus sonraí bithmhéadracha á n-úsáid agus líon na gcuardach a rinneadh gan sonraí bithmhéadracha a úsáid;

(c) líon na gcineálacha nasc éagsúil.

4. Beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77] ar na sonraí dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 lena gceadú chun na hanailísí riosca agus na measúnuithe leochaileachta dá dtagraítear in Airteagal 11 agus in Airteagal 13 den Rialachán sin a dhéanamh.

5. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear i gCaibidil VII den Rialachán seo. Ní fhéadfar daoine aonair a shainaithint trí bhíthin na sonraí sa lárstóras, ach féadfaidh na húdaráis a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo é a úsáid chun tuairiscí agus staidreamh in-saincheaptha a fháil chun éifeachtúlacht na seiceálacha teorann a fheabhsú, chun cuidiú leis na húdaráis agus iad ag próiseáil iarratais ar víosa agus chun tacú le déanamh beartas imirce agus slándála an Aontais ar bhonn fianaise.

*Airteagal 57*
*Idirthréimhse le haghaidh úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí*

Ar feadh dhá bhliain ón dáta a thosóidh an tairseach cuardaigh Eorpach i mbun oibríochtaí, ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus (4) agus beidh úsáid na tairsí cuardaigh Eorpaí roghnach.

*Airteagal 58*
*Idirthréimhse is infheidhme maidir leis na forálacha maidir le rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí*

Beidh feidhm ag Airteagal 22, pointí 13, 14, 15 agus16 d'Airteagal 55b agus ag Airteagal 55e ó dháta thús na n-oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1).

*Airteagal 59*
*Idirthréimhse chun ilchéannachtaí a bhrath*

1. Ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin ón uair a chuirfidh eu-LISA in iúl críoch na tástála dá dtagraítear in Airteagal 62(1)(b) maidir leis an mbrathadóir ilchéannachtaí agus sula gcuirfear tús le hoibríochtaí an bhrathadóra ilchéannachtaí, beidh Láraonad ETIAS dá dtagraítear in [Airteagal 33(a) de Rialachán (AE) 2016/1624] freagrach as ilchéannachtaí a bhrath idir na sonraí a stóráiltear in VIS, Eurodac agus SIS. Is le sonraí bithmhéadracha amháin a dhéanfar ilchéannachtaí a bhrath i gcomhréir le hAirteagal 27(2) den Rialachán seo.

---

[77] Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle (IO L 251, 16.9.2016, lch. 1).

2. I gcás ina bhfaighfear amas amháin nó iliomad amas mar thoradh ar an gcuardach agus ina mbeidh sonraí céannachta na gcomhad nasctha comhionann nó cosúil, cruthófar nasc bán i gcomhréir le hAirteagal 33.

I gcás ina bhfaighfear amas amháin nó iliomad amas mar thoradh ar an gcuardach agus nach féidir a mheas go bhfuil sonraí céannachta na gcomhad nasctha cosúil, cruthófar nasc buí i gcomhréir le hAirteagal 30 agus beidh feidhm leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29.

I gcas ina bhfaighfear iliomad amas, cruthófar nasc leis na sonraí ar fad a thionscain amas.

3. I gcás ina gcruthófar nasc buí, tabharfaidh an brathadóir ilchéannachtaí rochtain ar na sonraí céannachta atá sna córais faisnéise éagsúla do Láraonad ETIAS.

4. I gcás ina gcruthófar nasc le foláireamh in SIS, cé is moite d'fholáireamh i dtaca le dul isteach a dhiúltú nó d'fholáireamh i dtaca le doiciméad taistil a tuairiscíodh a bheith caillte, a goideadh nó a neamhbhailíochtaíodh i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán SIS i réimse na seiceálacha teorann agus Airteagal 38 de Rialachán SIS i réimse fhorfheidhmiú an dlí faoi seach, tabharfaidh an brathadóir ilchéannachtaí rochtain ar na sonraí céannachta atá sna córais faisnéise éagsúla de bhiúró SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh.

5. Beidh rochtain ag Láraonad ETIAS nó biúró SIRENE an Bhallstáit a chruthaigh an foláireamh ar na sonraí sa chomhad um dheimhniú céannachta agus déanfaidh siad na céannachtaí éagsúla a mheasúnú agus nuashonróidh siad an nasc i gcomhréir le hAirteagal 31, Airteagal 32, agus Airteagal 33 agus cuirfidh siad leis an gcomhad um dheimhniú céannachta é.

6. Cuideoidh eu-LISA i gcás inar gá le Láraonad ETIAS ilchéannachtaí a bhrath dá dtagraítear san Airteagal seo.

*Airteagal 60*
*Costais*

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais a thabhófar i dtaca le bunú agus feidhmiú na tairsí cuardaigh Eorpaí, na seirbhíse chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, an stórais choitinn sonraí céannachta agus an bhrathadóra ilchéannachtaí.

2. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thitfidh na costais a thabhófar i dtaca leis an mbonneagar teorann náisiúnta atá ann cheana a chomhtháthú agus a cheangal leis na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta sin, agus i dtaca leis na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta a óstáil.

Ní chuirfear san áireamh na costais seo a leanas:

(a) costais oifig bainistithe tionscadal na mBallstát (cruinnithe, misin, oifigí);

(b) córais náisiúnta TF a óstáil (spás, cur chun feidhme, leictreachas, fuarú);

(c) costas na gcóras náisiúnta TF a oibriú (oibreoirí agus conarthaí tacaíochta);

(d) líonraí cumarsáide náisiúnta a dhearadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a oibriú agus a chothabháil.

3. Is ar gach Ballstát agus ar Europol a thitfidh na costais a thabhóidh na húdaráis ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 4(24). Is ar gach Ballstát agus ar Europol a

thitfidh na costais i dtaca leisna húdaráis ainmnithe a nascadhleis an  stóras coiteann sonraí céannachta.

*Airteagal 61*
*Fógra a thabhairt*

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do eu-LISA maidir leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagail 7, 20, 21 agus 26 a fhéadfaidh úsáid a bhaint as an tairseach cuardaigh Eorpach, an stóras coiteann sonraí céannachta agus as an mbrathadóir ilchéannachtaí faoi seach nó a fhéadfaidh rochtain a fháil orthu.

   Foilseofar liosta comhdhlúite na n-údarás sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* laistigh de thrí mhí tar éis do gach ceann de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta teacht i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 62. I gcás ina ndéanfar leasuithe ar an liosta, foilseoidh eu-LISA liosta comhdhlúite nuashonraithe uair sa bhliain.

2. Tabharfaidh eu-LISA fógra don Choimisiún maidir le cur i gcrích rathúil na tástála dá dtagraítear in Airteagal 62(1)(b).

3. Tabharfaidh Láraonad ETIAS fógra don Choimisiún maidir le cur i gcrích rathúil an bhirt maidir le hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 59.

4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a dtugtar fógra fúithi de bhun mhír 1 ar fáil do na Ballstáit agus don phobal ar shuíomh gréasáin poiblí a nuashonrófar go rialta.

*Airteagal 62*
*Teacht i bhfeidhm*

1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí gach comhpháirte idir-inoibritheachta ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagail 8(2), 9(7), 28(5) agus (6), 37(4), 38(4), 39(5) agus 44(5) glactha;

   (b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an gcomhpháirt idir-inoibritheachta ábhartha curtha i gcrích go rathúil aige féin i gcomhar leis na Ballstáit;

   (c) beidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 8(1), 13, 19, 34 agus 39 bailíochtaithe ag eu-LISA agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith;

   (d) beidh an fógra dá dtagraítear in Airteagal 61(1) tugtha ag na Ballstáit don Choimisiún;

   (e) i dtaca leis an mbrathadóir ilchéannachtaí, beidh fógra tugtha ag an gCoimisiún do Láraonad ETIAS mar a thagraítear dó in Airteagal 61(3).

2. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na tástála arna ndéanamh de bhun mhír 1(b) in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

3. Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Tosóidh na Ballstáit agus Europol ag úsáid na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le mír 1.

*Airteagal 63*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus in Airteagal 9(7) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus in Airteagal 9(7) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na gcumhachtaí a sonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(2) agus Airteagal 9(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [dhá mhí] ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 64*
*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 65*
*Grúpa comhairleach*

Bunóidh eu-LISA grúpa comhairleach a sholáthróidh an saineolas a bhaineann le hidir-inoibritheacht dó, go háirithe agus a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta á n-ullmhú aige. Le linn chéim dheartha agus forbartha na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, beidh feidhm ag Airteagal 52(4) go (6) .

*Airteagal 66*
*Oiliúint*

Déanfaidh eu-Lisa cúraimí i dtaca le hoiliúint a chur ar fáil in úsáid theicniúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 1077/2011.

*Airteagal 67*
*Lámhleabhar praiticiúil*

Cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le eu-LISA agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile, lámhleabhar praiticiúil ar fáil do chur chun feidhme agus do bhainistiú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta. Soláthrófar treoirlínte teicniúla agus oibríochtúla, moltaí agus dea-chleachtas sa lámhleabhar praiticiúil. Glacfaidh an Coimisiún an lámhleabhar praiticiúil i bhfoirm molta.

*Airteagal 68*
*Faireachán agus meastóireacht*

1. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na gcomhpháirteanna i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2. Faoi cheann [*sé mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm* — OPOCE, cuirtear isteach an dáta iarbhír] agus gach sé mhí dá éis le linn chéim forbartha na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt a gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta. A luaithe a bheidh an fhorbairt tugtha chun críche, cuirfear tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina míneofar go mionsonrach an chaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go sonrach i dtaca le pleanáil agus le costais, agus ina dtabharfar údar maith le haon chás inar imíodh óna raibh beartaithe.

3. Chun críocha na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh sna comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

4. Ceithre bliana tar éis tús a bheith curtha gach comhpháirt idir-inoibritheachta agus gach ceithre bliana dá éis, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear a slándáil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

5. Ina theannta sin, bliain amháin tar éis tuarascáil a fháil ó eu-LISA, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar na comhpháirteanna, lena n-áireofar:

   (a) measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

   (b) scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir na gcuspóirí a bhí ann, agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha;

   (c) measúnú ar bhailíocht leanúnach bhunréasúnaíochta na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta;

   (d) measúnú ar shlándáil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta;

   (e) measúnú ar pé impleachtaí a thiocfadh i gceist, lena n-áirítear aon tionchar

díréireach a d'imreofaí ar shreabhadh an tráchta ag pointí trasnaithe teorann agus aon impleachtaí a d'imreodh tionchar buiséadach ar bhuiséad an Aontais.

Áireofar sna meastóireachtaí sin pé moltaí is gá. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle[78].

6. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún cibé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

7. Soláthróidh eu-LISA don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí foriomlána dá dtagraítear i mír 5 a dhéanamh.

8. Agus urraim á tabhairt d'fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, ullmhóidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le héifeachtacht na rochtana ar shonraí a stóráiltear i stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, ina mbeidh faisnéis agus staidreamh faoi na nithe seo a leanas:

(a) cad é go baileach is cuspóir don cheadú lena n-áirítear cineál an chiona sceimhlitheoireachta nó cineál an chiona thromchúisigh choiriúil;

(b) an foras réasúnach a tugadh maidir leis an amhras a bhfuil údar leis go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach i gcatagóir a chumhdaítear faoi [Rialachán EES], Rialachán VIS nó [Rialachán ETIAS];

(c) an líon iarrataí ar rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí;

(d) an líon agus na cineálacha cásanna inar éirigh leis na húdaráis sainaithint a dhéanamh;

(e) eolas faoin ngá atá leis an gcás práinne eisceachtúil agus faoin úsáid a bhaintear as, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an gcás práinne sin iontu san fhíorú *ex post* a rinne an lárphointe rochtana.

Tarchuirfear tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus tuarascálacha bliantúla Europol chuig an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh den bhliain dá éis sin.

*Airteagal 69*
*Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[78] Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, Lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimse/Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh um shlándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce. |

#### 1.2. Réimse/Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Gnóthaí baile (teideal 18) |

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

X Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[79]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Bainistiú teorainneacha – beatha a shábháil agus teorainneacha seachtracha a dhaingniú<br><br>Mar gheall ar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta, is féidir úsáid níos fearr a bhaint as an bhfaisnéis atá i gcórais an Aontais atá i bhfeidhm cheana le haghaidh slándáil, teorainneacha agus bainistiú imirce. Go príomha, seachnaítear go dtaifeadtar an duine céanna i gcórais dhifriúla agus céannachtaí difriúla á dtabhairt dó agus na bearta sin á gcur i bhfeidhm. Faoi láthair, is féidir duine a shainaithint go huathúil i gcóras ar leith ach ní féidir déanamh amhlaidh sna córais ar fad. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé sin ina chúis leis na húdaráis cinntí earráideacha a dhéanamh nó, os a choinne sin, go mbainfeadh taistealaithe *male fide* úsáid as sin chun a bhfíorchéannacht a cheilt.<br><br>Malartú faisnéise a fheabhsú<br><br>Mar gheall ar na bearta atá beartaithe, bheadh rochtain freisin ag na seirbhísí forfheidhmithe dlí ar an sonraí sin, ar rochtain í atá cuíchóirithe ach teorannaithe fós. Ach, murab ionann is i láthair na huaire, tá aon tacar amháin de choinníollacha ann, seachas tacar difriúil chun rochtain a fháil ar gach bailiúchán sonraí. |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus Cuspóir sonrach Uimh. [ ]*

| |
|---|
| Tá na cuspóirí ginearálta seo a leanas le bunú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta: |

(f) bainistiú teorainneacha seachtracha a fheabhsú;

---

[79] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

(g) cuidiú le himirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac; agus

(h) chun leibhéal ard slándála a áirithiú i limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais, lena n-áirítear slándáil phoiblí agus beartas poiblí a chothabháil agus an tslándáil a chosaint ar chríocha na mBallstát.

Na cuspóirí maidir le hidir-inoibritheacht a áirithiú, bainfear amach iad mar seo a leanas:

(a) trí cheart-sainaithint daoine a áirithiú;

(b) trí chuidiú chun calaois aitheantais a chomhrac;

(c) trí cheanglais cáilíochta sonraí a fheabhsú agus a chomhchuibhiú i gcás chórais faisnéise ábhartha an Aontais Eorpaigh;

(d) trí chúnamh a thabhairt do na Ballstáit le cur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil na gcóras faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo;

(e) trí na coinníollacha slándála sonraí agus cosanta sonraí a rialaíonn córais faisnéise ábhartha an Aontais Eorpaigh a neartú agus a shimpliú agus a dhéanamh níos aonfhoirmí;

(f) trí na coinníollacha a shimpliú agus a dhéanamh níos aonfhoirmí chun go bhfaighfear rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí ar EES, VIS, ETIAS agus Eurodac;

(g) trí thacú le cuspóirí EES, VIS, ETIAS, Eurodac, SIS agus an chórais ECRIS-TCN

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

An chaibidil maidir le Slándáil agus Saoirsí a Choimirciú: Slándáil Inmheánach

### 1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Tagann cuspóirí ginearálta an tionscnaimh seo as an dá sprioc chonradhbhunaithe:

1. Bainistiú teorainneacha seachtracha Schengen a fheabhsú, ar bhonn an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce agus teachtaireachtaí ina dhiaidh sin, lena n-áirítear an Teachtaireacht chun limistéar Schengen a chaomhnú agus a neartú.

2. Cuidiú a thabhairt slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh a áirithiú ar bhonn an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an tSlándáil agus obair an Choimisiúin i dtreo aontas slándála éifeachtach dílis a bhaint amach.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha beartais atá ag an tionscnamh idir-inoibritheachta seo:

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an togra seo:

1. a áirithiú go mbeidh rochtain thapa, rianúil, chórasach agus rialaithe ag úsáideoirí deiridh, go háirithe gardaí teorann, oifigigh forfheidhmithe dlí, oifigigh inimirce agus údaráis bhreithiúnacha, ar an bhfaisnéis atá de dhíth orthu chun a gcuid cúraimí a dhéanamh;

2. réiteach a sholáthar chun an iliomad céannachtaí a bhrath atá nasctha leis an tacar céanna sonraí bithmhéadracha agus dhá chuspóir ag baint leis sin, is iad sin ceart-sainaithint daoine bona fide a áirithiú agus calaois chéannachta a chomhrac;

3. seiceálacha céannachta ar náisiúnaigh tríú tír a éascú d'údaráis phóilíneachta ar chríoch Ballstáit; agus

4. rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar chórais faisnéise nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a éascú agus a chuíchóiriú ar leibhéal an Aontais, i gcás inar gá chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh.

Chun cuspóir shonrach 1 a bhaint amach, déanfar an tairseach cuardaigh Eorpach a fhorbairt.

Chun cuspóir sonrach 2 a bhaint amach, cuirfear an brathadóir ilchéannachtaí i bhfeidhm le tacaíocht ón stóras coiteann sonraí céannachta agus ón tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.

Chun cuspóir sonrach 3 a bhaint amach, tabharfar rochtain d'oifigigh údaraithe rochtain ar an stóras coiteann sonraí céannachta chun críche daoine a shainaithint.

Chun cuspóir sonrach 4 a bhaint amach, beidh feidhmiúlacht na brataí sa stóras coiteann sonraí céannachta lena gcuirfear cur chuige dhá chéim i bhfeidhm chun gur féidir rochtain chun críocha fhorfheidhmiú an dlí a fháil ar na córais bainistithe teorainneacha.

Mar aon leis na ceithre chomhpháirt idir-inoibritheachta sin, tabharfar tuilleadh tacaíochta do na cuspóirí a bhfuil cur síos orthu i roinn 1.4.2 tríd an bhformáid uilíoch teachtaireachta a bhunú agus a rialáil mar chaighdeán de chuid an Aontais le córais faisnéise a fhorbairt i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile agus lárstóras um thuairisciú agus staidrimh a bhunú.

### 1.4.4. *Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Ní mór an chomhpháirt sin a fhorbairt, agus ina dhiaidh sin í a chothabháil agus a oibriú, i ndáil le gach ceann de na bearta atá beartaithe.

Le linn na forbartha

Déanfar gach comhpháirt a fhorbairt a luaithe a chomhlíonfar na réamhriachtanais i.e. a luaithe a ghlacfaidh na comhreachtóirí an togra dlí agus a chomhlíonfar na réamhriachtanais theicniúla mar nach féidir roinnt comhpháirteanna a thógáil go dtí go mbeadh comhpháirt eile ar fáil.

Cuspóir sonrach: é a bheith réidh le tosú ag feidhmiú faoin spriocdháta dlite

Faoi dheireadh 2017, cuirfear an togra chuig na comhreachtóirí lena ghlacadh. Glactar leis go mbeidh an próiseas glactha curtha i gcrích le linn 2018 de réir an ama is gá, de ghnáth, chun tograí eile a ghlacadh.

Má ghlactar leis sin, cuirfear tús leis an tréimhse forbartha i dtús 2019 (=T0) chun pointe tagartha a chur ar fáil lenar féidir fad na dtréimhsí a áireamh gan dátaí sonracha a lua. Má ghlacann comhreachtóirí togra ar dháta níos déanaí, bogfar an sceideal iomlán dá réir sin. Ar an taobh eile, is gá an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha a bheith ar fáil sular féidir an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí a thabhairt chun críche. Sonraítear fad na dtréimhsí forbartha sa tábla thíos:




(Baineann an bloc i ndath buí le cúram ar leith de chuid Eurodac.)

Lárstóras um thuairisciú agus staidreamh: an dáta dlite: T0 + 12 mhí (2019-2020)

An tairseach cuardaigh Eorpach: an dáta dlite: T0 + 36 mhí (2019-2021)

Cuirfear an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ar bun ar dtús chun an córas dul isteach agus imeachta (EES) a chur i bhfeidhm. Nuair a bhainfear an sprioc thábhachtach sin amach, is gá na feidhmchláir a bhainfidh úsáid as an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha a thabhairt cothrom le dáta agus is gá na sonraí atá i gcóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg SIS, i gcóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg Eurodac agus sonraí ECRIS-TCN a aistriú anonn chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Is é deireadh 2023 an dáta dlite a thabharfar chun críche é.

Cuirfear an stóras coiteann sonraí céannachta ar bun ar dtús le linn EES a chur chun feidhme. Nuair a thabharfar EES chun críche, cuirfear na sonraí ó Eurodac agus ECRIS isteach sa stóras coiteann sonraí céannachta. Is é deireadh 2022 an dáta dlite a

thabharfar chun críche é (an dáta a chuirfear an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ar fáil + 12 mhí).

Cuirfear an brathadóir ilchéannachtaí ar bun nuair a bheidh an stóras coiteann sonraí céannachta i bhfeidhm. Is é deireadh 2022 an dáta dlite a thabharfar i gcrích é (an dáta a chuirfear an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ar fáil + 24 mhí) ach beidh tréimhse ann nuair a bheidh go leor acmhainní ag teastáil chun bailíochtú a dhéanamh ar na naisc arna moladh ag an mbrathadóir ilchéannachtaí idir na céannachtaí. Is gá gach ceann de na naisc a mheastar a bheith ann a bhailíochtú de láimh. Déanfar sin go dtí deireadh 2023.

Cuirfear tús le tréimhse na n-oibríochtaí a luaithe agus a thabharfar an tréimhse forbartha a shonraítear thuas chun críche.

Oibríochtaí

Is iad seo a leanas na táscairí a bhaineann le gach cuspóir ar leith a luaitear faoi 1.4.3:

1. Cuspóir sonrach: Rochtain thapa rianúil chórasach ar fhoinsí sonraí údaraithe

An líon cásanna úsáide a dhéantar a chuardach (líon na gcuardach ar féidir leis an tairseach cuardaigh Eorpach a láimhseáil) in aghaidh gach tréimhse.

Líon na gcuardach a dhéanann an tairseach cuardaigh Eorpach a láimhseáil i gcomparáid le líon iomlán na gcuardach (tríd an tairseach cuardaigh Eorpach agus córais eile go díreach) in aghaidh gach tréimhse.

2. Cuspóir sonrach: Ilchéannachtaí a bhrath

An líon céannachtaí atá nasctha leis an tacar céanna de shonraí bithmhéadracha i gcomparáid leis an líon céannachtaí a bhfuil eolas beathaisnéiseach curtha leo in aghaidh gach tréimhse.

An líon cásanna de chalaois chéannachta a braitheadh i gcomparáid leis an líon céannachtaí nasctha agus líon iomlán na gcéannachtaí in aghaidh gach tréimhse.

3. Cuspóir sonrach: Sainaithint na náisiúnach tríú tír a éascú

An líon de sheiceálacha céannachta a cuireadh i gcrích i gcomparáid leis an líon iomlán idirbheart in aghaidh gach tréimhse.

4. Cuspóir sonrach: Rochtain ar fhoinsí sonraí údaraithe a shimpliú chun críocha fhorfheidhmiú an dlí

- Líon iarrataí rochtana 'céim 1' (= seiceáil gurb ann do na sonraí) chun críocha fhorfheidhmiú an dlí in aghaidh gach tréimhse.

- Líon iarrataí rochtana 'céim 2' (= ceadú iarbhír na sonraí ó chórais an Aontais a thagann faoin raon feidhme) chun críocha fhorfheidhmiú an dlí in aghaidh gach tréimhse.

5. Cuspóir breise cothrománach: Cáilíocht na sonraí agus úsáid na sonraí a fheabhsú le haghaidh déanamh beartas níos fearr

- Tuarascálacha faireacháin ar cháilíocht sonraí a eisiúint go rialta.

- An líon iarrataí ad hoc ar fhaisnéis staidrimh in aghaidh gach tréimhse.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Mar a léirítear sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra dlí seo, tá gá leis na comhpháirteanna beartaithe chun an idir-inoibritheacht a chur i bhfeidhm:

• Ba cheart tairseach cuardaigh Eorpach a chruthú chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le rochtain thapa, rianúil, chórasach agus rialaithe a thabhairt d'úsáideoirí údaraithe ar na córais faisnéise ábhartha, bunaithe ar sheirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chun aghaidh a thabhairt ar gach bunachar sonraí.

• Ba cheart stóras coiteann sonraí céannachta, ina mbeadh tacar íosta sonraí céannachta, a chruthú, bunaithe ar an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha chéanna, chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir lena éascú d'oifigigh údaraithe seiceáil céannachta a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír ar chríoch Ballstáit.

• Ba cheart brathadóir ilchéannachtaí, ina mbeadh naisc idir ilchéannachtaí ar fud na gcóras, a chruthú chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le hilchéannachtaí atá nasctha leis an tacar céanna sonraí bithmhéadracha a bhrath, agus dhá chuspóir aige, is iad sin, seiceálacha céannachta a éascú do thaistealaithe bona fide agus calaois chéannachta a chomhrac.

• Ba cheart feidhmiúlacht "na brataí amais" a áireamh sa stóras coiteann sonraí céannachta chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le rochtain údarás forfheidhmithe dlí ar chórais faisnéise nach ndéantar an dlí a fhorfheidhmiú leo a éascú agus a chuíchóiriú chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh.

Ós rud é nach mór gach cuspóir a chomhlíonadh, is é an réiteach iomlán a bheidh ann an tairseach cuardaigh Eorpach, an stóras coiteann sonraí céannachta (agus feidhmiúlacht na brataí amais san áireamh) agus an brathadóir ilchéannachtaí a thabhairt le chéile agus gach ceann acu ag brath ar an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.

*1.5.2. Breisluach a éiríonn as rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh sé sin a bheith ag éirí as fachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain ó chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil nó comhlántachtaí). Chuige seo is é is ciall le "breisluach a éiríonn as rannpháirteachas an Aontais" an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais sa bhreis ar an luach a bheadh cruthaithe ag na Ballstáit amháin.*

Is gá beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais mar gurb iad na córais atá beartaithe a dhéanamh idir-inoibrithe na córais atá á n-úsáid ag roinnt Ballstát: gach Ballstáit (i gcás Eurodac) nó na Ballstáit uile atá mar chuid de limistéar Schengen ( i gcás EES, VIS, ETIAS agus SIS). Dar ndóigh, ní féidir beart a dhéanamh ar leibhéal eile.

Is é an breisluach is mó a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfear deireadh le cásanna calaoise céannachta, go ndéanfar na cásanna sin a thaifeadadh nuair a bhain duine úsáid as céannachtaí difriúla chun dul isteach san Aontas, agus go seachnófar iomrall maidir le daoine *bona fide* agus daoine *mala fide* a bhfuil an t-ainm céanna orthu. Breisluach eile atá ann go gceadófar leis an idir-inoibritheacht atá beartaithe anseo gur fusa córais TF mhórscála an Aontais a chur chun feidhme agus a chothabháil. Ba cheart gurbh é an toradh a bheadh ar na bearta atá beartaithe go bhfaigheadh na seirbhísí forfheidhmithe dlí rochtain ar shonraí ar leith i gcórais TF mhórscála an

Aontais ar bhonn níos minice agus níos éifeachtaí. Ar an leibhéal oibríochtúil, ní féidir cáilíocht na sonraí a chothabháil agus a fheabhsú gan faireachán a dhéanamh ar an gcáilíocht sin. Ina theannta sin, maidir le ceapadh beartas agus cinnteoireacht, is gá a bheith in ann cuardach *ad hoc* a dhéanamh ar shonraí anaithnide.

Tá anailís costais/sochair mar chuid den mheasúnú tionchair agus, gan ach na sochair sin amháin is féidir a chainníochtú á gcur san áireamh, is féidir a mheas le réasún gur fiú timpeall EUR 77.5 milliún in aghaidh na bliana na sochair a mbeifear ag súil leo agus fabhrófar na sochair sin den chuid is mó do na Ballstáit. Tagann na sochair sin go bunúsach as na nithe seo a leanas:

- Costas laghdaithe na n-athruithe ar fheidhmchláir náisiúnta nuair a bheidh an lárchóras i bhfeidhm (laghdú a mheastar ar fiú EUR 6 mhilliún in aghaidh na bliana é le haghaidh rannóga TF de chuid na mBallstát);

- Coigilt costas a bhuí le lársheirbhís chomhroinnte amháin meaitseála sonraí bithmhéadracha a bheith ann, seachas seirbhís chomhroinnte amháin meaitseála sonraí bithmhéadracha le haghaidh gach córais ina mbíonn sonraí bithmhéadracha á n-úsáid (coigilt a mheastar ar fiú EUR 1.5 milliún in aghaidh na bliana í agus coigilt aon-uaire ar fiú EUR 8 milliún í le haghaidh eu-LISA).

- Coigilt costas maidir le hilchéannachtaí a shainaithint i gcomparáid leis an gcás ina mbainfí an toradh céanna amach gan na modhanna atá beartaithe a úsáid. B'fhiú sin agus coigilt costas ar a laghad EUR 50 milliún in aghaidh na bliana do lucht riaracháin na mBallstát le haghaidh bainistiú teorainneacha, imirce agus fhorfheidhmiú an dlí.

- Coigilt costais oiliúna maidir le grúpa mór d'úsáideoirí deiridh i gcomparáid leis an gcás ina mbeadh gá le hoiliúint ar bhonn leanúnach, a mheastar a chosnóidh EUR 20 milliún in aghaidh na bliana do lucht riaracháin na mBallstát le haghaidh bainistiú teorainneacha, imirce agus fhorfheidhmiú an dlí.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Seo a leanas na ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a fuarthas maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) agus den Chóras Faisnéise Víosaí (VIS):

1. Mar chosaint ar aon róchaiteachas nó moill de bharr athrú a theacht ar na riachtanais, níor cheart aon chóras nua faisnéise a fhorbairt sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, go háirithe má bhaineann córas TF mórscála leis, sula nglacfaí na hionstraimí bunúsacha dlí lena leagtar amach cuspóir, raon feidhme, feidhmeanna agus mionsonraí teicniúla an chórais.

2. I gcás SIS II agus VIS, d'fhéadfaí forbairt náisiúnta sna Ballstáit a cómhaoiniú faoin gCiste um Theorainneacha Seachtracha, ach níor bheart riachtanach é sin. Dá bhrí sin, ní rabhthas in ann forbhreathnú a thabhairt ar mhéid an dul chun cinn atá déanta sna Ballstáit sin nach ndearna foráil maidir leis na gníomhaíochtaí faoi seach ina gclársceidealú ilbhliantúil nó sna Ballstáit sin a raibh easpa cruinnis ina gclársceidealú. Ar an gcúis sin, tá sé beartaithe anois go n-aisíocfaidh an Coimisiún costais uile an chomhtháite arna dtabhú ag na Ballstáit, chun go bhféadfar faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna sin.

3. D'fhonn comhordú ginearálta an chur chun feidhme a éascú, athúsáidfear na líonraí atá ann cheana agus an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta le haghaidh na malartuithe teachtaireachtaí uile atá beartaithe idir córais náisiúnta agus lárchórais.

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair

Is é an Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha an ionstraim airgeadais ar áiríodh inti an buiséad i ndáil le cur chun feidhme phacáiste na dTeorainneacha Cliste.

Déantar foráil in Airteagal 5(b) go bhfuil EUR 791 milliún le cur chun feidhme trí chlár chun córais TF a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chórais TF atá ann cheana agus/nó córais TF nua a thacaíonn le bainistiú sreabh imirce thar theorainneacha seachtracha faoi réir na gníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais a ghlacadh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15. As an EUR 791 milliún sin, cuirtear EUR 480.2 milliún i leataobh chun EES a fhorbairt, EUR 210 milliún le haghaidh ETIAS agus EUR 67.9 milliún chun athbhreithniú a dhéanamh ar SIS II. Bainfear úsáid as sásraí ISF-B chun an fuílleach (EUR 32.9 milliún) a ath-leithdháileadh. Tá EUR 32.1 milliún de dhíth ar an togra seo le haghaidh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha atá ag teacht leis an mbuiséad a bheidh fágtha.

Tá buiséad de EUR ~~424.7~~**461.0** milliún ina iomláine (ceannteideal ~~5~~ **7** san áireamh) de dhíth ar an togra seo le haghaidh na tréimhse ó 2019 go dtí 2027. Cumhdaítear an tréimhse dhá bhliain ó 2019 go 2020, agus an tréimhse sin amháin, leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha. Measadh na costais~~, áfach,~~ go dtí 2027 **freisin** agus cuireadh isteach iad. ~~chun léargas eolasach a thabhairt ar iarmhairtí airgeadais an togra seo gan breith a thabhairt roimh ré i gcomhréir~~**Tá sé sin i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún** ~~le~~**don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.**

Is é **EUR** ~~424.7~~**461.0** milliún an buiséad a iarrtar ar feadh naoi mbliana mar go gcumhdaítear na míreanna seo a leanas leis freisin:

(1) EUR 136.3 milliún do na Ballstáit lena gcumhdófar na hathruithe a dhéanfar ar a gcórais náisiúnta chun na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a úsáid, an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta arna chur ar fáil ag eu-LISA agus buiséad chun oiliúint a chur ar an bpobal mór d'úsáideoirí deiridh. Ní bheidh tionchar ar bith ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha mar go gcuirfear maoiniú ar fáil ó 2021 ar aghaidh.

(2) EUR 4.8 milliún don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta chun foireann speisialtóirí a fhostú a fhíoróidh na naisc idir céannachtaí le linn bliain amháin (2023) a luaithe agus a bheidh an brathadóir ilchéannachtaí beo. I measc ghníomhaíochtaí na foirne beidh imdhealú débhríochta maidir le céannachtaí mar a sannadh don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta le togra ETIAS. Ní bheidh tionchar ar bith ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha mar go gcuirfear maoiniú ar fáil ó 2021 ar aghaidh.

(3) EUR 48.9 milliún le haghaidh Europol chun go gcumhdófar nuashonrú chórais TF Europol de réir an lín teachtaireachtaí a bheidh le láimhseáil agus de réir na leibhéal feidhmíochta méadaithe. Bainfidh ETIAS úsáid as na comhpháirteanna idir-inoibritheachta chun sonraí Europol a cheadú. Níl cumas Europol faoi láthair maidir le faisnéis a láimhseáil, áfach, i gcomhréir leis an líon mór cuardach (100,000 díobh in aghaidh an lae ar an meán) ná i gcomhréir le ham freagartha giorraithe. I láthair na huaire, caitear EUR 9,1 milliún ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

(4) EUR 2.0 milliún le haghaidh CEPOL chun ullmhúchán agus soláthar oiliúna don fhoireann oibriúcháin a chumhdach. Tá EUR 0,1 milliún curtha i leataobh do 2020.

(5) EUR ~~225.0~~**261.3** milliún le haghaidh eu-LISA lena gcumhdófar an costas iomlán chun an clár a fhorbairt ina gcuirfear na cúig chomhpháirt idir-inoibritheachta i bhfeidhm (EUR 68.3 milliún), an costas cothabhála ón am a chuirfear na comhpháirteanna ar bun suas go dtí 2027 (EUR 56.1 milliún), buiséad sonrach EUR 25.0 milliún chun sonraí a aistriú ó na córais atá ann cheana chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus na costais bhreise a bhaineann leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a nuashonrú, an líonra, oiliúint agus cruinnithe. Cumhdaíonn buiséad sonrach EUR 18.7 milliún an costas maidir le ECRIS-TCN a nuashonrú agus a oibriú chun go mbeidh sé ag feidhmiú ina chóras ard-infhaighteachta ó 2022. **Le buiséad sonrach EUR 36,3 milliún cumhdaítear an costas chun an líonra agus SIS Láir (Córas Faisnéise Schengen) a nuashonrú i dtaca leis an méadú a mheastar a thiocfaidh ar na cuardaigh a dhéanfar, is dócha, de thoradh idir-inoibritheachta. Tá an tsuim bhreise sin** ~~cumhdaítear~~ **i gcomhréir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil freisin don tréimhse 2021 - 2027 (féach ceannteideal 4 Bainistiú Imirce agus Teorainneacha in COM(2018) 321 an 2 Bealtaine 2018).**
As an méid iomlán, caithfear EUR 23.0 milliún le linn don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha a bheith i bhfeidhm.

(6) EUR 7.7 milliún le haghaidh AS HOME chun méadú teoranta ar fhoireann agus ar chostais ghaolmhara a chumhdach le linn thréimhse forbartha na gcomhpháirteanna éagsúla mar go mbeidh an Coimisiún freagrach as an gcoiste a bheidh ag déileáil leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta. Níl an buiséad seo a thagann faoi cheannteideal 5**(Riarachán)** le cumhdach le buiséad an Chiste Slándála Inmheánaí. Mar eolas, tá EUR 2.0 milliún dlite don tréimhse 2019-2020.

Comhoiriúnacht do thionscnaimh a tugadh chun críche roimhe seo

Tá an tionscnamh seo comhoiriúnach don mhéid seo a leanas:

I mí Aibreáin 2016, thíolaic an Coimisiún **Teachtaireacht *Stronger and Smarter Information Systems for Borders and Security*** [Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil] chun aghaidh a thabhairt ar roinnt easnaimh struchtúrtha a bhaineann le córais faisnéise. As sin a tháinig trí bheart:

Sa chéad áit, rinne an Coimisiún **beart chun córais faisnéise atá anois ann a neartú agus a uasmhéadú**. I Nollaig 2016, ghlac an Coimisiún tograí chun Córas Faisnéise Schengen (SIS) atá anois ann a neartú a thuilleadh. Idir an dá linn, de dhroim an togra de chuid an Choimisiúin a eisíodh i mBealtaine 2016, cuireadh dlús leis an gcaibidlíocht faoin mbunús dlí athbhreithnithe le haghaidh Eurodac - bunachar sonraí méarlorg na n-iarrthóirí ar thearmann san Aontas. Tá togra le haghaidh bunús dlí nua á chur le chéile freisin le haghaidh an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) agus tíolacfar é sa dara ráithe de 2018.

Sa dara háit, mhol an Coimisiún **córais faisnéise bhreise chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sainaitheanta** in ailtireacht an Aontais i dtaca le bainistiú sonraí. Tugadh an chaibidlíocht faoin togra ón gCoimisiún in Aibreán 2016 chun córas dul isteach/imeachta (EES)[80] a bhunú i gcrích chomh luath le hIúil 2017 - chun nósanna imeachta um sheiceálacha ag teorainneacha a dhéanamh ar náisiúnaigh nach den

[80] COM(2016)194 an 6 Aibreán 2016

Aontas Eorpach iad agus atá ag taisteal chuig an Aontas, nuair a tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil ar dheimhnigh Parlaimint na hEorpa é i nDeireadh Fómhair 2017 agus ar ghlac an Chomhairle é go foirmiúil i Samhain 2017. I Samhain 2016, thíolaic an Coimisiún togra freisin chun Córas de chuid an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)[81] a bhunú. Is é is aidhm don togra seo na seiceálacha slándála ar thaistealaithe saor ó víosa a threisiú trí sheiceálacha slándála agus imirce neamhrialta a cheadú roimh ré. Tá sé faoi chaibidil ag na comhreachtóirí faoi láthair. I Meitheamh 2017, moladh an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (an córas ECRIS-TCN)[82] freisin chun aghaidh a thabhairt ar an bhearna a sainaithníodh maidir le malartú faisnéise idir Ballstáit ar náisiúnaigh arna gciontú nach de chuid an Aontais iad.

Sa tríú háit, d'oibrigh an Coimisiún chun **idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise a chur i bhfeidhm** agus é ag díriú ar na ceithre rogha a tíolacadh i dTeachtaireacht Aibreán 2016[83] maidir le hidir-inoibritheacht a bhaint amach. Is iad an tairseach cuardaigh Eorpach, an stóras coiteann sonraí céannachta agus an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha trí cinn de na ceithre rogha. Tuigeadh ina dhiaidh sin go raibh idirdhealú le déanamh idir an stóras coiteann sonraí céannachta mar an bunachar sonraí céannachtaí agus comhpháirt nua atá nasctha le sainaitheantóir comhionann ilchéannachtaí. Mar sin de, is iad seo na ceithre chomhpháirt anois: an tairseach cuardaigh Eorpach, an stóras coiteann sonraí céannachta, an brathadóir ilchéannachtaí agus an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.

Sineirge

Baintear an bhrí as sineirge anseo gurb é an sochar a bhaintear amach trí réitigh atá ann cheana a athúsáid agus infheistíochtaí nua a sheachaint i rith an ama.

Tá sineirge mhór idir na tionscnaimh sin agus forbairt EES agus ETIAS.

Chun go bhfeidhmeoidh EES, cruthaítear sainchomhad le haghaidh gach náisiúnach tríú tír atá ag dul isteach i limistéar Schengen ar feadh gearrfhanachta. Chuige sin, leathnófar an córas meaitseála sonraí bithmhéadracha reatha arna úsáid do VIS, ina bhfuil na teimpléid méarlorg i gcomhair taistealaithe a bhfuil ceanglas víosa orthu, chun go n-áireofar ann na sonraí bithmhéadracha ó thaistealaithe atá díolmhaithe ó víosa a bheith acu. Ar bonn coincheapúil, is ginearálú breise ar an meaitseálaí sonraí bithmhéadracha é an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha mar sin a thógfar mar chuid de EES. Aistreofar na teimpléid bhithmhéadracha atá i meaitseálaí sonraí bithmhéadracha SIS agus Eurodac ansin (is é sin an téarma teicniúil a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar bhogadh sonraí ó chóras amháin go córas eile) chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. De réir sonraí ó sholáthraithe, cosnaíonn an stóráil i mbunachair leithleacha ar an meán EUR 1 in aghaidh gach tacar de shonraí bithmhéadracha (is féidir go bhfuil 200 milliún tacar sonraí ann ar fad) agus, os a choinne sin, titeann an meánchostas go dtí EUR 0.35 in aghaidh gach tacar de shonraí bithmhéadracha nuair a chruthaítear réiteach atá bunaithe ar sheirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha. Déanfaidh na costais níos airde a bhaineann leis na crua-earraí is gá le haghaidh líon mór sonraí na sochair sin a fhritháireamh ach meastar sa deireadh go mbeidh an

[81] COM(2016)731 an 16 Samhain 2016
[82] COM(2017)344 an 29 Meitheamh 2017
[83] COM(2016)205 an 6 Aibreán 2016

costas a bheidh ar sheirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha 30 % níos ísle ná na costais a bhaineann leis na sonraí céanna a stóráil nuair a bheidh na sonraí céanna stóráilte i roinnt córas níos lú, a bhaineann le seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.

Chun go bhfeidhmeoidh ETIAS, is gá go mbeidh comhpháirt ar fáil sula ndéanfar cuardach ar thacar de chórais an Aontais. Bainfear úsáid as an tairseach cuardaigh Eorpach nó tógfar comhpháirt shonrach mar chuid den togra maidir leis an tairseach cuardaigh Eorpach. Is féidir comhpháirt amháin a thógáil seachas dhá chomhpháirt a bhuí leis an togra maidir leis an idir-inoibritheacht.

Tagann sineirge freisin as an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta céanna a úsáid agus atá á úsáid le haghaidh EES agus ETIAS. Is gá an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a nuashonrú ach leanfar de bheith á úsáid.

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse neamhtheoranta**

– Tréimhse forbartha ó 2019 go 2023 san áireamh, agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

– Dá bhrí sin, déantar a fhoráil go mbeidh fad an tionchair airgeadais ó 2019 go 2027.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[84]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– X ag a ranna, lena n-áirítear an fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine ar cuireadh ar a n-iontaoibh gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE agus a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| Bloic | Céim forbartha | Céim oibríochtaí | Mód bainistíochta | Gníomhaire |
|---|---|---|---|---|

[84] Is féidir mionsonraí na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

| Bloic | Céim forbartha | Céim oibríochtaí | Mód bainistíochta | Gníomhaire |
|---|---|---|---|---|
| Forbairt agus cothabháil (comhpháirteanna idir-inoibritheachta le haghaidh na lárchóras, oiliúint maidir le córais) | X | X | Indíreach | eu-LISA Europol Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) |
| Sonraí a aistriú (teimpléid bhithmhéadracha a aistriú chuig seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha), costais líonra, an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a nuashonrú, cruinnithe agus oiliúint, **rud a leathnaíonn acmhainneacht SIS**. | X | X | Indíreach | eu-LISA |
| Naisc a bhailíochtú nuair atá an brathadóir ilchéannachtaí á chruthú | X | - | Indíreach | 18.02.03 – An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta |
| An comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a oiriúnú, córais náisiúnta a lánpháirtiú agus oiliúint úsáideoirí deiridh | X | X | Comhroinnte (nó díreach) (1) | COM + Ballstáit |

(1) Ní áirítear aon mhéideanna don chéim oibríochtaí san ionstraim seo.

Beidh tús leis an tréimhse forbartha ó 2019 agus mairfidh an tréimhse go dtí go gcuirfear gach comhpháirt i bhfeidhm, ag feidhmiú ó 2019 go 2023 (féach Roinn 1.4.4).

1. Bainistíocht dhíreach ag AS HOME: Le linn na tréimhse forbartha, más gá, féadfaidh an Coimisiún freisin bearta a chur chun feidhme go díreach. D'fhéadfadh sé, go háirithe, go gcuirfí san áireamh sna bearta sin tacaíocht airgeadais i bhfoirm deontais ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí (lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh údaráis náisiúnta na mBallstát), conarthaí soláthair phoiblí agus/nó aisíoc costas a thabhódh saineolaithe seachtracha.

2. Bainistíocht chomhpháirteach: Le linn na céime forbartha, ceanglófar ar na Ballstáit a gcórais náisiúnta a chur in oiriúint chun rochtain a fháil ar an tairseach cuardaigh Eorpach seachas ar chórais aonair (baineann sé sin le teachtaireachtaí a théann amach as na Ballstáit) agus déanfar athrú ar na freagraí ar a n-iarratais cuardaigh (na teachtaireachtaí a thagann isteach sna Ballstáit). Nuashonrófar an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta atá ann cheana a cuireadh chun feidhme le haghaidh EES agus ETIAS.

3. Bainistíocht indíreach: Cuimseoidh eu-LISA gné forbartha gach snáithe TF den tionscadal, i.e. na comhpháirteanna idir-inoibritheachta, nuashonrú an chomhéadain náisiúnta aonfhoirmigh i ngach Ballstát, nuashonrú an bhonneagair chumarsáide idir na lárchórais agus na comhéadain náisiúnta aonfhoirmeacha a nuashonrú, aistriú na dteimpléad bhithmhéadrach ó na córais meaitseála sonraí bithmhéadracha de chuid SIS agus Eurodac atá ann cheana chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ~~agus~~ **agus** an glanadh sonraí a ghabhann leis sin agus **acmhainneacht SIS a nuashonrú mar gheall ar na Ballstáit cuardaigh a dhéanamh sa lárchóras**.

Le linn na tréimhse oibríochtaí, déanfaidh eu-LISA na gníomhaíochta teicniúla uile a bhaineann leis na comhpháirteanna a chothabháil.

Cuirfear foireann bhreise leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a mbeidh de chúram orthu na naisc a bhailíochtú a luaithe agus a chuirfear an brathadóir ilchéannachtaí i bhfeidhm. Is tasc é sin atá teoranta ó thaobh faid de.

Cumhdóidh Europol forbairt agus cothabháil a chuid córas chun an idir-inoibritheacht a áirithiú leis an tairseach cuardaigh Eorpach agus ETIAS.

Ullmhaíonn CEPOL an oiliúint agus cuireann sé í ar fáil do sheirbhísí oibríochtúla agus é ag leanúint an chur chuige "cuirtear oiliúint ar na hoiliúnóirí".

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Na rialacha faireacháin agus tuairiscithe maidir le córais eile a fhorbairt agus a chothabháil:

Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na gcomhpháirteanna i bhfianaise na gcuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.

2. Faoi cheann sé mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus gach sé mhí dá éis le linn chéim forbartha na gcomhpháirteanna, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt gach comhpháirte. A luaithe a bheidh an fhorbairt tugtha chun críche, cuirfear tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina míneofar go mionsonrach an chaoi ar baineadh amach na cuspóirí, go sonrach i dtaca le pleanáil agus le costais, agus ina dtabharfar údar maith le haon chás inar imíodh óna raibh beartaithe.

3. Chun críocha na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh sna comhpháirteanna.

4. Ceithre bliana tar éis do gach comhpháirt idir-inoibritheachta teacht i bhfeidhm agus gach ceithre bliana dá éis, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin.

5. Cúig bliana tar éis don chomhpháirt dheireanach teacht i bhfeidhm, agus gach ceithre bliana dá éis, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán agus déanfaidh sé aon mholtaí is gá. Áireofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin: na torthaí a baineadh amach ag na comhpháirteanna ag féachaint do chuspóirí na gcomhpháirteanna a bhaineann leis an idir-inoibritheacht, cumas cothabhála, feidhmíocht agus impleachtaí airgeadais, agus an tionchar ar chearta bunúsacha.

Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

6. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún cibé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhréachtú de réir na dtáscairí cainníochtúla a réamhshaineoidh an Coimisiún agus/nó eu-LISA. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh ann a nochtfaidh foinsí, céannachtaí ball foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

7. Soláthróidh eu-LISA don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí foriomlána dá dtagraítear i mír 5 a dhéanamh.

8. Agus urraim á tabhairt d’fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, ullmhóidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le héifeachtacht na rochtana ar chórais an Aontais ina mbeidh faisnéis agus staidreamh, chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, faoi na nithe seo a leanas:

- cad é go baileach is cuspóir don cheadú lena n-áirítear cineál an chiona sceimhlitheoireachta nó cineál an chiona thromchúisigh choiriúil;

- an foras réasúnach a tugadh maidir leis an amhras a bhfuil údar leis go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach i gcatagóir a chumhdaítear faoin Rialachán seo;

- an líon iarrataí ar rochtain ar na comhpháirteanna chun críocha fhorfheidhmiú an dlí;

- an líon agus na cineálacha cásanna inar éirigh leis na húdaráis sainaithint a dhéanamh;

- eolas faoin ngá atá leis an gcás práinne eisceachtúil agus faoin úsáid a bhaintear as, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an gcás práinne sin iontu san fhíorú ex post a rinne an lárphointe rochtana.

Tarchuirfear tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus tuarascálacha bliantúla Europol chuig an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh den bhliain dá éis sin.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.*

Is iad na rioscaí atá i gceist na rioscaí sin a bhaineann le conraitheoir seachtrach arna bhainistiú ag eu-LISA forbairt TF a dhéanamh ar na cúig chomhpháirt. Is iad seo a leanas na gnáthrioscaí a bhaineann le tionscadail:

1. An riosca nach dtabharfar an tionscadal chun críche in am;

2. An riosca nach dtabharfar an tionscadal chun críche de réir an bhuiséid;

3. An riosca nach gcuirfear raon iomlán an tionscadail i bhfeidhm.

Is é an chéad riosca an riosca is tábhachtaí toisc go mbeadh costais níos airde ann de dheasca an sceideal ama a shárú mar go mbíonn gaol ann idir formhór na gcostas agus an fad a mhaireann an tionscadal: costais foirne, costais cheadúnas a íoctar in aghaidh na bliana, etc.

Is féidir na rioscaí a mhaolú trí theicnící bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha a dhéanamh i gcás tionscadail forbartha agus ó thaobh líon foirne leordhóthanach de chun gur féidir an t-ualach oibre a sheasamh an tráth is troime. Ar ndóigh, is iondúil a dhéantar meastachán ar an iarracht trí ghlacadh leis go mbeidh an t-ualach oibre cothrom i rith an ama ach, os a choinne sin, is é an fhírinne i gcás tionscadal é go mbíonn ualach oibre éagothrom á mhaolú le leithdháiltí níos airde acmhainní.

Tá roinnt rioscaí a bhaineann le conraitheoir seachtrach a cheapadh don chineál oibre forbartha seo:

1. go háirithe, an riosca nach leithdháilfidh an conraitheoir go leor acmhainní don tionscadal nó go ndearfaidh nó go bhforbróidh sé córas nach bhfuil úrscothach;

2. an riosca nach gcloífear go hiomlán le teicnící agus modhanna riaracháin chun tionscadail TF mhórscála a láimhseáil toisc go mbeidh an conraitheoir ag iarraidh a gcuid costas a laghdú;

3. faoi dheireadh, ní féidir a chur as an áireamh go hiomlán an riosca go mbeidh deacrachtaí airgeadais ag an gconraitheoir, ar chúiseanna nach mbaineann leis an tionscadal.

Déanfar na rioscaí sin a mhaolú trí chonarthaí a bhronnadh ar bhonn critéir cháilíochta láidre, trí theistiméireachtaí do chonraitheoirí á seiceáil agus trí chaidreamh láidir a chothabháil leo. Sa deireadh, mar rogha dheireanach, is féidir clásail phionóis agus foircinn thromchúiseacha a chur isteach ann agus a chur i bhfeidhm nuair is gá.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm*

Tá eu-LISA beartaithe ina ionad barr feabhais chun córais TF ar mhórscála a fhorbairt agus a bhainistiú. Cuirfidh sí i gcrích na gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt agus oibríochtaí na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta éagsúla, lena n-áirítear an comhéadan náisiúnta aonfhoirmeach sna Ballstáit a chothabháil.

Le linn na céime forbartha, is é eu-LISA a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí forbartha a fheidhmiú. Cuimseoidh sé sin gné forbartha gach snáithe den tionscadal. Trí bhainistíocht chomhpháirteach a dhéanamh nó deontais a bhronnadh, déanfaidh an Coimisiún bainistíocht ar na costais a bhaineann leis na córais a chomhtháthú sna Ballstáit.

Le linn na céime oibríochtúla, is é eu-LISA a bheidh freagrach as bainistiú teicniúil agus airgeadais na gcomhpháirteanna a úsáidtear go lárnach, go háirithe as bronnadh agus bainistiú conarthaí. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh cistí a bhainistiú i gcomhar an chaiteachais a íocfar leis na haonaid náisiúnta sna Ballstáit tríd an gCiste um Shlándáil Inmheánach/Teorainneacha (cláir náisiúnta).

Chun moill a sheachaint ar an leibhéal náisiúnta, tá sé beartaithe rialachas éifeachtúil a chur ar bun idir na páirtithe leasmhara ar fad sula gcuirfear tús leis an bhforbairt. Glacann an Coimisiún leis go saineofar ailtireacht idir-inoibritheach i dtús an tionscadail lena chur i bhfeidhm sna tionscadail EES agus ETIAS, mar go gcuireann na tionscadail sin an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha , an stóras coiteann sonraí céannachta agus an tairseach cuardaigh Eorpach ar fáil agus go mbaineann siad úsáid aisti. Ba cheart do bhall d'fhoireann bainistithe an tionscadail idir-inoibritheachta a bheith mar chuid de struchtúr rialachais tionscadail EES agus ETIAS.

2.2.3. *Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.*

Ní thugtar aon mheastachán mar gur cúram bunúsach den struchtúr rialachais tionscadail é rioscaí a rialú agus a mhaolú.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

Leagtar na bearta atá beartaithe chun calaois a chomhrac in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ina ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

1. Chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

2. Aontóidh na Gníomhaireachtaí don Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus eiseoidh sí, gan mhoill, na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile na nGníomhaireachtaí.

3. Leagfar síos go sainráite sna cinntí maidir le maoiniú agus sna comhaontuithe cur chun feidhme agus sna hionstraimí cur chun feidhme atá mar thoradh orthu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a chur i gcrích, más gá, i measc fhaighteoirí mhaoiniú na Gníomhaireachta agus i measc na ngníomhairí atá freagrach as an maoiniú sin a leithdháileadh.

I gcomhréir leis an bhforáil sin, an 28 Meitheamh 2012, glacadh cinneadh Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, maidir le téarmaí agus coinníollacha d'imscrúduithe inmheánacha i dtaca le calaois, éilliú, agus gníomhaíocht neamhdhleathach atá díobhálach do leasanna an Aontais .

Beidh feidhm ag straitéis AS HOME maidir le calaois a chosc agus a bhrath.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

~~IS CHUN CRÍOCH LÉIRITHE A ÁIRÍTEAR AN TIONCHAR A MHEASTAR A BHEIDH AR CHAITEACHAS AGUS AR AN LÍON FOIRNE DON BHLIAIN 2021 AGUS DÁ ÉIS SIN SA RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTAÍOCHTA SEO, AGUS NÍ DHÉANTAR AON RÉAMHBHREITHIÚNAS AR AN gCÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE~~

**Gabhann an ráiteas airgeadais reachtach seo den togra reachtach leasaithe seo ionad an ráitis airgeadais reachtaigh roimhe seo. Tá an ráiteas airgeadais reachtach céanna sna tograí reachtacha COM(2017) 793 (teorainneacha agus víosaí) agus COM(2017) 794 (comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach, tearmainn agus imirce). Ós rud nach féidir na suimeanna buiséadaithe a scaradh don dá thogra, tá na suimeanna bailí don dá thogra le chéile. Dá bhrí sin, níl na suimeanna uile le háireamh ach uair amháin. Is ionann sin do na tograí leasaithe.**

**Tá an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas agus ar an líon foirne don bhliain 2021 agus ina dhiaidh sin sa ráiteas airgeadais reachtach seo**~~cumhdaítear~~ **i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile an 2 Bealtaine 2018.**

~~Tá an ráiteas airgeadais reachtach céanna sna tograí reachtacha COM(2017) 793 (teorainneacha agus víosaí) agus COM(2017) 794 (comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach, tearmainn agus imirce). Ós rud nach féidir na suimeanna buiséadaithe a scaradh don dá thogra, tá na suimeanna bailí don dá thogra le chéile. Dá bhrí sin, níl na suimeanna uile le háireamh ach uair amháin. Is ionann sin do na tograí leasaithe.~~

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

**Cuirfear ceannteideal 4 sa chreat airgeadais ilbhliantúil (ó 2021 ar aghaidh) in ionad cheannteideal 3 faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha.**

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal…..…] | LD/LN[85]. | ó thíortha de chuid CSTE[86] | ó thíortha is iarrthóirí[87] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 18.02.01.03 – Teorainneacha cliste | Difreáilte | Líon | Líon | Ní féidir | Líon |
| 3 | 18.02.03 - An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta | Difreáilte | Líon | Líon | Ní féidir | Líon |

[85] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte
[86] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[87] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | (Frontex) | | | | | |
| 3 | 18.02.04 – EUROPOL | Difreáilte | Líon | Líon | Líon | Líon |
| 3 | 18.02.05 - CEPOL | Neamhdhi freáilte | Líon | Líon | Líon | Líon |
| 3 | 18.02.07 - Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (EU-LISA). | Difreáilte | Líon | Líon | Ní féidir | Líon |

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

~~[Ba cheart an scarbhileog ar shonraí buiséid de chineál riaracháin a úsáid leis an gcuid seo a líonadh isteach (an dara doiciméad san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas airgeadais seo) agus í a uaslódáil chuig DECIDE chun críocha comhairliúchán idirsheirbhíse.]~~

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 3 | Slándáil agus Saoránacht |
|---|---|---|

**Cuirfear ceannteideal 4 sa chreat airgeadais ilbhliantúil (ó 2021 ar aghaidh) in ionad cheannteideal 3 faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha.**

| AS HOME | | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **Bliain 2028** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | | | | |
| 18.02.01.03 – Teorainneacha cliste | Gealltanais | (1) | 0 | 0 | 43,150 | 48,150 | 45,000 | 0 | **0** | **0** | **0** | **0** | **136,300** |
| | Íocaíochtaí | (2. | 0 | 0 | 34,520 | 47,150 | 45,630 | 9,000 | **0** | **0** | **0** | **0** | 136,300 |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach[88] | | | | | | | | | | | | | |
| Uimhir na líne buiséid | | (3) | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe do AS Home** | Gealltanais | =1+1a +3) | 0 | 0 | 43,150 | 48,150 | 45,000 | 0 | **0** | **0** | **0** | **0** | **136,300** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 0 | 0 | 34,520 | 47,150 | 45,630 | 9,000 | **0** | **0** | **0** | **0** | 136,300 |

Cumhdófar faoin gcaiteachas na costais a bhaineann le:

[88] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

– An costas a bhaineann leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta (a maoinítear a fhorbairt faoin togra maidir le EES) a oiriúnú, méid arna bhuiséadú le haghaidh na n-athruithe ar na córais sna Ballstáit chun modhnúcháin na lárchóras a chur san áireamh, agus méid arna bhuiséadú le haghaidh oiliúint úsáideoirí deiridh.

| **18.0203 – An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta** | | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: Caiteachas foirne | Gealltanais | (1) | 0 | 0 | 0 | ~~0,488~~ **0,350** | ~~2,154~~ **1,400** | ~~0,337~~ **0,233** | 0 | 0 | 0 | ~~2,979~~ **1,983** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0 | 0 | 0 | ~~0,488~~ **0,350** | ~~2,154~~ **1,400** | ~~0,337~~ **0,233** | 0 | 0 | 0 | ~~2,979~~ **1,983** |
| Teideal 2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | 0 | 0 | 0 | ~~0,105~~ **0,075** | ~~0,390~~ **0,300** | ~~0,065~~ **0,050** | 0 | 0 | 0 | ~~0,560~~ **0,425** |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | 0 | 0 | 0 | ~~0,105~~ **0,075** | ~~0,390~~ **0,300** | ~~0,065~~ **0,050** | 0 | 0 | 0 | ~~0,560~~ **0,425** |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (3 a) | 0 | 0 | 0 | 0,183 | 2,200 | | 0 | 0 | 0 | 2,383 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 0 | 0 | 0 | 0,183 | 2,200 | | 0 | 0 | 0 | 2,383 |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ~~Europol~~ na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | =1+1a +3a | **0** | **0** | **0** | ~~0,776~~ **0,608** | ~~4,744~~ **3,900** | ~~0,402~~ **0,283** | **0** | **0** | **0** | ~~5,923~~ **4,792** |

– Cumhdófar leis an mbuiséad don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta caiteachais foirne atá tiomnaithe do bhailíochtú na nasc arna nginiúint leis an mbrathadóir ilchéannachtaí ar na seansonraí (isteach is amach le 14 mhilliún taifead). Meastar gurb é 550,000 líon na nasc a bheidh le bailíochtú de láimh.
Cuirfear an fhoireann thiomnaithe a cuireadh ar bun chun na críche sin isteach le foireann na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann

agus Cósta a cuireadh ar bun le haghaidh ETIAS mar go bhfuil siad cosúil le chéile ó thaobh feidhme de agus chun na costais a bhainfeadh le chun foireann nua a chur ar bun a sheachaint. Táthar ag súil leis go dtabharfar faoin obair i 2023. Mar sin de, earcófar na gníomhairí ar conradh suas go trí mhí roimh ré agus cuirfear deireadh lena gconradh suas go dhá mhí tar éis aistriú na sonraí teacht chun deiridh. Ní ghlactar leis go n-earcófar cuid eile de na daonacmhainní riachtanacha mar ghníomhairí ar conradh agus ceapfar mar chomhairleoirí iad. Is léir, dá bhrí sin, cad is bunús leis na costais faoi Theideal 3 le haghaidh 2023. Glacfar leis go gceapfar mí amháin roimh ré iad. Tabharfar tuilleadh mionsonraí faoi líon na foirne ina dhiaidh seo.

– Mar sin de, áireofar costas 20 ball foirne inmheánacha ar Theideal 1, agus na forálacha maidir le foireann bhainistíochta agus tacaíochta a neartú.

– Áireofar an costas breise ar Theideal 2 chun na 10 mball foirne bhreise ar conradh a fhostú.

– Áireofar an táille ar Theideal 3 le haghaidh na 10 mball foirne bhreise ar conradh. Ní áireofar aon chineálacha eile costais eile ann.

| **18.0204 - Europol** | | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: Caiteachas foirne | Gealltanais | (1) | 0,690 | 2,002 | 2,002 | 1,181 | 1,181 | 0,974 | 0,974 | 0,974 | 0,974 | 10,952 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,690 | 2,002 | 2,002 | 1,181 | 1,181 | 0,974 | 0,974 | 0,974 | 0,974 | 10,952 |
| Teideal 2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (3 a) | 0 | 6,380 | 6,380 | 2,408 | 2,408 | ~~7,758~~ **2,408** | 7,758 | 7,758 | 2,408 | 37,908 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 0 | 6,380 | 6,380 | 2,408 | 2,408 | ~~7,758~~ **2,408** | 7,758 | 7,758 | 2,408 | 37,908 |
| **IOMLÁN leithreasuithe Le haghaidh Europol** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | =1+1a +3a | **0,690** | **8,382** | **8,382** | **3,589** | **3,589** | **3,382** | **8,732** | **8,732** | **3,382** | **48,860** |

Cumhdófar faoi chaiteachas Europol nuashonrú inniúlachtaí chórais TF Europol chun déileáil le líon na dteachtaireachtaí a bheidh le láimhseáil agus leis na leibhéil feidhmíochta mhéadaithe is gá (am freagartha).

Faoi chaiteachas foirne i dTeideal 1, cumhdófar na costais a bhaineann le foireann TFC bhreise a bheidh le hearcú chun córais faisnéise Europol a neartú ar na cúiseanna a thuairiscítear thuas. Tugtar tuilleadh mionsonraí thíos faoi dháileadh na bpost ar ghníomhairí sealadacha agus gníomhairí ar conradh, agus faoina gcuid saineolais.

I dTeideal 3, áireofar costais le haghaidh na gcrua-earraí agus na mbogearraí is gá chun córais faisnéise Europol a neartú. I láthair na huaire, tá córais TF Europol ag freastal ar phobal ainmnithe teoranta de Europol, Oifigigh Idirchaidrimh Europol agus imscrúdaitheoirí sna Ballstáit a bhaineann úsáid as na córais sin chun críocha anailís agus imscrúdú a dhéanamh. Tar éis QUEST (an comhéadan córais lenar féidir leis an tairseach cuardaigh Eorpach cuardach a dhéanamh ar shonraí Europol) a chur chun feidhme ar leibhéal bunúsach cosanta (faoi láthair tá córais faisnéise Europol creidiúnaithe suas go leibhéal srianta an Aontais agus leibhéal rúnda an Aontais), cuirfear córais faisnéise Europol ar fáil do phobal údaraithe forfheidhmithe dlí i bhfad níos mó. Mar aon leis na méaduithe sin, bainfidh ETIAS úsáid as an tairseach cuardaigh Eorpach chun cuardach a dhéanamh ar shonraí Europol go huathoibríoch agus chun údaruithe taistil a phróiseáil. Mar gheall air sin, méadófar ar an líon cuardach a dhéanfar ar shonraí Europol ó amach is isteach le 107 000 cuardach in aghaidh na míosa mar atá faoi láthair go dtí níos mó ná 100 000 cuardach in aghaidh an lae, agus is gá freisin córais faisnéise Europol a bheith ar fáil ar bhonn 24/7 agus amanna freagartha an-ghearr a bheith ann chun na ceanglais arna bhforchur le Rialachán ETIAS a chomhlíonadh. Beidh formhór na gcostas teoranta don tréimhse sin sula gcuirfear na comhpháirteanna idir-inoibritheachta i bhfeidhm, ach is gá cloí le roinnt gealltanais leanúnacha chun a áirithiú go mbeidh córais faisnéise Europol ar fáil ar bhonn forleathan leanúnach. Ina theannta sin, is gá oibreacha forbartha chun go mbeidh Europol in ann na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme mar úsáideoir.

| **18.0205 - CEPOL** | | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: Caiteachas foirne | Gealltanais | (1) | 0 | 0,104 | 0,208 | 0,208 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 1,210 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0 | 0,104 | 0,208 | 0,208 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 1,210 |
| Teideal 2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (3 a) | 0 | 0,040 | 0,176 | 0,274 | 0,070 | 0,070 | 0,070 | 0,070 | 0,070 | 0,840 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 0 | 0,040 | 0,176 | 0,274 | 0,070 | 0,070 | 0,070 | 0,070 | 0,070 | 0,840 |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair CEPOL** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | =1+1a +3a | 0 | 0,144 | 0.384, | 0,482 | 0,208 | 0,208 | 0,208 | 0,208 | 0,208 | 2,050 |

Mar gheall ar oiliúint ar leibhéal an Aontais a dhéantar a chomhordú go lárnach, cuirfear feabhas ar chur chun feidhme comhleanúnach na gcúrsaí oiliúna ar an leibhéal náisiúnta agus, dá bharr sin, áiritheofar go ndéanfar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme agus a úsáid ar bhealach ceart éifeachtach. Tá CEPOL in áit mhaith – ina cháil mar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí – chun oiliúint ar leibhéal an Aontais a sholáthar. Cumhdófar faoin gcaiteachas sin ullmhú na 'hoiliúna le haghaidh oiliúnóirí na mBallstát' atá de dhíth chun na lárchórais a úsáid a luaithe agus a dhéanfar idir-inoibrithe iad. Áireofar ar na costais sin na costais a bhaineann le méadú beag ar an bpearsanra chun gur féidir le CEPOL na cúrsaí a chomhordú, a bhainistiú, a eagrú agus a nuashonrú agus an costas a bhaineann le méid áirithe seisiún oiliúna in aghaidh na bliana a sholáthar agus an cúrsa ar líne a ullmhú. Tugtar míniú ar mhionsonraí na gcostas sin thíos. Díreofar an iarracht oiliúna ar na tréimhsí go díreach roimh an gcur i bhfeidhm. Is gá obair leanúnach go fóill tar éis an chur i bhfeidhm mar go ndéanfar na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chothabháil agus mar nach iad na hoiliúnóirí na hoiliúnóirí céanna i rith an ama, de réir na taithí atá faighte ó na cúrsaí oiliúna atá ar bun cheana a thabhairt maidir le córas faisnéise Schengen.

| **18.0207 - eu-LISA** | | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: Caiteachas foirne | Gealltanais | (1) | 2,876 | 4,850 | 6,202 | 6,902 | 6,624 | 5,482 | 5,136 | 5,136 | 5,136 | 48,344 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 2,876 | 4,850 | 6,202 | 6,902 | 6,624 | 5,482 | 5,136 | 5,136 | 5,136 | 48,344 |
| Teideal 2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | 0,136 | 0,227 | 0,292 | 0,343 | 0,328 | 0,277 | 0,262 | 0,262 | 0,262 | 2,389 |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | 0,136 | 0,227 | 0,292 | 0,343 | 0,328 | 0,277 | 0,262 | 0,262 | 0,262 | 2,389 |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (3 a) | 2,818 | 11,954 | 45,249 | ~~37,504~~ **57,880** | ~~22,701~~ **28,977** | ~~14,611~~ **17,011** | ~~13,211~~ **15,611** | ~~13,131~~ **15,531** | ~~13,131~~ **15,531** | ~~174,309~~ **210,561** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 2,818 | 11,954 | 45,249 | ~~37,504~~ **57,880** | ~~22,701~~ **28,977** | ~~14,611~~ **17,011** | ~~13,211~~ **15,611** | ~~13,131~~ **15,531** | ~~13,131~~ **15,531** | ~~174,309~~ **210,561** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair EU-LISA** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | =1+1a +3a | **5,830** | **17,031** | **51,743** | ~~44,749~~ **65,125** | ~~29,653~~ **35,929** | ~~20,370~~ **22,770** | ~~18,609~~ **21,009** | ~~18,529~~ **20,929** | ~~18,529~~ **20,929** | ~~225,041~~ **261,293** |

**Cumhdaítear an tsuim EUR 261 293 milliún leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha don tréimhse 2019 – 2020 agus~~do~~ tá sí i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil nua don tréimhse 2021 – 2027 (féach ceannteideal 4 Bainistiú Imirce agus Teorainneacha in COM(2018) 321 an 2 Bealtaine 2018).**

Cumhdófar faoin gcaiteachas sin na nithe seo:

– Forbairt agus cothabháil na gceithre chomhpháirt idir-inoibritheachta (an tairseach cuardaigh Eorpach, an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, an stóras coiteann sonraí céannachta, an brathadóir ilchéannachtaí) a áirítear sa togra dlí mar aon leis an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh, agus meastóireacht a dhéanamh orthu i gcomhthéacs na bpríomhchuspóirí beartais. Feidhmeoidh eu-LISA mar an t-ionadaí thar ceann úinéir an tionscadail agus bainfidh sé úsáid as a fhoireann féin chun sonraíochtaí a dhréachtú, conraitheoirí a roghnú, a chuid oibre a stiúradh, torthaí tacar tástálacha a thíolacadh agus glacadh leis an obair.

– Na costais a bhaineann leis na sonraí a aistriú as na seanchórais go dtí na comhpháirteanna nua. Níl ról díreach ag eu-LISA, áfach, sa lódáil tosaigh sonraí le haghaidh an bhrathadóra ilchéannachtaí (bailíochtú nasc) mar gur beart é sin a bhaineann le hinneachar na sonraí féin. Is le formáid agus lipéadú na sonraí, agus leo sin amháin, a bhaineann aistriú sonraí bithmhéadracha as seanchórais agus ní bhaineann sé le hinneachar na sonraí.

– Na costais maidir le ECRIS-TCN a nuashonrú agus a oibriú chun go mbeidh sé ag feidhmiú mar chóras ard-infhaighteachta ó 2022. Is é ECRIS-TCN an lárchóras ina bhfuil taifid choiriúla náisiúnach tríú tír. Tá sé beartaithe go mbeidh an córas ar fáil faoi 2020. Táthar ag súil leis go bhfaighidh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta rochtain ar an gcóras sin agus, dá bhrí sin, ba cheart gur chóras ard-infhaighteachta a bheadh sa chóras sin freisin. Áireofar ar an gcaiteachas oibríochtúil an costas breise a bhaineann lena áirithiú gur córas ard-infhaighteachta a bheidh sa chóras sin. Beidh costas suntasach forbartha ann in 2021 as a dtiocfaidh costas leanúnach chun an córas a chothabháil agus a oibriú. Ní chuirfear na costais sin san áireamh sa Bhileog Airgeadais Reachtach a ghabhann le hathbhreithniú an rialacháin lenar bunaíodh eu-LISA[89] nach n-áirítear ann ach na buiséid ó 2018 go dtí 2020 agus, dá bhrí sin, nach ndéanann forluí ar an iarratas seo ar bhuiséad.

– Tá patrún an chaiteachais bunaithe ar sheiceamhú an tionscadail. Ó tharla nach bhfuil na comhpháirteanna éagsúla neamhspleách ar a chéile, mairfidh an tréimhse forbartha ó 2019 go 2023. Ó 2020 ar aghaidh, áfach, cuirfear tús cheana féin leis na chéad chomhpháirteanna a bheidh ar fáil a chothabháil agus a oibriú. Dá bhrí sin, is léir cad chuige nach gcaitear ach beagán ar dtús, cad chuige a dtagann méadú air dá éis sin agus cad chuige a dtagann laghdú ar an gcaiteachas ansin go luach seasmhach.

– Maidir leis an gcaiteachas faoi theideal 1 (caiteachas foirne), leanfar seiceamhú an tionscadail: tá gá le níos mó foirne chun an tionscadal a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an gconraitheoir (a luaitear a chostais faoi theideal 3). Nuair a chuirfear an tionscadal i bhfeidhm, sannfar obair

[89] COM 2017/0145 (COD) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh Uimh. 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011.

forbartha agus obair chothabhála do chuid den fhoireann soláthar tionscadail. San am céanna, tiocfaidh méadú ar an líon foirne a bheidh ag oibriú na gcóras nua-sholáthartha.

– Maidir leis an gcaiteachas faoi theideal 2 (caiteachas ar bhonneagair agus oibríochtaí), cumhdófar an spás oifige breise chun foirne an chonraitheora atá i mbun na gcúraimí forbartha, cothabhála agus oibríochtaí a óstáil go sealadach. Dá bharr sin, athrófar patrún an chaiteachais i rith an ama freisin de réir mar a thiocfaidh athrú ar an líon foirne. Tá na costais a bhaineann le trealamh breise a óstáil curtha san áireamh cheana féin i mbuiséad eu-LISA. Níl aon chostais bhreise ann ach an oiread chun foireann eu-LISA a óstáil mar nach gcuirtear é sin san áireamh i gcostas caighdeánach na foirne.

– Maidir leis an gcaiteachas faoi theideal 3 (caiteachas oibríochtúil), áireofar an costas a bhaineann leis an gconraitheoir an córas a fhorbairt agus a chothabháil agus crua-earraí agus bogearraí sonracha a fháil.
Is iad na costais tosaigh atá i gceist leis an gconraitheoir na costais atá ar staidéar a dhéanamh ar na comhpháirteanna agus ar an bhforbairt a shonrú i gcás comhpháirt amháin (an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh). Sa tréimhse 2020-2022, tiocfaidh méadú ar chostais de réir mar a bheidh níos mó comhpháirteanna á bhforbairt. Ní thiocfaidh laghdú ar na costais tar éis an bhuaicphointe mar go bhfuil na cúraimí aistrithe sonraí go measartha dian sa phunann tionscadail seo. Tiocfaidh laghdú ar chostais an chonraitheora de réir mar a sholáthrófar na comhpháirteanna agus de réir mar a chuirfear i bhfeidhm iad, agus teastaíonn patrún acmhainní cobhsaí chuige sin.
I gcomhthráth leis an gcaiteachas faoi theideal 3, tiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas in 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe mar gheall ar an infheistíocht tosaigh a dhéanfar sna crua-earraí agus sna bogearraí is gá le linn na forbartha. Beidh méadú ar an gcaiteachas faoi theideal 3 (caiteachas oibríochtúil) in 2021 agus 2022 toisc go dtabhófar costais infheistíochta na gcrua-earraí agus na mbogearraí do na timpeallachtaí TF oibríochtúla (táirgeadh agus réamhtháirgeadh le haghaidh an láraonaid agus an láraonaid chúltaca) sa bhliain roimh an gcur i bhfeidhm agus le haghaidh na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta araon (an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí) agus teastaíonn cuid mhór bogearraí agus crua-earraí dá bhrí sin. A luaithe a chuirfear i bhfeidhm iad, is costais chothabhála go bunúsach iad na costais a bhaineann leis na crua-earraí agus na bogearraí.

– Tugtar tuilleadh mionsonraí thíos.

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

**<u>Cuirfear ceannteideal 7 sa chreat airgeadais ilbhliantúil nua (ó 2021 ar aghaidh) in ionad cheannteideal 5 faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha.</u>**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS HOME | | | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna<br>Uimhir na líne buiséid 18.01 | | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,276 | 0,276 | 0,276 | 4,968 |
| Costais eile riaracháin (cruinnithe, etc.) | | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,263 | 0,263 | 0,263 | 2,727 |
| **IOMLÁN AS HOME** | Leithreasuithe | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 0,539 | 0,539 | 0,539 | 7,695 |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL ~~7~~5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **0,539** | **0,539** | **0,539** | **7,695** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain 2028 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go ~~7~~5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 7,533 | 26,569 | 104,672 | ~~98,591~~ **118,967** | ~~83,363~~ **89,639** | ~~25,256~~ **27,656** | ~~28,088~~ **30,488** | ~~28,088~~ **30,408** | ~~22,658~~ **25,058** | 0 | ~~424,738~~ **460,990** |
| | Íocaíochtaí | 7,533 | 26,569 | 96,042 | ~~97,591~~ **117,967** | ~~83,993~~ **90,269** | ~~34,256~~ **36,656** | ~~28,088~~ **30,488** | ~~28,088~~ **30,408** | ~~22,658~~ **25,058** | 0 | ~~424,738~~ **460,990** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.2.1. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** **18.02.03 – An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta Gníomhaireacht** ⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[90] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[91] Naisc a bhailíochtú | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Líon foirne a earcófar mar shaineolaithe chun naisc a bhailíochtú | Costais chonraitheora | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0.8 | 0,183 | 10 | 2,200 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | 2,383 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0.8** | **0,183** | **10** | **2,200** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | | **2,383** |

[90] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[91] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

Cumhdófar faoin gcaiteachas sin na nithe seo:

– Líon leordhóthanach foirne breise a earcú (isteach is amach le 10 saineolaí) le cur leis an bhfoireann inmheánach atá ann cheana (isteach is amach le 20 duine a bheith uirthi) a dhéanfar a óstáil sa Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta chun naisc a bhailíochtú. Níl ach mí amháin ann chun foireann a earcú roimh an dáta tosaigh atá beartaithe chun an líon foirne is gá a bhaint amach.

– Níl meastachán tugtha ar aon chostais chonraitheora eile. Is mar chuid de na costais cheadúnais le haghaidh na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha atá costas na mbogearraí a theastaíonn. Níl aon chumas próiseálaí sonrach ann do chrua-earraí ann. Glactar leis go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta foireann an chonraitheora a óstáil. Dá bhrí sin, cuirtear isteach, faoi chostais Theideal 2, costas bliantúil 12 mhéadar chearnacha ar an meán in aghaidh an duine.

3.2.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe Europol

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** **Europol** ⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[92] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[93] Forbairt agus cothabháil chóras (Europol) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Timpeallacht TF | Bonneagar | | | | | 1,840 | | 1,840 | | 0,736 | | 0,736 | | 0,736 | | 0,736 | | 0,736 | | 0,736 | | 8,096 |
| Timpeallacht TF | Crua-earraí | | | | | 3,510 | | 3,510 | | 1,404 | | 1,404 | | 1,404 | | 5,754 | | 5,754 | | 1,404 | | 26,144 |
| Timpeallacht TF | Bogearraí | | | | | 0,670 | | 0,670 | | 0,268 | | 0,268 | | 0,268 | | 0,268 | | 0,268 | | 0,268 | | 2,948 |

92 Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn arna maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

93 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oibreacha forbartha | Conraitheoir | | | | 0,360 | | 0,360 | | | | | | | | | | | | | | 0,720 |
| Fo-iomlán | | | **0** | | **6,380** | | **6,380** | | **2,408** | | **2,408** | | **2,408** | | **7,758** | | **7,758** | | **2,408** | | **37,908** |

Cumhdófar faoin gcaiteachas sin an gá a bheidh le córais faisnéise agus bonneagar Europol a neartú chun riar don mhéadú ar na cuardaigh. I measc na gcostas sin beidh:

– an bonneagar slándála agus líonra a nuashonrú, crua-earraí (freastalaithe, stóráil) agus bogearraí (ceadúnais). Ní mór na nuashonruithe sin a thabhairt chun críche sula gcuirfear an tairseach cuardaigh Eorpach agus ETIAS i bhfeidhm in 2021; rinneadh na costais a dháileadh go cothrom idir 2020 agus 2021. Ó 2022, beidh an ráta cothabhála bliantúil 20 % ina bhonn chun na costais chothabhála a ríomh. Lena chois sin, cuireadh san áireamh an timthriall caighdeánach cúig bliana chun bogearraí agus bonneagar atá as dáta a athsholáthar.

– Costais chonraitheora le haghaidh oibreacha forbartha chun QUEST a chur chun feidhme ar leibhéal bunúsach cosanta.

3.2.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe CEPOL

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir**<br>**Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)**<br>⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[94] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[95] Cúrsaí oiliúna a fhorbairt agus a sholáthar | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Líon na gcúrsaí cónaithe | 0,34 in aghaidh an chúrsa | | 0 | | 1 | 0,040 | 4 | 0,136 | 8 | 0,272 | 2 | 0,068 | 2 | 0,068 | 2 | 0,068 | 2 | 0,068 | 2 | 0,068 | | 0,788 |
| Oiliúint ar líne | 0,02 | | | 0 | | | | 0,040 | | 0,002 | | 0,002 | | 0,002 | | 0,002 | | 0,002 | | 0,002 | | 0,052 |
| Fo-iomlán | | | | **0** | | **0,040** | | **0,176** | | **0,274** | | **0,070** | | **0,070** | | **0,070** | | **0,070** | | **0,070** | | **0,840** |

[94] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn arna maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[95] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

Eagróidh na Ballstáit agus CEPOL araon an oiliúint go lárnach ar leibhéal an Aontais chun cur chun feidhme agus úsáid aonfhoirmeach na réiteach idir-inoibritheachta a áirithiú. Cumhdófar sa chaiteachas ar oiliúint ar leibhéal an Aontais:

- curaclam coiteann a fhorbairt a bheidh á úsáid ag na Ballstáit nuair a chuirfear an oiliúint náisiúnta chun feidhme;
- gníomhaíochtaí ar chúrsaí cónaithe chun oiliúint a chur ar na hoiliúnóirí. Sa dá bhliain, tar éis do na réitigh idir-inoibritheachta teacht i bhfeidhm, táthar ag súil leis go gcuirfear an oiliúint chun feidhme ar scála níos mó agus go ndéanfar an oiliúint a chothabháil ina dhiaidh sin trí dhá chúrsa cónaithe oiliúna a chur ar fáil in aghaidh na bliana.
- cúrsa ar líne chun na gníomhaíochtaí ar chúrsa cónaithe ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit a chomhlánú.

3.2.2.4. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair eu-LISA

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir<br>eu-LISA<br>⇩ | | | Bliain 2019 | | Bliain 2020 | | Bliain 2021 | | Bliain 2022 | | Bliain 2023 | | Bliain 2024 | | Bliain 2025 | | Bliain 2026 | | Bliain 2027 | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[96] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[97]<br>Na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a fhorbairt | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Córais a bhunófar | Conraitheoir | | | 1,800 | | 4,930 | | 8,324 | | 4,340 | | 1,073 | | 1,000 | | 0,100 | | 0,020 | | 0,020 | | 21,607 |
| Táirgí bogearraí | Bogearraí | | | 0,320 | | 3,868 | | 15,029 | | 8,857 | | 3,068 | | 0,265 | | 0,265 | | 0,265 | | 0,265 | | 32,202 |
| Táirgí crua-earraí | Crua-earraí | | | 0,250 | | 2,324 | | 5,496 | | 2,904 | | 2,660 | | 0,500 | | 0 | | 0 | | 0 | | 14,133 |
| Oiliúint TF | Oiliúint agus nithe | | | 0,020 | | 0,030 | | 0,030 | | 0,030 | | 0,030 | | 0,050 | | 0,050 | | 0,050 | | 0,050 | | 0,340 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach | | | | **2,390** | | **11,151** | | **28,879** | | **16,131** | | **6,830** | | **1,815** | | **0,415** | | **0,335** | | **0,335** | | **68,281** |

[96] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn arna maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[97] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

- Ní áirítear sa chuspóir seo ach na costais a bhaineann leis na ceithre chomhpháirt idir-inoibritheachta agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a sholáthar.
- Rinneadh meastachán ar na costais le haghaidh na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus é á chur san áireamh go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh EES a fhorbrófar go luath mar an croíchóras le haghaidh na forbartha. Mar sin de, tá sé beartaithe na ceadúnais bogearraí sonraí bithmhéadracha (EUR 36 milliún) a chuirtear san áireamh le haghaidh EES a athúsáid.
- Sa bhuiséad seo, beifear ag plé leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ó thaobh an bhuiséid de mar a bheadh leathnú breise ar an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha le haghaidh EES ann. Dá bhrí sin, áirítear sa bhileog airgeadais seo an costas imeallach ar cheadúnais bhogearraí (EUR 6.8 milliún) chun isteach is amach leis na 20 milliún tacar sonraí bithmhéadracha atá i gcóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg SIS (is é sin an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha atá ag SIS, mar a déarfá), córas uathoibrithe um shainaithint méarlorg Eurodac agus ECRIS-TCN (an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Chóiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír) a bheidh ann amach anseo a chur leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha a sholáthrófar le haghaidh EES. Áirítear sa bhileog airgeadais seo na costais a bhaineann leis na córais éagsúla (SIS, Eurodac, ECRIS-TCN) a chomhtháthú leis an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.
- Mar chuid den obair a dhéanfar le linn 2019 agus 2020, iarrfar ar eu-LISA an réiteach teicniúil cruinn a oibriú amach nach féidir a shainiú tráth a thíolacfar an togra dlí agus meastachán a dhéanamh ar na hiarmhairtí costas a bheadh ag cur chun feidhme an réitigh theicniúil tosaíochta. D'fhéadfadh sé gur ghá athrú a dhéanamh ar an meastachán costas a thugtar anseo.
- Soláthrófar na comhpháirteanna go léir faoi dheireadh 2023 agus, i ngeall air sin, is ar éigean a bheidh costais chonraitheora i gceist an uair sin. Méid iarmharach a bheidh fágtha chun nuashonrú rialta a dhéanamh ar na Scéimeanna Comhroinnte Costais agus Freagrachta.
- Sa tréimhse 2019 go 2021, tiocfaidh méadú suntasach ar na costais ar bhogearraí de réir mar a thabhaítear costais ceadúnas bogearraí le haghaidh na dtimpeallachtaí éagsúla is gá chun dul i mbun táirgeadh, réamhtháirgeadh agus tástála agus sin a dhéanamh ar an suíomh lárnach agus ar an suíomh cúltaca araon. Ina theannta sin, leagtar síos praghas do roinnt comhpháirteanna bogearraí sonracha fíor-riachtanach de réir líon 'na n-oibiachtaí tagartha' (líon na sonaí, mar shampla). Tá praghas na mbogearraí comhréireach leis an luach sin mar go mbeidh isteach is amach le 220 milliún céannacht sa bhunachar sonraí sa deireadh.

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir<br>eu-LISA<br>⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[98] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2<br>Comhpháirteanna Idir-inoibritheachta a chothabháil agus a oibriú | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Córais a leanfar de bheith á n-oibriú | Conraitheoir | | | 0 | | 0 | | 0 | | 1,430 | | 2,919 | | 2,788 | | 2,788 | | 2,788 | | 2,788 | | 15,501 |
| Táirgí bogearraí | Bogearraí | | | 0 | | 0,265 | | 0,265 | | 1,541 | | 5,344 | | 5,904 | | 5,904 | | 5,904 | | 5,904 | | 31,032 |
| Táirgí crua-earraí | Crua-earraí | | | 0 | | 0,060 | | 0,060 | | 0,596 | | 1,741 | | 1,741 | | 1,741 | | 1,741 | | 1,741 | | 9,423 |
| Oiliúint TF | Oiliúint | | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0,030 | | 0,030 | | 0,030 | | 0,030 | | 0,030 | | 0,150 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | **0** | | **0,325** | | **0,325** | | **3,567** | | **10,034** | | **10,464** | | **10,464** | | **10,464** | | **10,464** | | **56,105** |

– Cuirfear tús leis an obair chothabhála a luaithe a sholáthrófar roinnt comhpháirteanna. Dá bhrí sin, cuirtear san áireamh an buiséad le haghaidh conraitheoir cothabhála ón nóiméad a sholáthrófar an tairseach cuardaigh Eorpach (in 2021). Tiocfaidh méadú ar an mbuiséad cothabhála de réir mar a sholáthrófar níos mó comhpháirteanna agus bainfear luach seasmhach a bheag nó a mhór amach arb ionann é agus céatadán (idir 15 % agus 20 %) den infheistíocht tosaigh.

[98] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

– Cuirfear tús le crua-earraí agus bogearraí a chothabháil ón mbliain a thiocfaidh oibríochtaí i bhfeidhm: is ionann an t-athrú a thiocfaidh ar na costais agus an t-athrú a thiocfaidh ar chostais chonraitheora.

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir<br>eu-LISA<br>⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Sagha s[99] | Meán chost as | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costa s | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3[100]<br>Aistriú sonraí | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Sean-sonraí na seirbhíse | Chuig an tseirbhís | | | 0 | | 0 | | 0 | | 7,000 | | 3,000 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 10,000 |
| Seansonraí Eurodac arna n-ullmhú le | Eurodac a athdhearadh agus a atógáil | | | 0 | | 0 | | 7,500 | | 7,500 | | | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 15,000 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3 | | | | **0** | | **0** | | **7,500** | | **14,500** | | **3,000** | | | | | | | | | | **25,000** |

– I gcás thionscadal na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, ní mór sonraí a aistriú ó na hinnill cuardaigh sonraí bithmhéadracha eile chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha mar go bhfuil an córas coiteann seo níos éifeachtaí ó thaobh oibríochtaí de agus tá buntáiste airgeadais leis i gcomparáid leis an gcás ina leanfaí de bheith ag cothabháil roinnt córas a bheadh níos lú le haghaidh seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha.

– Ní dhéantar idirdhealú soiléir idir loighic ghnó reatha Eurodac agus an sásra meaitseála sonraí bithmhéadracha mar a dhéantar i gcás na seirbhíse chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha atá ag feidhmiú le VIS. Is bosca dubh don phobal seachtrach é feidhmiú inmheánach Eurodac agus an sásra lena mbaineann na seirbhísí gnó úsáid as na seirbhísí meaitseála sonraí bithmhéadracha agus é bunaithe ar

99 Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).
100 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

an teicneolaíocht dhílsithe. Ní bheifear in ann na sonraí a aistriú chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus an tsraith ghnó atá ann cheana a choinneáil chomh maith. Dá bhrí sin, beidh costais shuntasacha i gceist le haistriú na sonraí chun feidhmchlár lárnach Eurodac a chur i bhfeidhm in ionad na sásraí malartaithe.

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir<br>eu-LISA<br>⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[101] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4[102]<br>Líonra | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Naisc líonra | Bunú líonra | | | 0 | | 0 | | 0 | | 0,505 | | | | | | | | | | 0 | | 0,505 |
| Trácht líonra arna láimhseáil | Oibríochtaí líonra | | | 0 | | 0 | | | | | | 0,246 | | 0,246 | | 0,246 | | 0,246 | | 0,246 | | 1,230 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 4 | | | | **0** | | **0** | | **0** | | **0,505** | | **0,246** | | **0,246** | | **0,246** | | **0,246** | | **0,246** | | **1,735** |

– Ní bhíonn ach éifeacht imeallach ag na comhpháirteanna idir-inoibritheachta ar thrácht an líonra. Ó thaobh sonraí de, ní chruthaítear naisc ach amháin idir sonraí atá ann cheana agus is mír íseal-tráchta é sin. Níl sa chostas a áirítear anseo ach an méadú imeallach ar an mbuiséad is gá mar aon leis na buiséid le haghaidh EES agus ETIAS chun an líonra a bhunú agus an trácht a láimhseáil.

[101] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).
[102] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir<br>**eu-LISA**<br>⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[103] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 5[104]<br>Nuashonrú an comhéadain aonfhoirmigh náisiúnta | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| An comhéadan aonfhoirmeach | Conraitheoir | | | 0 | | 0 | | 0 | | 0,505 | | 0,505 | | | | | | | | 0 | | 1,010 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 5 | | | | **0** | | **0** | | **0** | | **0,505** | | **0,505** | | | | | | | | | | **1,010** |

– Sa togra maidir le EES, tugadh isteach coincheap an chomhéadain aonfhoirmigh náisiúnta a bhí le forbairt agus le cothabháil ag eu-LISA. Sa tábla thuas, tá an buiséad ann a bhaineann leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a nuashonrú le haghaidh cineál éagsúil de mhalartú faisnéise. Ní bheidh aon chostas breise ar oibríochtaí an chomhéadain aonfhoirmigh náisiúnta a cumhdaíodh sa bhuiséad cheana f sa togra maidir le EES.

[103] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).
[104] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir**<br><br>**eu-LISA**<br><br>⇩ | Saghas[105] | Meánchostas | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 6: Cruinnithe agus oiliúint | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cruinnithe míosúla maidir le dul chun cinn (Forbairt) | 0,021 in aghaidh gach cruinnithe x 10 gcruinniú in aghaidh na bliana | | 10 | *0,210* | 10 | *0,210* | 10 | *0,210* | 10 | *0,210* | | | | | | | | | | | 40 | 0,840 |
| Cruinnithe ráithiúla (oibríochtaí) | 0,021 x 4 in aghaidh na bliana | | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 36 | 0,756 |
| Grúpaí Comhairleacha | 0,021 x 4 in aghaidh na mblianta | | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 4 | 0,084 | 36 | 0,756 |
| Oiliúint na mBallstát | 0,025 in aghaidh an tseisiúin | | 2 | 0,050 | 4 | 0,100 | 4 | 0,100 | 6 | 0,150 | 6 | 0,150 | 6 | 0,150 | 6 | 0,150 | 6 | 0,150 | 6 | 0,150 | 24 | 1,150 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 6 | | | 20 | **0,428** | 22 | **0,478** | 22 | **0,478** | 24 | **0,528** | 14 | **0,318** | 14 | **0,318** | 14 | **0,318** | 14 | **0,318** | 14 | **0,318** | | **3,502** |

[105] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

– Áirítear i bhfo-iomlán 6 na costais a bheidh ar an údarás bainistíochta (eu-LISA sa chás seo) cruinnithe a eagrú chun an tionscadal a rialáil. Is iad seo na costais sin na costais a bhaineann le cruinnithe breise a eagrú chun na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a sholáthar.

– Áirítear i bhfo-iomlán 6 na costais a bhaineann le cruinnithe a bheidh ag eu-LISA le foirne na mBallstát a bheidh ag déileáil leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú agus a bhaineann le cruinnithe chun oiliúint a eagrú agus a sholáthar do bhaill foirne TF na mBallstát.

– Le linn na céime forbartha, déantar foráil sa bhuiséad maidir le 10 gcruinniú tionscadail in aghaidh na bliana. A luaithe agus a bheidh oibríochtaí á n-ullmhú ( agus is amhlaidh sin ó 2019 ar aghaidh), eagrófar ceithre chruinniú in aghaidh na bliana. Ar leibhéal níos sinsearaí, cuirfear Grúpa Comhairleach ar bun ón tús chun cinntí cur chun feidhme an Choimisiúin a chur chun feidhme. Tá ceithre chruinniú in aghaidh na bliana beartaithe, mar atá do na Grúpaí Comhairleacha atá ann cheana. Ina theannta sin, ullmhaíonn agus soláthraíonn eu-LISA oiliúint do na baill foirne TF sna Ballstáit. Tabharfar oiliúint ar ghnéithe teicniúla na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta.

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir**<br>**eu-LISA**<br>⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[106] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 7[107]<br>ECRIS-TCN a bheith ag feidhmiú ina chóras ard-infhaighteachta | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Córas ard-infhaighteachta | Bunú an chórais | | | 0 | | 0 | | 8,067 | | | | | | | | | | | | 0 | | 8,067 |

[106] Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).
[107] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oibríochtaí ard-infhaighteachta | Córas arna chothabháil agus arna oibriú | | 0 | | 0 | | 0 | | 1,768 | | 1,768 | | 1,768 | | 1,768 | | 1,768 | | 1,768 | | 10,608 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 4 | | | **0** | | **0** | | **8,067** | | **1,768** | | **1,768** | | **1,768** | | **1,768** | | **1,768** | | **1,768** | | **18,675** |

– Is é cuspóir 7 go n-athrófar ECRIS-TCN ó chóras ina bhfuil infhaighteacht ‘chaighdeánach’ go córas ard-infhaighteachta. In 2021, cuirfear an nuashonrú sin i bhfeidhm ar ECRIS-TCN agus teastóidh crua-earraí breise a fháil go bunúsach. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe go dtabharfar chun críche in 2020 é, tá sé mealltach an córas sin a thógáil ón tús mar chóras ina mbeidh am suas ard a bheidh comhtháthaithe leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta. Mar sin féin, ó tharla go mbeidh a lán tionscadal spleách ar a chéile, ní mór a bheith cúramach agus gan talamh slán a dhéanamh de sin agus bearta leithleacha a bhuiséadú. Maidir leis an mbuiséad seo, is buiséad breise é i dteannta an chostais a bhaineann le ECRIS-TCN a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú in 2019 agus 2020.

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir eu-LISA ⇩ | | | Bliain 2019 | | Bliain 2020 | | Bliain 2021 | | Bliain 2022 | | Bliain 2023 | | Bliain 2024 | | Bliain 2025 | | Bliain 2026 | | Bliain 2027 | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[108] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 8[109] Acmhainneacht SIS a leathnú | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bunú an chórais | Conraitheoir | | | 0 | | 0 | | | | 1,276 | | 1,376 | | | | | | | | | | 2,652 |
| Táirgí bogearraí | Bogearraí | | | | | | | | | 0,500 | | 0,600 | | 0,200 | | 0,200 | | 0,200 | | 0,200 | | 1,900 |
| Táirgí crua-earraí | Crua-earraí | | | | | | | | | 1,800 | | 0,100 | | 0,100 | | 0,100 | | 0,100 | | 0,100 | | 2,300 |
| Acmhainneacht líonra atá ar fáil | Bunú agus oibríochtaí líonra | | | | | | | | | 16,800 | | 4,200 | | 2,100 | | 2,100 | | 2,100 | | 2,100 | | 29,400 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 8 | | | | 0 | | 0 | | 0 | | 20,376 | | 6,276 | | 2,400 | | 2,400 | | 2,400 | | 2,400 | | 36,252 |

108 Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).
109 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

**Is é atá i gceist le Cuspóir 8 acmhainneacht SIS Láir (Córas Faisnéise Schengen) a leathnú d'fhonn déileáil le 1.25 billiún cuardach breise a mheastar a dhéanfar sa lárchóras. Bhainfeadh na Ballstáit tairbhe mhór as cuardach a dhéanamh in SIS Láir seachas ina gcóip náisiúnta féin d'fhonn an fhaisnéis a bhailiú freisin faoi iliomad céannachtaí a bheith ann nó gan a bheith ann. Níor tugadh an plé i gcrích go fóill faoi mholtaí maidir leis an bhfaisnéis faoin iliomad céannachtaí sna cóipeanna náisiúnta a mhacasamhlú agus, dá bhrí sin, is gá glacadh leis go bhféadfaí gach cuardach ar chéannachtaí náisiúnach tríú tír a atreorú ó na cóipeanna náisiúnta chuig an lárchóras. Ar aon chaoi, ní bheidh sé éigeantach cuardach a dhéanamh in SIS Láir.**

**Go bunúsach, tá na costais ann de bharr go bhfuiltear ag dearadh leathnú acmhainneachta an lárchórais agus an líonra agus go bhfuiltear á chur ar fáil. De bharr leathnú na hacmhainneachta, beidh iarmhairtí ar thimpeallacht theicniúil iomlán SIS. Áirítear sa tábla soláthar na gcrua-earraí agus na mbogearraí breise in 2022 agus 2023. Ó 2024 ar aghaidh, ní áireofar ann ach costais chothabhála amháin, ar a ndéanfar meastachán mar chéatadán den infheistíocht tosaigh. Ní chuirtear san áireamh aon chostas chun SIS a athrú, rud a fhágann nach ndéanfar, dá bhrí sin, a raon feidhme airgeadais gan athrú faoin togra reachtach seo. Dá bhrí sin, ní chuirfear aon chostas conraitheora leis na costais ó 2024 ar aghaidh.**

**An líon breise cuardach a dhéantar (1.25 billiún in aghaidh na bliana), cuirtear san áireamh sa bhuiséad é go gcuirfear acmhainneacht bhreise leis an líonra in 2022 agus 2023. Ó 2024 ar aghaidh, bainfidh costas leanúnach leis an líonra. Níor cuireadh costais an líonra le cuspóir 4, a bhaineann le cur chun feidhme na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta. Baineann cuspóir 8 le hiarmhairtí na hidir-inoibritheachta ar na córais atá ann cheana. Rinneadh measúnú iomlán agus is é an chonclúid a baineadh as sin nach mbeidh tionchar breise suntasach ag an togra maidir le hidir-inoibritheacht ach amháin ar an gcaoi a ndéanfar cuardach in SIS. Dá bhrí sin, coinnítear acmhainneacht an líonra atá faoi thrácht anseo i leataobh faoi chuspóir 8.**

3.2.2.5. Tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe AS HOME

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir AS HOME ⇩ | | | Bliain 2019 | | Bliain 2020 | | Bliain 2021 | | Bliain 2022 | | Bliain 2023 | | Bliain 2024 | | Bliain 2025 | | Bliain 2026 | | Bliain 2027 | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Saghas[110] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1: Córais náisiúnta (na mBallstát) a chomhtháthú | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| An comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta réidh le húsáid | An comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a shaincheapadh - forbairtí | | | | | | 30 | 3,150 | 30 | 3,150 | | | | | | | | | | | 30 | 6,300 |
| Córais na mBallstát a oiriúnú le go mbeidh siad idir | Costais chomhtháite | | | | | | 30 | 40,000 | 30 | 40,000 | 30 | 40,000 | | | | | | | | | 30 | 120,000 |
| Úsáideoirí deiridh arna n-oiliúint | 10,000 seisiún d'úsáideoirí deiridh san iomlán @ | | | | | | | | 5000 | 5,000 | 5000 | 5,000 | | | | | | | | | 10.000 | 10,000 |

110 Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad na haschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | **43,150** | | **48,150** | | **45,000** | | | | | | | | | | **136,300** |

– I gCuspóir Sonrach 1, pléitear na cistí a chuirfear ar fáil do na Ballstáit chun an sochar a bhaint as na lárchórais idir-inoibritheachta. Meastar go mbeidh an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta saincheaptha nuair a chuirfear an tairseach cuardaigh Eorpach chun feidhme agus nuair a chuirfear an brathadóir ilchéannachtaí i bhfeidhm araon. Beidh athrú measartha beag le cur i gcrích ag gach Ballstát ansin (150 daonlá a bheadh de dhíth) chun oiriúnú do na malartaithe teachtaireachtaí nuashonraithe sin leis na lárchórais. Is suntasaí an t-athrú a dhéanfar ar inneachair na sonraí a thabharfar isteach de bharr na hidir-inoibritheachta agus a chomhdófar faoin "gcostas comhtháite". Baineann na cistí sin le hathruithe ar na cineálacha teachtaireachtaí a chuirfear chuig an lárchóras agus leis an bhfreagra a thiocfaidh ar ais a láimhseáil. Maidir le meastachán a dhéanamh ar na hathruithe sin, déantar buiséad EUR 4 mhilliún a leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit. Is ionann an méid sin agus an méid a leithdháiltear le haghaidh EES mar go mbeidh méid oibre inchomparáide de dhíth chun comhtháthú na gcóras náisiúnta a oiriúnú don chomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta.

– Is gá úsáideoirí deiridh a oiliúint maidir leis na córais. Maoineofar an oiliúint sin a chuirfear ar phobal an-mhór d'úsáideoirí deiridh ar an mbonn EUR 1 000 in aghaidh an tseisiúin ina mbeidh 10 go 20 úsáideoirí deiridh páirteach le haghaidh na 10 000 seisiún a mheastar a bheidh ann, rud a eagróidh na Ballstáit uile ina gcuid áitribh féin.

*3.2.3. Tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna*

3.2.3.1. Achoimre na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | 0 | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0 | 0 | 0 | 0,350 | 1,400 | 0,233 | 0 | 0 | 0 | 1,983 |
| Foireann shealadach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,0** | **0,0** | **0,0** | **0,350** | **1,400** | **0,233** | **0,0** | **0,0** | **0,0** | **1,983** |

Tá an obair, atáthar ag súil leis na baill foirne bhreise sin de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a dhéanamh, teoranta ó thaobh ama de (2023) agus cuirfear tús leis an obair sin, chun a bheith níos beaichte, 24 mhí tar éis an dáta a chuirfear an t-inneall cuardaigh sonraí bithmhéadracha le haghaidh EES ar fáil. Is gá baill foirne a earcú, áfach, roimh ré (trí mhí ar an meán roimh ré) ar léir uaidh sin an luach in 2022. Leanfar ar aghaidh le cúraimí bailchríochnaithe/foirceanta ar feadh dhá mhí tar éis an obair a bheith déanta, ar léir uaidh sin líon na mball foirne in 2024.

Tá líon na mball foirne féin bunaithe ar an 20 duine atá de dhíth ar an obair a bheidh le déanamh (móide 10 duine a chuirfidh an conraitheoir ar fáil agus a léirítear faoi Theideal 3). Táthar ag súil freisin leis go ndéanfar na cúraimí le linn sealanna oibre níos faide agus nach mbeidh siad teorannaithe do ghnáthuaireanta gnó. Táthar ag súil go gcuirfear tacaíocht agus foireann bhainistíochta ar fáil amach as acmhainní na Gníomhaireachta.

Meastar nach mór isteach is amach le 550 000 méarlorg a mheasúnú agus is air sin a bheidh 5 go 10 nóiméad de dhíth i ngach cás (17 000 méarlorg arna seiceáil in aghaidh na bliana) agus is air sin a bheidh líon na foirne bunaithe[111].

| Líon ball foirne | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon ball foirne chun naisc agus cinntí a phróiseáil de láimh | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 5.0 | 20.0 | 3.3 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 28.3 |
| **Iomlán Theideal 1 - Gníomhairí ar conradh** | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 5.0 | 20.0 | 3.3 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 28.3 |
| **Iomlán Theideal 1 - Gníomhairí sealadacha** | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| **Iomlán Theideal 1** | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 5.0 | 20.0 | 3.3 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 28.3 |

.

3.2.3.2. Achoimre Europol

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | 0 | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0,000 | 0,070 | 0,070 | 0,560 | 0,560 | 0,560 | 0,560 | 0,560 | 0,560 | 3,500 |
| Foireann shealadach | 0,690 | 1,932 | 1,932 | 0,621 | 0,621 | 0,414 | 0,414 | 0,414 | 0,414 | 7,452 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,690** | **2,002** | **2,002** | **1,181** | **1,181** | **0,974** | **0,974** | **0,974** | **0,974** | **10,952** |

Déanfar meastachán ar na costais sin ar bhonn an lín foirne seo:

| Líon na gCoibhéiseanna Lánaimseartha le haghaidh TFC | **2019** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

[111] Tá an líon foirne a luaitear do 2020 agus níos déanaí táscach agus caithfear a mheas cé acu atá an líon sin sa bhreis ar réamhaisnéis do bhaill foirne na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta mar a leagtar amach in COM(2015) 671 nó nach bhfuil.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne ar conradh | 0,0 | 1,0 | 1,0 | 8,0 | 8,0 | 8,0 | 8,0 | 8,0 | 8,0 | 50,0 |
| Foireann shealadach | 5,0 | 14,0 | 14,0 | 4,5 | 4,5 | 3,0 | 3,0 | 3,0 | 3,0 | 54,0 |
| **Líon iomlán na mball foirne (FTE)** | **5,0** | **15,0** | **15,0** | **12,5** | **12,5** | **11,0** | **11,0** | **11,0** | **11,0** | **104,0** |

Táthar ag súil leis go gcuirfear foireann bhreise TFC ar fáil do Europol chun córais faisnéise Europol a neartú chun riar don líon méadaithe cuardach a dhéanfaidh an tairseach cuardaigh Eorpach agus ETIAS agus, dá éis sin, chun na córais a chothabháil ar bhonn 24/7.

- Maidir le céim cur chun feidhme na tairsí cuardaigh Eorpaí ( in 2020 agus 2021), is gá saineolaithe teicniúla (ailtirí, innealtóirí, forbróirí, tástálaithe) a earcú chomh maith. Tá gá le líon laghdaithe saineolaithe teicniúla sna blianta 2022 ar aghaidh chun an chuid eile de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme agus chun na córais a chothabháil.
- Amhail ón dara leath de 2021, is gá riachtanais faireacháin chórais TFC a chur chun feidhme ar bhonn 24/7 chun leibhéil seirbhíse na tairsí cuardaigh Eorpaí agus ETIAS a áirithiú. Déanfaidh beirt ghníomhairí ar conradh an obair sin agus beidh siad ag obair de réir ceithre sheal oibre ar bhonn 24/7.
- A mhéid is féidir, roinneadh na próifílí ar na gníomhairí sealadacha agus ar na gníomhairí ar conradh. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, gur gníomhairí sealadacha amháin is féidir a úsáid i roinnt cásanna mar gheall ar ardcheanglais slándála. Cuirfear san áireamh san iarratas a dhéanfar ar ghníomhairí sealadacha na torthaí ó idir-réiteach nós imeachta bhuiséad 2018.

3.2.3.3. Achoimre CEPOL

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | | | 0,070 | 0,070 | | | | | | **0,140** |
| Foireann shealadach | | 0,104 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 0,138 | 1,070 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **0,104** | **0,208** | **0,208** | **0,138** | **0,138** | **0,138** | **0,138** | **0,138** | **1,210** |

Is gá foireann bhreise mar go gcaithfear an oiliúint a chuirfear ar oiliúnóirí Ballstát a fhorbairt go sonrach d'fhonn a bheith in ann comhpháirteanna idir-inoibritheachta a úsáid faoi imthosca oibríochtúla.

– Ba cheart tús a chur le forbairt an churaclaim agus leis na módúil oiliúna ar a laghad 8 mí sula mbeadh an córas i bhfeidhm. Sa chéad dá bhliain tar éis a chur i bhfeidhm, is é sin an tráth oiliúna is déine. I bhfianaise na taithí a fuarthas i gcás córas faisnéise Schengen, is gá an oiliúint a chothabháil ar feadh tréimhse níos faide, áfach, chun cur chun feidhme comhleanúnach a áirithiú.

– Is gá an fhoireann bhreise chun an curaclam, cúrsaí cónaithe agus an cúrsa ar líne a ullmhú, a chomhordú agus a chur chun feidhme. Ní féidir na cúrsaí sin a chur chun feidhme ach amháin i dteannta chatalóg oiliúna CEPOL atá ann cheana, agus is gá foireann bhreise a earcú dá bhrí sin.

– Tá sé beartaithe go mbeidh aon bhainisteoir cúrsaí amháin i gcáil gníomhaire sealadach ag feidhmiú ar feadh chéim na forbartha agus na cothabhála agus tabharfaidh gníomhaire ar conradh amháin tacaíocht don bhainisteoir sin sa tráth is déine eagrúchán oiliúna.

3.2.3.4. Achoimre eu-LISA

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0,875 | 1,400 | 1,855 | 2,555 | 2,415 | 2,170 | 2,100 | 2,100 | 2,100 | 17,570 |
| Foireann shealadach | 2,001 | 3,450 | 4,347 | 4,347 | 4,209 | 3,312 | 3,036 | 3,036 | 3,036 | 30,774 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **2,876** | **4,850** | **6,202** | **6,902** | **6,624** | **5,482** | **5,136** | **5,136** | **5,136** | **48,344** |

- Cuirfear san áireamh sna riachtanais foirne gur punann tionscadal ag a bhfuil spleáchais (i.e. clár) iad na ceithre chomhpháirt agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh le chéile. Cuirfear foireann bainistithe cláir ar bun ina mbeidh na bainisteoirí clár, tionscadal agus na próifílí (ar a dtugtar ailtirí go minic) nach mór na heilimintí coiteanna eatarthu a shainiú chun na spleáchais idir tionscadail a bhainistiú. Is gá próifílí le haghaidh tacaíocht clár agus tionscadal chun an clár/an tionscadal a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh meastachán ar na riachtanais foirne do gach tionscadal trí fhéachaint ar thionscadail a rinneadh roimhe seo (an Córas Faisnéise Víosaí) agus trí idirdhealú a dhéanamh idir céim chur chun críche an tionscadail agus céim oibríochtúil an tionscadail.
- Earcófar na próifílí, nach mór fanacht i mbun oibre le linn chéim na n-oibríochtaí, mar ghníomhairí sealadacha. Earcófar na próifílí a bheidh ag teastáil le linn an clár/tionscadal a fheidhmiú, mar ghníomhairí ar conradh. Roinntear líon na bpost beagnach 50/50 ar ghníomhairí sealadacha agus ar ghníomhairí ar conradh chun leanúnachas na gcúraimí a áirithiú, mar a bheifeá ag súil leis, agus chun an t-eolas a choinneáil laistigh den Ghníomhaireacht.
- Táthar ag súil leis nach mbeidh aon fhoireann bhreise de dhíth chun tabhairt faoi thionscadal ard-infhaighteachta ECRIS-TCN agus go mbainfear úsáid as foireann thionscadal eu-LISA agus foireann atá ann cheana agus atá i dtionscadail a bheidh tagtha chun críche sa tréimhse ama sin a athúsáid.
- **Glactar leis go ndéantar leathnú acmhainneachta SIS Láir a eisfhoinsiú den chuid is mó agus nach gá aon mhéadú ar bhaill foirne bhreise bhuana a chur san áireamh dá réir sin**

Tá na meastacháin sin bunaithe ar an líon ball foirne seo a leanas:

I gcás gníomhairí ar conradh:

| 3.2.1. aschuir eu-LISA<br>(Tá sé cothrom le T1) i dtaca le líon na ndaoine | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán (foirmle) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne ar conradh | | | | | | | | | | - |
| Bainistíocht an chláir/an tionscadail | 4.0 | 5.0 | 5.5 | 5.5 | 4.5 | 3.0 | 3.0 | 3.0 | 3.0 | 36.5 |
| *Bainistíocht thionscadal an lárstórais um thuairisciú agus staidreamh* | *1.0* | *0.5* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *1.5* |
| *An brathadóir ilchéannachtaí* | *0.0* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *2.0* |
| *Oifig an chláir/an tionscadail* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *14.0* |
| *Rialú cáilíochta* | *1.0* | *2.0* | *3.0* | *3.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *19.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Cúrsaí Airgeadais agus Soláthair | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| *Bainistíocht airgeadais* | | | | | | | | | | *0.0* |
| *Pleanáil agus rialú buiséadach* | | | | | | | | | | *0.0* |
| *Bainistíocht soláthair/conarthaí* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Saineolaithe teicniúla | 7.0 | 7.0 | 7.0 | 7.0 | 6.0 | 5.0 | 5.0 | 5.0 | 5.0 | 54.0 |
| *An lárstóras um thuairisciú agus staidreamh* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *22.0* |
| *An tairseach cuardaigh Eorpach* | *4.0* | *4.0* | *4.0* | *4.0* | *4.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *32.0* |
| *An tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An stóras coiteann sonraí céannachta* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An stóras coiteann sonraí céannachta* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Tástáil | 1.5 | 3.0 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 3.0 | 2.0 | 2.0 | 2.0 | 25.5 |
| *An lárstóras um thuairisciú agus staidreamh* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *6.0* |
| *An tairseach cuardaigh Eorpach* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An stóras coiteann sonraí céannachta* | *0.5* | *1.0* | *2.0* | *2.5* | *2.5* | *1.5* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *13.0* |
| *An brathadóir ilchéannachtaí* | *0.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *6.5* |
| | | | | | | | | | | |
| Faireachán a dhéanamh ar an gcóras | 0.0 | 5.0 | 10.0 | 20.0 | 20.0 | 20.0 | 20.0 | 20.0 | 20.0 | 135.0 |
| *Coiteann (24:7)* | 0.0 | *5.0* | *10.0* | *20.0* | *20.0* | *20.0* | *20.0* | *20.0* | *20.0* | *135.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Comhordú ginearálta | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| | | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| *HR* | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | *0.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán na nGníomhairí ar Conradh | 12.5 | 20.0 | 26.5 | 36.5 | 34.5 | 31.0 | 30.0 | 30.0 | 30.0 | 251.0 |

I gcás gníomhairí sealadacha:

| Baill foirne shealadacha | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bainistíocht clár/tionscadal | 3.0 | 4.0 | 5.5 | 5.5 | 5.5 | 4.5 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 40.0 |
| *Bainisteoir clár* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *9.0* |
| *Bainistíocht an chláir* | *0.0* | *0.0* | *1.0* | *1.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *12.0* |
| *Oifig an chláir/an tionscadail* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *9.0* |
| *An tairseach cuardaigh Eorpach* | *0.5* | *1.0* | *1.0* | *0.5* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *3.0* |
| *An tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *1.0* | *1.0* | *0.5* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *4.0* |
| *An stóras coiteann sonraí céannachta* | *0.0* | *0.5* | *1.0* | *1.0* | *0.5* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *3.0* |
| *An brathadóir ilchéannachtaí* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Cúrsaí airgeadais agus soláthair | 3.0 | 3.0 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 34.0 |
| *Bainistíocht airgeadais* | *0.0* | *0.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *7.0* |
| *Pleanáil agus rialú buiséadach* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *9.0* |
| *Bainistíocht soláthair/conarthaí* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *18.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Saineolaithe teicniúla | 6.0 | 14.0 | 17.0 | 17.0 | 15.0 | 11.0 | 10.0 | 10.0 | 10.0 | 110.0 |
| *An lárstóras um thuairisciú agus staidreamh* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An tairseach cuardaigh Eorpach* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha* | *2.0* | *3.0* | *5.0* | *5.0* | *5.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *32.0* |
| *An stóras coiteann sonraí céannachta* | *2.0* | *5.0* | *5.0* | *5.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *32.0* |
| *Slándáil* | *1.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *17.0* |
| *An brathadóir ilchéannachtaí* | *0.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *2.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *12.0* |
| *Ailtirí* | *1.0* | *2.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *2.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *17.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Tástáil | 2.5 | 3.0 | 4.0 | 4.0 | 4.0 | 2.5 | 2.0 | 2.0 | 2.0 | 26.0 |
| *An lárstóras um thuairisciú agus staidreamh* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An tairseach cuardaigh Eorpach* | *0.5* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *0.5* | *6.5* |
| *An tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha* | *2.0* | *2.0* | *3.0* | *3.0* | *3.0* | *2.0* | *1.5* | *1.5* | *1.5* | *19.5* |
| *An stóras coiteann sonraí céannachta* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An brathadóir ilchéannachtaí* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Faireachán a dhéanamh ar an gcóras | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| *An lárstóras um thuairisciú agus staidreamh* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An tairseach cuardaigh Eorpach* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An stóras coiteann sonraí céannachta* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| *An brathadóir ilchéannachtaí* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* | *0.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Oiliúint | 0.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 8.0 |
| *Oiliúint* | *0.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *1.0* | *8.0* |
| | | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| *HR* | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | *0.0* |
| Eile | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 5.0 |
| *Speisialtóir cosanta sonraí* | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 | *5.0* |
| **Fo-iomlán na ngníomhairí sealadacha** | **14.5** | **25.0** | **31.5** | **31.5** | **30.5** | **24.0** | **22.0** | **22.0** | **22.0** | **223.0** |
| **Iomlán** | **27.0** | **45.0** | **58.0** | **68.0** | **65.0** | **55.0** | **52.0** | **52.0** | **52.0** | **474.0** |

*3.2.4. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.4.1. AS HOME: Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna AS HOME | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,690 | 0,276 | 0,276 | 0,276 | 4,968 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,323 | 0,263 | 0,263 | 0,263 | 2,727 |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 1,013 | 0,539 | 0,539 | 0,539 | 7,695 |
| **lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[112] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (gan úsáid) | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | | | |
| Caiteachas eilede chineál riaracháin | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlánlasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **1,013** | **0,539** | **0,539** | **0,539** | **7,695** |

112 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais Eorpaigh (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.4.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliai n **2021** | Bliain **2022** | Bliai n **2023** | Bliai n **2024** | Bliai n **2025** | Bliai n **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁ N** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **•Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | | | |
| 18 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) AS HOME | | 5,0 | 5,0 | 5,0 | 5,0 | 5,0 | 5,0 | 2,0 | 2,0 | 2,0 | 36,0 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | | | | |
| | **•Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[113] | | | | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **yy** 114 | - sa cheanncheathrú | | | | | | | | | | |
| | - toscaireachtaí | | | | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **5,0** | **5,0** | **5,0** | **5,0** | **5,0** | **5,0** | **2,0** | **2,0** | **2,0** | **36,0** |

**18** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

**Faireachán a dhéanamh ar an tionscadal agus an obair leantach**. Triúr oifigeach le hearcú le haghaidh an obair iardain. Pléann an fhoireann le cúraimí an Choimisiúin i dtaca leis an gclár a sholáthar: a sheiceáil go bhfuil an tionscadal ag comhlíonadh an togra dlí, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhlíontachta, tuarascálacha a ullmhú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, dul chun cinn na mBallstát a mheasúnú. Is gá foireann bhreise mar gur gníomhaíocht bhreise é an clár i gcomparáid le hualaigh oibre atá ann cheana. Tá an méadú ar an bhfoireann seo teoranta ó thaobh fad tréimhse de agus ní chumhdófar ach an tréimhse forbartha.

**An Fhormáid Uilíoch Teachtaireachta a Bhainistiú**

[113] CA = Ball foirne ar conradh; LA = Ball foirne áitiúil; SNE = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

[114] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

Déanfaidh an Coimisiún caighdeán na formáide uilíoch teachtaireachta a bhainistiú ó lá go lá. Is gá beirt oifigeach chun na críche sin: duine amháin mar shaineolaí forfheidhmithe dlí agus duine eile a bhfuil eolas maith aige ar shamhaltú gnó agus ar chúrsaí TCF chomh maith.

Ba cheart a bhunú leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta caighdeán le haghaidh malartú struchtúrtha, trasteorann faisnéise idir córais faisnéise, údaráis agus/nó eagraíochtaí i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile. Sainítear leis an bhformáid uilíoch teachtaireachta stór focal coiteann agus struchtúir loighciúla le haghaidh faisnéis arna malartú go comhpháirteach d'fhonn an idir-inoibritheacht a éascú trí chruthú agus léamh inneachar an mhalartaithe a chumasú ar bhealach comhsheasmhach atá coibhéiseach ó thaobh na séimeantaice de.

D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an fhormáid uilíoch teachtaireachta a chur chun feidhme, tá sé beartaithe go dtabharfar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

*3.2.5. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

- ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.
- ☒ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br>Is é an Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha an ionstraim airgeadais a ndearnadh an buiséad i ndáil le cur chun feidhme an tionscnaimh idir-inoibritheachta a chur san áireamh inti.<br>Déantar foráil in Airteagal 5(b) go bhfuil EUR 791 milliún le cur chun feidhme trí chlár chun córais TF a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chórais TF atá ann cheana agus/nó córais TF nua a thacaíonn le bainistiú sreabh imirce thar theorainneacha seachtracha faoi réir na gníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais a ghlacadh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15. As an EUR 791 milliún sin, forchoimeádtar EUR 480.2 milliún chun EES a fhorbairt, EUR 210 milliún le haghaidh ETIAS agus EUR 67.9 milliún chun athbhreithniú a dhéanamh ar SIS II. Bainfear úsáid as sásraí ISF-B chun an fuílleach (EUR 32,9 milliún) a ath-leithdháileadh. **Tá EUR 32.1 milliún de dhíth ar an togra seo le haghaidh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha atá ag teacht leis an mbuiséad atá fágtha**. **Tá an caiteachas don tréimhse 2021 - 2027** ~~cumhdaítear~~ **i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil an 2 Bealtaine 2018.** |

Is as an mbileog ríomha seo a leanas a baineadh an chonclúid atá sa bhosca thuas faoin méid 32.1 milliún **le haghaidh caiteachais** atá de dhíth **faoi Cheannteideal 3 an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil in 2019-2020**:

| GEALLTANAIS | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas AS HOME | | | | | | | | | | |
| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán (cothrománach) |
| 18 02 01 03 - Teorainneacha Cliste (lena gcumhdaítear an tacaíocht do na Ballstáit) | 0 | 0 | 43.150 | 48.150 | 45.000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 136.300 |
| Iomlán (1) | 0 | 0 | 43.150 | 48.150 | 45.000 | 0 | 0 | 0 | 0 | 136.300 |
| | | | | | | | | | | |
| 18.0207 -3.2 - eu-LISA | | | | | | | | | | |
| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán (foirmle) |
| T1: Caiteachas ball foirne | 2.876 | 4.850 | 6.202 | 6.902 | 6.624 | 5.482 | 5.136 | 5.136 | 5.136 | 48.344 |
| T2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | 0.136 | 0.227 | 0.292 | 0.343 | 0.328 | 0.277 | 0.262 | 0.262 | 0.262 | 2.389 |
| T3: Caiteachas Oibríochtúil | 2.818 | 11.954 | 45.249 | 37.504 | 22.701 | 14.611 | 13.211 | 13.131 | 13.131 | 174.309 |
| Iomlán (2) | 5.830 | 17.031 | 51.743 | 44.749 | 29.653 | 20.370 | 18.609 | 18.529 | 18.529 | 225.041 |
| | | 22.861 | | | | | | | 202.181 | 225.041 |
| | | | | | | | | | | |
| 18.02.04 -3.2. Europol | | | | | | | | | | |
| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán (foirmle) |
| T1: Caiteachas ball foirne | 0.690 | 2.002 | 2.002 | 1.181 | 1.181 | 0.974 | 0.974 | 0.974 | 0.974 | 10.952 |
| T2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| T3: Caiteachas Oibríochtúil | 0 | 6.380 | 6.380 | 2.408 | 2.408 | 2.408 | 7.758 | 7.758 | 2.408 | 37.908 |
| Iomlán (3) | 0.690 | 8.382 | 8.382 | 3.589 | 3.589 | 3.382 | 8.732 | 8.732 | 3.382 | 48.860 |
| | | 9.072 | | | | | | | 39.788 | 48.860 |
| | | | | | | | | | | |
| -3.2. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) | | | | | | | | | | |
| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán (foirmle) |
| T1: Caiteachas ball foirne | 0 | 0.104 | 0.208 | 0.208 | 0.138 | 0.138 | 0.138 | 0.138 | 0.138 | 1.210 |
| T2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| T3: Caiteachas Oibríochtúil | 0 | 0.040 | 0.176 | 0.274 | 0.070 | 0.070 | 0.070 | 0.070 | 0.070 | 0.840 |
| Iomlán (4) | 0 | 0.144 | 0.384 | 0.482 | 0.208 | 0.208 | 0.208 | 0.208 | 0.208 | 2.050 |
| | | 0.144 | | | | | | | 1.906 | 2.050 |
| | | | | | | | | | | |
| -3.2. Frontex- An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta | | | | | | | | | | |
| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán (foirmle) |
| T1: Caiteachas ball foirne | 0 | 0 | 0 | 0.350 | 1.400 | 0.233 | 0 | 0 | 0 | 1.983 |
| T2: Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil | 0 | 0 | 0 | 0.075 | 0.300 | 0.050 | 0 | 0 | 0 | 0.425 |
| T3: Caiteachas Oibríochtúil | 0 | 0 | 0 | 0.183 | 2.200 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2.383 |
| Iomlán (5) | 0 | 0 | 0 | 0.608 | 3.900 | 0.283 | 0 | 0 | 0 | 4.792 |
| | | 0 | | | | | | | 4.792 | 4.792 |
| | | | | | | | | | | |
| IOMLÁN (1)+(2)+(3) +(4) +(5) | 6.520 | 25.556 | 103.659 | 97.378 | 82.350 | 24.243 | 27.549 | 27.469 | 22.119 | 417.043 |
| | | 32.076 | | | | | | | 384.966 | |
| | | | | | | | | | | |
| 3.2. AS HOME Ceannteideal 5 "Caiteachas riaracháin" | | | | | | | | | | |
| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
| Iomlán (6) | 1.013 | 1.013 | 1.013 | 1.013 | 1.013 | 1.013 | 0.539 | 0.539 | 0.539 | 7.695 |
| | | | | | | | | | | |
| IOMLÁN (1)+(2)+(3)+(4)+(5)+(6) | 7.533 | 26.569 | 104.672 | 98.391 | 83.363 | 25.256 | 28.088 | 28.008 | 22.658 | 424.738 |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

*3.2.6. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– **Ní dhéantar** foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☒ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[115] | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
| Airteagal 6313 - Ranníocaíocht ó thíortha comhlachaithe Schengen (CH, NO, LI, IS)………. | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá "sannta", sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

18.0207

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

Áireofar sa bhuiséad ranníocaíocht ó thíortha atá comhlachaithe le acquis Schengen agus na bearta gaolmhara Eurodac a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt faoi mar a leagtar amach sna comhaontuithe faoi seach.

[115] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh shiúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.